AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2021
COM(2021) 589 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

i dtaca le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus prótacal cur chun feidhme an chomhaontaithe sin

IARSCRÍBHINN I

COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA

maidir le hiascaigh inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine

Tá AN tAONTAS EORPACH,

Dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta, agus

POBLACHT IOSLAMACH NA MÁRATÁINE,

Dá ngairtear 'an Mháratáin' anseo feasta,

Dá ngairtear i dteannta a chéile 'na Páirtithe' agus 'an Páirtí' ina n-aonar;

I bhFIANAISE an dlúthchaidrimh oibre idir an tAontas agus an Mháratáin, go háirithe i gcomhthéacs Chomhaontú Cotonou lena mbunaítear dlúthchaidreamh oibre idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Mháratáin, den pháirt eile, nó i gcomhthéacs an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus tíortha ACC a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou ar an dáta a chuirfear i bhfeidhm go sealadach é nó a thiocfaidh sé i bhfeidhm, agus an mhian fhrithpháirteach atá acu an caidreamh sin a threisiú;

TIOMANTA do chomhlíonadh docht an dlí idirnáisiúnta agus chearta bunúsacha an duine agus, ag an am céanna, sochair fhrithpháirteacha a áirithiú do na Páirtithe lena mbaineann;

AG FÉACHAINT DO Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) a tugadh i gcrích in Montego Bay in 1982;

FEASACH ar thábhacht na bprionsabal a leagtar síos leis an gCód Iompair d'Iascaigh Fhreagracha a glacadh ag Comhdháil na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO) in 1995;

AG AITHINT a thábhachtaí atá an Comhaontú maidir le Bearta Stát Calafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú, agus rún acu na bearta uile is gá a dhéanamh chun é a chur chun feidhme go héifeachtach;

AGUS RÚN DAINGEAN ACU na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag na heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha bainistithe iascaigh a bhfuil ballraíocht ag na Páirtithe iontu a chur i bhfeidhm;

AGUS É MAR AIDHM ACU, chun na gcríoch sin, comhairle eolaíoch ábhartha atá ar fáil agus pleananna bainistíochta ábhartha arna nglacadh ag na heagraíochtaí inniúla réigiúnacha bainistithe iascaigh a chur san áireamh

d’fhonn inbhuanaitheacht chomhshaoil na ngníomhaíochtaí iascaireachta a áirithiú agus d’fhonn rialachas aigéan a chur chun cinn go hidirnáisiúnta;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU, chun na gcríoch sin, idirphlé a chur ar bun faoi ábhair amhail rialachas iascach, an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus gníomhaíochtaí iascaireachta a rialú agus faireachán agus faireachas a dhéanamh orthu;

AG DÍRIÚ ar rochtain ar an limistéar iascaireachta a bheith i gcomhréir le gníomhaíocht chabhlach iascaireachta an Aontais agus go bhfaighidh an cabhlach Eorpach cion iomchuí d’acmhainní iascaigh barrachais, faoi na coinníollacha teicniúla céanna iascaireachta a bhfuil feidhm acu maidir leis na cabhlaigh uile;

ÓS DEIMHIN LEO nach mór don chomhpháirtíocht a bheith bunaithe ar bhearta atá comhlántach agus lena n-áirithítear comhsheasmhacht agus sineirgíocht iarrachta, cibé acu a ghlac na Páirtithe iad i gcomhpháirt nó ar leithligh;

TAR ÉIS CINNEADH, faoi chuimsiú bheartas earnála iascaigh na Máratáine, an chomhpháirtíocht a chur chun cinn d’fhonn, go háirithe, na modhanna is iomchuí a shainaithint chun a áirithiú go gcuirfear an beartas sin chun feidhme go héifeachtach agus go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach sa phróiseas;

AG FÉACHAINT leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagan síos maidir le rochtain a bheith ag soithí an Aontais ar an limistéar iascaireachta, agus acmhainn iascaireachta na gcabhlach a oibríonn sa chrios á cur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar speicis áirithe ar speicis traslimistéir agus mórimirceach iad;

FEASACH ar an ról atá ag earnáil an iascaigh mhara agus ag tionscail ghaolmhara i bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta na Máratáine agus i réigiúin éagsúla an Aontais;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU comhar eacnamaíoch agus sóisialta níos dlúithe a shaothrú d’fhonn iascaigh inbhuanaithe a bhunú agus a neartú agus rannchuidiú le rialachas feabhsaithe aigéan, lena n-áirítear trí infheistíochtaí a fhorbairt i gcomhréir le cuspóirí forbartha na Máratáine agus baint a bheith ag fiontair na bPáirtithe leo;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) ciallaíonn ‘údaráis na Máratáine’ an Aireacht Iascaigh agus Geilleagair Mhuirí;

(b) ciallaíonn ‘údaráis an Aontais’ an Coimisiún Eorpach;

(c) ciallaíonn ‘Comhaontú’ an Comhaontú Comhpháirtíochta seo maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, an Prótacal lena ndéantar an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine a chur chun feidhme agus na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis;

(d) ciallaíonn ‘gníomhaíocht iascaireachta’ cuardach éisc, lámhach, socrú, tarraingt, tarlú an trealaimh iascaireachta, gabháil a thabhairt ar bord, éisc agus táirgí iascaigh a thrasloingsiú, a choimeád ar bord, a phróiseáil ar bord, a aistriú, a chur i ngaiste, a ramhrú agus a thabhairt i dtír;

(e) ciallaíonn ‘soitheach iascaireachta’ soitheach ar bith atá feistithe le haghaidh saothrú tráchtála a dhéanamh ar acmhainní bitheolaíocha muirí;

(f) ciallaíonn ‘soitheach de chuid an Aontais’ soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Ballstáit de chuid an Aontais ar foluain air agus atá cláraithe san Aontas;

(g) ciallaíonn ‘úinéir soithigh’ an duine atá freagrach go dlíthiúil as soitheach iascaireachta agus atá i gceannas air agus á rialú;

(h) ciallaíonn ‘limistéar iascaireachta’ na huiscí atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Phoblacht Ioslamach na Máratáine. Is sna limistéir ina bhfuil iascaireacht údaraithe faoi dhlí na Máratáine, amháin, a dhéanfaidh soithí an Aontais na gníomhaíochtaí iascaireachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo. Ní dhéanfaidh an sainmhíniú sin difear d’aon chaibidlíocht maidir le teormharcáil limistéir farraige na Stát cósta atá i dteorainn leis an limistéar iascaireachta nó do chearta tríú tíortha i gcoitinne;

(i) ciallaíonn ‘limistéar bainistíochta’ limistéar gníomhaíochta arna theormharcáil ag comhordanáidí geografacha, de réir cineálacha ceadaithe trealaimh nó speicis údaraithe;

(j) ciallaíonn ‘údarú iascaireachta’ ceadúnas iascaireachta arna eisiúint ag údaráis na Máratáine do shoitheach iascaireachta de chuid an Aontais, lena dtugtar an ceart chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sa limistéar iascaireachta;

(k) ciallaíonn ‘stoc’ acmhainn bhitheolaíoch mhara a fhaightear i limistéar ar leith;

(l) ciallaíonn ‘táirgí iascaigh’ orgánaigh uisceacha a ghabhtar mar thoradh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta;

(m) ciallaíonn ‘táirgí dobharshaothraithe’ orgánaigh uisceacha a eascraíonn as gníomhaíochtaí dobharshaothraithe, ag céim ar bith dá saolré, nó na táirgí a fhaightear uathu sin;

(n) ciallaíonn ‘an earnáil iascaigh’ an earnáil den gheilleagar a chuimsíonn gach gníomhaíocht táirgthe, phróiseála agus mhargaíochta a bhaineann le táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe;

(o) ciallaíonn ‘deis iascaireachta’ teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta, arna léiriú i dtéarmaí gabhálacha nó líon soithí;

(p) ciallaíonn ‘iascaireacht inbhuanaithe’ iascaireacht i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar síos leis an gCód Iompair maidir le hIascach Freagrach a glacadh ag Comhdháil FAO in 1995.

Airteagal 2

Ábhar

Bunaítear leis an gComhaontú seo creat le haghaidh rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais, lena leagtar síos an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na coinníollacha faoina bhféadfaidh soithí an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta;

(b) comhar eacnamaíoch agus airgeadais in earnáil an iascaigh d’fhonn comhpháirtíocht a bhunú chun tacú le hearnáil an iascaigh agus chun rialachas na n-aigéan a neartú;

(c) comhar riaracháin chun an ranníocaíocht airgeadais a chur chun feidhme, mar a shainmhínítear in Airteagal 13(2)(b) agus (c);

(d) comhar eolaíoch agus teicniúil d’fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa limistéar iascaireachta a áirithiú agus d’fhonn earnáil an iascaigh a fhorbairt;

(e) comhar maidir le bearta rialaithe agus faireachais chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí sa limistéar iascaireachta, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha atá i bhfeidhm agus chun a ráthú maidir le bearta atá dírithe ar acmhainní iascaigh a chaomhnú agus ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a bhainistiú go mbeidh siad éifeachtach, go háirithe d’fhonn iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac.

Airteagal 3

Prionsabail agus cuspóirí maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo

1. Geallann na Páirtithe go gcuirfidh siad iascaireacht inbhuanaithe chun cinn sa limistéar iascaireachta ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir na cabhlaigh éagsúla a bheidh i láthair sa limistéar sin.

2. Geallann údaráis na Máratáine go n-áiritheoidh siad rochtain ar an limistéar iascaireachta i gcomhréir le gníomhaíocht chabhlach iascaireachta an Aontais. Is de thiomantas na Máratáine a áirithiú go bhfaighidh an loingeas Eorpach cion iomchuí d'acmhainní iascaigh barrachais. Is iad na coinníollacha iascaireachta agus rochtana teicniúla céanna a bhfuil feidhm acu maidir leis na cabhlaigh uile a thabharfar don chabhlach Eorpach.

3. Ar mhaithe le trédhearcacht, geallann an Mháratáin faisnéis a phoibliú agus a mhalartú maidir le haon chomhaontú lena n-údaraítear soithí eachtracha ina limistéar iascaireachta agus maidir leis an iarracht iascaireachta a eascraíonn as, go háirithe líon na n-údaruithe iascaireachta a eisíodh, na gabhálacha a tuairiscíodh agus na limistéir iascaireachta údaraithe.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe nach ngabhfaidh soithí iascaireachta an Aontais ach an barrachas gabhála incheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 62(2) agus (3) de UNCLOS, arna shainaithint, ar bhealach soiléir agus trédhearcach, ar bhonn comhairle eolaíoch a bheidh ar fáil agus ar bhonn faisnéis ábhartha arna malartú idir na Páirtithe maidir leis an iarracht iascaireachta iomlán arna déanamh ag na cabhlaigh uile a oibríonn sa limistéar iascaireachta ar na stoic lena mbaineann.

5. I ndáil le stoic éisc traslimistéir nó mhórimirceacha, tabharfaidh na Páirtithe aird chuí ar mheasúnuithe eolaíocha a dhéantar ar an leibhéal réigiúnach, agus ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag eagraíochtaí ábhartha réigiúnacha bainistithe iascaigh, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na hacmhainní a mbeidh rochtain ar fáil orthu.

6. Geallann na Páirtithe go gcuirfidh siad an Comhaontú chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chomhaontú Comhpháirtíochta Cotonou, nó leis an airteagal comhfhreagrach den chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus tíortha ACC a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou ar an dáta a chuirfear i bhfeidhm go sealadach é nó a thiocfaidh sé i bhfeidhm, maidir leis na gnéithe bunúsacha de chearta an duine, de phrionsabail an daonlathais agus den smacht reachta, agus maidir le gnéithe bunúsacha an dea-rialachais.

7. Geallann na Páirtithe go ndéanfaidh siad, chun a leas coiteann a dhéanamh, dlúth-idirphlé a bhunú, comhairliúchán a éascú agus a chéile a chur ar an eolas, go háirithe, faoi chur chun feidhme an bheartais earnála iascaigh agus an rialachais aigéan.

8. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile sula ndéanfaidh siad aon chinneadh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais faoin gComhaontú seo.

9. Geallann na Páirtithe go n-áiritheoidh siad go mbeidh an Dearbhú ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le prionsabail agus cearta bunúsacha ag an obair infheidhme go hiomlán maidir leis na maraithe uile a chlárófar ar shoithí an Aontais, go háirithe maidir le saoirse comhlachais, cómhargáil agus idirdhealú a dhíothú i ndáil le fostaíocht agus gairm bheatha.

10. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar freisin chun meastóireachtaí ex ante, leanúnacha agus ex post a dhéanamh ar bhearta, ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme ar bhonn an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 4

Rochtain ag soithí an Aontais ar an limistéar iascaireachta

Geallann údaráis na Máratáine go ndéanfaidh siad soithí an Aontais a údarú chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Airteagal 5

Coinníollacha maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a chur i gcrích agus clásal eisiachais

1. Ní fhéadfaidh soithí an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta a chumhdaítear leis an gComhaontú seo ach amháin má tá údarú iascaireachta acu arna eisiúint faoin gComhaontú seo. Toirmeasctar aon ghníomhaíocht iascaireachta lasmuigh de chreat an Chomhaontaithe seo.

2. Is do shoithí an Aontais go heisiach a eiseoidh údaráis na Máratáine údaruithe iascaireachta faoin gComhaontú seo. Tá toirmeasc ar aon údarú iascaireachta a eisiúint do shoithí an Aontais nach dtagann faoi chuimsiú an chomhaontaithe seo, go háirithe i bhfoirm údaruithe díreacha.

3. Is mar a leagtar amach sa Phrótacal agus sna hIarscríbhinní agus sna Foscríbhinní a ghabhann leis a bheidh an nós imeachta maidir le húdarú iascaireachta a fháil i leith soithigh, maidir leis na táillí is infheidhme agus an modh íocaíochta atá le húsáid ag úinéirí soithí.

4. Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfar na coinníollacha agus na socruithe sin a chur chun feidhme mar is cuí trí bhíthin comhar riaracháin iomchuí idir a n-údaráis inniúla.

Airteagal 6

Dlíthe agus rialacháin lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta

1. D'fhonn creat rialála le haghaidh iascaireacht inbhuanaithe a áirithiú, comhlíonfaidh soithí an Aontais a oibríonn sa limistéar iascaireachta dlíthe agus rialacháin na Máratáine lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar sin, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo. Tabharfaidh údaráis na Máratáine fógra d'údaráis an Aontais maidir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin sula gcuirfear an Comhaontú seo i bhfeidhm.

2. Geallann an tAontas go ndéanfaidh sé gach beart is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh a chuid soithí an Comhaontú seo agus na dlíthe agus na rialacháin ar tugadh fógra fúthu, agus go gcuirfear na bearta faireacháin, rialaithe agus faireachais a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta faoin gComhaontú seo i bhfeidhm go héifeachtach.

3. Ní mór do shoithí an Aontais comhoibriú le húdaráis na Máratáine atá freagrach as faireachán, rialú agus faireachas.

4. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon chinneadh ginearálta a bhféadfadh baint a bheith aige le gníomhaíochtaí shoithí an Aontais faoin gComhaontú seo. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile roimh ré faoi aon athruithe ar a mbeartas nó ar a reachtaíocht iascaigh faoi seach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais faoin gComhaontú seo.

5. Aon leasuithe ar an reachtaíocht a dhéanann difear do ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais sa limistéar iascaireachta, beidh siad in-fhorfheidhmithe i ndáil le soithí an Aontais ón 60ú lá tar éis d'údaráis an Aontais an fógra a fháil ón Máratáin, seachas cásanna eisceachtúla nach bhfuil feidhm ag an teorainn ama sin leo.

Airteagal 7

Comhpháirtíocht

Comhaontaíonn na Páirtithe a gcomhpháirtíocht a neartú, lena n-áirítear i réimsí an chomhair eolaíochta, an chomhair réigiúnaigh, an chomhair idir oibreoirí eacnamaíocha, an chomhair i réimse an fhaireacháin, an rialaithe agus an fhaireachais (MCS), an chomhraic i ndáil le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, agus an chomhair riaracháin lena ndírítear ar bheartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun feidhme.

Airteagal 8

Comhar eolaíoch

1. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun faireachán a dhéanamh ar staid na n-acmhainní sa limistéar iascaireachta agus geallann siad, chun na críche sin, go dtabharfaidh siad rochtain ar na sonraí a bheidh ar fáil. Chuige sin, bunófar comhchruinniú eolaíoch, a thionólfar uair sa bhliain i ngnáthsheisiún, san Aontas agus sa Mháratáin gach re seach.

2. Ar bhonn chonclúidí an chruinnithe eolaíoch agus i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile sa Chomhchoiste dá bhforáiltear in Airteagal 14 agus, i gcás inar gá agus trí chomhaontú frithpháirteach, déanfaidh siad bearta chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a áirithiú.

3. Geallann na Páirtithe go rachaidh siad i gcomhairle lena chéile, go díreach nó laistigh de na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní bitheolaíocha a bhainistiú agus a chaomhnú agus chun comhoibriú i ndáil le taighde eolaíoch sa réimse sin.

Airteagal 9

Comhar réigiúnach

1. Geallann na Páirtithe go rachaidh siad i gcomhar laistigh de na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBIanna) agus de na heagraíochtaí réigiúnacha iascaigh a bhfuil ballraíocht acu iontu chun caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha a chur chun cinn agus chun a áirithiú nach mbeidh an t-éiceachóras muirí thíos leis mar gheall ar ghníomhaíochtaí iascaireachta.

2. Geallann na Páirtithe freisin, i gcomhthéacs chruinnithe ERBInna agus eagraíochtaí réigiúnacha iascaigh a bhfuil ballraíocht acu iontu, go rachaidh siad i gcomhairle lena chéile go rialta roimh na cruinnithe sin agus lena linn, lena n-áirítear maidir leis an bhféidearthacht tograí comhpháirteacha a chur isteach laistigh de na heagraíochtaí sin.

Airteagal 10

Comhar idir oibreoirí eacnamaíocha

1. Spreagfaidh na Páirtithe comhar eacnamaíoch, eolaíoch agus teicniúil in earnáil an iascaigh agus in earnálacha gaolmhara. Rachaidh siad i gcomhairle lena chéile chun na bearta éagsúla a d'fhéadfaí a dhéanamh chuige sin a éascú agus a chur chun cinn.

2. Geallann na Páirtithe go ndéanfaidh siad malartú faisnéise a chur chun cinn maidir le teicníochtaí agus trealamh iascaireachta, modhanna caomhnaithe agus próiseáil thionsclaíoch táirgí iascaigh.

3. Féachfaidh na Páirtithe le dálaí a chruthú a bheidh fabhrach do chaidreamh a chur chun cinn idir a bhfiontair sna réimsí teicniúla, eacnamaíocha agus tráchtála, trí chabhrú le timpeallacht a chruthú a bheidh fabhrach d'fhorbairt gnó agus infheistíochta.

4. Spreagfaidh na Páirtithe infheistíochtaí, go háirithe, chun a leas coiteann a dhéanamh, i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Airteagal 11

Comhar i réimse an fhaireacháin, an rialaithe agus an fhaireachais agus an chomhraic in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte

1. Geallann na Páirtithe go n-oibreoidh siad i gcomhar i réimse an fhaireacháin, an rialaithe agus an fhaireachais ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta agus iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac d'fhonn iascaireacht inbhuanaithe a bhunú.

2. Áiritheoidh an Mháratáin go ndéanfar na forálacha rialaithe iascaigh dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo agus sa Phrótacal a ghabhann leis a chur chun feidhme go héifeachtach. Oibreoidh soithí an Aontais i gcomhar le húdaráis na Máratáine atá freagrach as an rialú sin a dhéanamh.

GEALLTANAIS AGUS OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA

Airteagal 12

Comhar riaracháin

Chun a áirithiú go mbeidh éifeacht le bearta chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

– comhar riaracháin a chur ar bun d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh soithí an Aontais forálacha an Chomhaontaithe seo;

– oibriú i gcomhar chun iascaireacht neamhdhleathach a chosc agus a chomhrac, go háirithe trí fhaisnéis a mhalartú agus trí dhlúthchomhar riaracháin.

Airteagal 13

Ranníocaíocht airgeadais

1. Sainítear an ranníocaíocht airgeadais sa Phrótacal agus san Iarscríbhinn agus sna Foscríbhinní a ghabhann leis.

2. Beidh an méid seo a leanas sa ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1:

(a) cúiteamh airgeadais arna dheonú ag an Aontas as rochtain a bheith ag soithí an Aontais ar an limistéar iascaireachta;

(b) táillí a bheidh le híoc ag úinéirí shoithí an Aontais;

(c) tacaíocht earnála arna deonú ag an Aontas chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun feidhme, earnáil an iascaigh agus rialachas na n-aigéan a chur chun cinn, faoi réir clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil.

3. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais arna deonú ag an Aontas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos leis an bPrótacal.

4. Féadfaidh an Comhchoiste méid na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear i mír 2(a) a athbhreithniú sna cásanna seo a leanas:

(a) go laghdaítear na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí iascaireachta an Aontais, go háirithe chun na stoic lena mbaineann a bhainistiú, i gcás ina meastar gur gá sin chun acmhainní a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil; nó

(b) go méadaítear na deiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí an Aontais, i gcás ina gcomhaontaíonn an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil go gceadaítear amhlaidh mar gheall ar staid na n-acmhainní;

(c) go ndéantar an Comhaontú a fhionraí nó a fhoirceannadh mar a fhoráiltear in Airteagail 21 nó 22 den Chomhaontú seo.

5. Maidir leis an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 2(c) mar seo a leanas:

(a) beidh sí ar leithligh ó na híocaíochtaí a bhaineann le costais rochtana dá dtagraítear i mír 2(a) agus (b);

(b) déanfar í a chinneadh bunaithe ar na cuspóirí maidir le tacaíocht earnála a bheith á ngnóthú, agus an méid sin ag brath ar ghnóthú na gcuspóirí sin, i gcomhréir leis an bPrótacal agus leis an bpleanáil bhliantúil agus ilbhliantúil maidir lena chur chun feidhme.

6. Féadfaidh an Comhchoiste méid na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear i mír 2(c) a athbhreithniú i gcás ina ndéanfar athmheasúnú ar théarmaí na tacaíochta airgeadais chun an beartas earnála a chur chun feidhme.

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

Airteagal 14

An Comhchoiste

1. Cuirfear Comhchoiste ar bun a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe. Beidh sé freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus féadfaidh sé an Prótacal agus na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis a leasú.

2. Maidir leis an gComhchoiste:

(a) déanfaidh sé faireachán ar fheidhmíocht, léiriú agus feidhmiú an Chomhaontaithe seo;

(b) saineoidh sé clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(c) agus déanfaidh sé meastóireacht air;

(c) déanfaidh sé an t-idirchaidreamh is gá a sholáthar maidir le hábhair leasa choitinn a bhaineann le hiascaigh;

(d) gníomhóidh sé mar fhóram chun aon díospóidí de dhroim léiriú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a réiteach go cairdiúil.

3. Féadfaidh an Comhchoiste leasuithe ar an bPrótacal agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis a fhormheas maidir leis an méid seo a leanas:

(a) coigeartú na ndeiseanna iascaireachta agus, dá réir sin, coigeartú na ranníocaíochta airgeadais comhfhreagraí dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(a) agus (b);

(b) na socruithe maidir le tacaíocht earnála agus, dá réir sin, maidir leis an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(c);

(c) na dálaí agus na socruithe teicniúla faoina ndéanfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta;

(d) aon fheidhm eile a chinneann na Páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, a thabhairt di, lena n-áirítear maidir le hiascaireacht neamhdhleathach a chomhrac, comhar riaracháin agus rialachas aigéan.

4. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad, sa Mháratáin agus san Aontas gach re seach, nó a mhéid a chomhaontóidh na Páirtithe, agus is é an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú a dhéanfaidh cathaoirleacht. Tionólfaidh sé cruinniú speisialta arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.

Déanfar conclúidí chruinnithe an Chomhchoiste a thaifeadadh i miontuairiscí a shíneoidh na Páirtithe.

5. Féadfaidh an Comhchoiste cinntí a dhéanamh le malartú litreacha, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 15

Limistéar Feidhme

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo, de pháirt amháin, maidir leis na críocha atá faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus, den pháirt eile, maidir le críoch na Máratáine agus leis na huiscí faoi dhlínse na Máratáine.

Airteagal 16

Réiteach díospóidí

Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile maidir le aon díospóid a bhaineann le léiriú nó feidhmiú an Chomhaontaithe seo.

Airteagal 17

Stádas an Phrótacail, na nIarscríbhinní agus na bhFoscríbhinní

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo an Prótacal, na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis agus déanfar iad a rialú leis na forálacha críochnaitheacha seo freisin.

Airteagal 18

Teangacha agus teacht i bhfeidhm

Dréachtaíodh an Comhaontú seo sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis,, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus san Araibis, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun na críche sin curtha i gcrích acu.

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 19

Fad

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo go ceann 6 bliana ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm; déanfar é a athnuachan go hintuigthe, mura dtugtar fógra faoi fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal 22.

Airteagal 20

Cur i bhfeidhm sealadach

Nuair a shíneoidh na Páirtithe an Comhaontú seo, cuirfear i bhfeidhm go sealadach é sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm, ach amháin má chinneann ceachtar Páirtí, tráth an tsínithe, nár cheart go mbeadh feidhm shealadach ag an gComhaontú.

Airteagal 21

Fionraí

1. Féadfar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a fhionraí ar thionscnamh ceachtar de na Páirtithe nuair a bheidh ceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas i gceist:

(a) imthosca, seachas feiniméin nádúrtha, a thagann chun cinn nach bhfuil neart réasúnach ag ceann de na Páirtithe orthu agus ar imthosca iad de chineál a choiscfidh gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta;

(b) go n-éireoidh díospóid idir na Páirtithe maidir le léiriú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo;

(c) go ndéanfaidh ceann de na Páirtithe sárú ar fhorálacha an Chomhaontaithe seo, go háirithe Airteagal 3(6), maidir le hurraim do chearta an duine;

(d) go dtiocfaidh athrú suntasach ar an mbeartas earnála as ar lean tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo, rud a spreagfadh iarraidh ó cheann de na Páirtithe é a leasú.

2. Tabharfaidh an Páirtí lena mbaineann fógra i scríbhinn don Pháirtí eile maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a fhionraí agus beidh éifeacht leis an bhfionraí 3 mhí tar éis an fógra a fháil. Nuair a sheolfar an fógra sin cuirfear tús le comhairliúchán idir na Páirtithe d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar a ndíospóid laistigh de 3 mhí.

3. I gcás nach dtiocfar ar réiteach cairdiúil ar na difríochtaí agus go ndéantar an fionraí a chur i bhfeidhm, leanfaidh na Páirtithe de bheith ag dul i gcomhairle lena chéile d'fhonn teacht ar réiteach ar a ndíospóid. A luaithe a thiocfar ar réiteach den sórt sin, atosóidh cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus, mura gcomhaontófar a mhalairt, déanfar méid na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 13(2) a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis* de réir na tréimhse ar cuireadh an Comhaontú ar fionraí lena linn.

Airteagal 22

Foirceannadh

1. Féadfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh ar thionscnamh ceachtar de na Páirtithe i gceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:

(a) imthosca, seachas feiniméin nádúrtha, a thagann chun cinn nach bhfuil neart réasúnach ag ceann de na Páirtithe orthu agus ar imthosca iad de chineál a choiscfidh gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta;

(b) go dtiocfaidh laghdú ar na stoic lena mbaineann;

(c) go dtiocfaidh laghdú ar úsáid na ndeiseanna iascaireachta a dheonaítear do shoithí an Aontais;

(d) gur sáraíodh na gealltanais arna ndéanamh ag na Páirtithe maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chomhrac;

(e) go dtiocfaidh díospóid chun cinn idir na Páirtithe maidir le léiriú nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus nár thángthas ar réiteach cairdiúil uirthi laistigh de shé (6) mhí;

(f) go mainneoidh ceann de na Páirtithe an Comhaontú seo a chomhlíonadh;

(g) go dtiocfaidh athrú suntasach ar an mbeartas earnála as ar lean tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo, rud a spreag iarraidh ó cheann de na Páirtithe é a leasú, ar iarraidh é nár comhlíonadh laistigh de shé (6) mhí.

2. Tabharfaidh an Páirtí lena mbaineann fógra i scríbhinn faoi fhoirceannadh an Chomhaontaithe don Pháirtí eile agus beidh éifeacht leis 6 mhí tar éis an fógra a fháil, ach amháin má chinneann na Páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, síneadh a chur leis an tréimhse sin.

3. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile ón tráth a thabharfar fógra faoi fhoirceannadh d'fhonn teacht ar réiteach cairdiúil ar a ndíospóid laistigh de 6 mhí.

4. Déanfar íocaíocht na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 13 don bhliain ina dtagann an foirceannadh i bhfeidhm a laghdú go comhréireach agus *pro rata temporis*. Tiocfaidh laghdú den sórt sin i gceist freisin i gcás ina ndéanfaidh ceachtar den dá Pháirtí an cur i bhfeidhm sealadach a fhoirceannadh.

Airteagal 23

Athbhreithniú

Comhaontaíonn na Páirtithe an Comhaontú seo a athbhreithniú chun aon athruithe ar an gcreat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus

sóisialta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais a chur san áireamh.

Airteagal 24

Aisghairm

Aisghairtear an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine a tháinig i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2008.

PRÓTACAL

lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 1 den Chomhaontú, seachas mar a leasaítear thíos agus arna bhforlíonadh mar a leanas:

1. ciallaíonn 'Comhaontú Iascaigh' an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine;

2. ciallaíonn 'Prótacal' an Prótacal seo lena gcuirtear an Comhaontú Iascaigh agus na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis chun feidhme;

3. ciallaíonn 'tabhairt i dtír' aon chainníocht táirgí iascaigh atá ar bord soithigh iascaireachta a dhíluchtú ar tír;

4. ciallaíonn 'trasloingsiú' na táirgí iascaigh go léir atá ar bord soithigh, nó aon chuid díobh, a dhíluchtú chuig soitheach eile;

5. ciallaíonn 'breathnóir' aon duine atá údaraithe ag údarás náisiúnta, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn, chun gníomhaíocht iascaireachta a bhreathnú chun críocha eolaíocha;

6. ciallaíonn 'ceadúnas iascaireachta' údarú riaracháin arna eisiúint ag an Roinn d'úinéir an tsoithigh ar tháillí a íoc agus lena dtugtar an ceart iascaireacht a dhéanamh sa tréimhse ar deonaíodh ina leith é;

7. ciallaíonn 'deis iascaireachta' teidlíocht dhlíthiúil chainníochtaithe iascaireachta, arna léiriú i dtéarmaí gabhálacha agus/nó iarracht iascaireachta;

8. ciallaíonn 'oibreoir' duine nádúrtha nó dlítheanach a oibríonn nó a shealbhaíonn gnóthas atá ag tabhairt faoi ghníomhaíocht a bhaineann le céim ar bith de na slabhraí táirgthe, próiseála, margaíochta, dáilte agus miondíola ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;

9. ciallaíonn 'Toscaireacht' Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig an Máratáin;

10. ciallaíonn 'Aireacht' an Aireacht Iascaigh agus Geilleagair Mhuirí;

11. sainmhínítear ‘gníomhaire’ mar a shainmhínítear in Airteagal 538 de Chód Loingis Cheannaíochta Phoblacht Ioslamach na Máratáine.

Airteagal 2

Cuspóir

Is é is cuspóir don Phrótacal seo forálacha an Chomhaontaithe Iascaigh a chur chun feidhme trí na coinníollacha, go háirithe, maidir le rochtain a bheith ag soithí an Aontais ar limistéar iascaireachta na Máratáine, mar a shainítear in Airteagal 1(h) de, agus na forálacha maidir le cur chun feidhme na Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe, a leagan síos.

Airteagal 3

Deiseanna iascaireachta

1. Ó dháta chur i bhfeidhm an Phrótacail seo agus maidir leis an tréimhse a shainítear in Airteagal 20, beidh na deiseanna iascaireachta a dheonaítear faoi Airteagal 5 den Chomhaontú Iascaigh mar a leagtar síos sa tábla atá ag gabháil leis an bPrótacal seo agus i gcomhréir leis na coinníollacha a mhínítear sna bileoga sonraí atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal seo.

2. Beidh feidhm ag mír 1 faoi réir Airteagail 7, 10 agus 23 den Phrótacal seo.

3. Faoi Airteagal 5 den Chomhaontú Iascaigh, ní fhéadfaidh soithí an Aontais dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta ach amháin má tá údarú iascaireachta acu, i bhfoirm ceadúnais iascaireachta arna eisiúint faoin bPrótacal seo agus i gcomhréir leis an Iarscríbhinn agus leis na Foscríbhinní.

Airteagal 4

Iarracht fhoriomlán iascaireachta in uiscí na Máratáine agus trédhearcacht

1. Tabharfar rochtain ar acmhainní iascaigh i limistéir iascaireachta na Máratáine do chabhlaigh eachtracha sa mhéid go mbeidh barrachas ann de réir bhrí Airteagal 62 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige[1] agus tar éis acmhainn oibriúcháin chabhlaigh náisiúnta na Máratáine a chur san áireamh.

[1] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (le hiarscríbhinní, ionstraim chríochnaitheach agus *procès-verbaux* ceartúcháin na hionstraime críochnaithí dar dáta an 3 Márta 1986 agus an 26 Iúil 1993), a tugadh i gcrích in Montego Bay an 10 Nollaig 1982 – Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe an 16.11.1994, Imleabhar 1834, I-31363, lgh. 3-178.

2. I gcomhréir le dlí na Máratáine, is é Rialtas na Máratáine a shocróidh na cuspóirí a bheidh le baint amach i dtaca le forbairt agus bainistiú inbhuanaithe agus na gabhálacha iomlána incheadaithe maidir le gach iascach, tar éis comhairle a fháil ón gcomhlacht atá freagrach as taighde aigéaneolaíochta sa Mháratáin agus ó na heagraíochtaí inniúla réigiúnacha um bainistiú iascaigh.

3. Áiritheoidh an Prótacal seo go mbeidh rochtain tosaíochta ag cabhlaigh an Aontais ar na barrachais a bheidh ar fáil i limistéar iascaireachta na Máratáine. Is ó na barrachais a bheidh ar fáil a thiocfaidh na deiseanna iascaireachta a leithdháilfear ar chabhlaigh an Aontais, amhail a leagtar amach in Airteagal 3 den Phrótacal seo, agus beidh tosaíocht acu ar dheiseanna iascaireachta a leithdháilfear ar chabhlaigh eachtracha eile a údaraítear chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Máratáine.

4. Beidh feidhm ag na bearta teicniúla uile chun acmhainní a chaomhnú, a fhorbairt agus a bhainistiú, agus ag na socruithe airgeadais, táillí, ranníocaíocht airgeadais phoiblí agus aon chearta eile a bhfuil eisiúint údaruithe iascaireachta faoina réir, arna liostú maidir le gach iascach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal seo, maidir le gach cabhlach tionsclaíoch eachtrach a oibríonn i limistéir iascaireachta na Máratáine faoi choinníollacha teicniúla a bheidh cosúil leis na coinníollacha is infheidhme maidir le cabhlaigh an Aontais.

5. Geallann an Mháratáin aon chomhaontuithe poiblí nó príobháideacha lena dtugtar rochtain ar a limistéar iascaireachta do shoithí eachtracha a phoibliú, lena n-áirítear:

— na tíortha nó na heintitis eile atá rannpháirteach sa chomhaontú;

— an tréimhse/na tréimhsí a chumhdaítear faoin gcomhaontú;

— an líon soithí, agus na cineálacha trealaimh, a údaraítear;

— na speicis nó na stoic a n-údaraítear iascaireacht a dhéanamh orthu, agus aon teorainn ghabhála is infheidhme;

— na bearta tuairiscithe, faireacháin, rialaithe agus faireachais a cheanglaítear;

— cóip den chomhaontú i scríbhinn.

6. Chun críocha chur chun feidhme mhíreanna 4 agus 5 thuas, cuirfidh an Mháratáin, gach bliain, tuarascáil mhionsonraithe ar fáil don Aontas ina léireofar líon na n-údaruithe iascaireachta a tugadh do shoithí a mbíonn bratach tríú tíortha eile ar foluain acu maidir le gach catagóir iascaireachta, méideanna comhfhreagracha na ngabhálacha a údaraítear, na méideanna iarbhír a gabhadh agus na socruithe airgeadais agus teicniúla chun rochtain ar limistéar iascaireachta na Máratáine a chur ar fáil do na soithí sin. Scrúdóidh an Comhchoiste an tuarascáil sin agus féadfar í a chur ar fáil don Chomhchoiste Eolaíoch Neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 9.

7. Leagtar amach an teimpléad don tuarascáil dá dtagraítear i mír 6 in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Airteagal 5

Ranníocaíocht airgeadais

A. Ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana

1. Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 20, is EUR 57 500 000 in aghaidh na bliana a bheidh sa ranníocaíocht bhliantúil airgeadais le haghaidh rochtana dá dtagraítear in Airteagal 13(a) den Chomhaontú, gan dochar do mhíreanna 4 agus 6, agus faoi réir mhír 10.

2. Le haghaidh na chéad bhliana de chur i bhfeidhm an Phrótacail, íocfaidh an tAontas an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana ina dhá thráthchuid:

(a) íocfar méid EUR 50 000 000 tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail;

(b) íocfar méid EUR 7 500 000 laistigh de 60 lá tar éis don Chomhchoiste an plean bainistíochta do speicis pheiligeacha bheaga i limistéar iascaireachta na Máratáine dá dtagraítear in Airteagal 9(9) a fhormheas.

3. Don dara bliain den chur i bhfeidhm, íocfaidh an tAontas an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 tráth nach déanaí ná dáta comórtha chéad lá chur i bhfeidhm an Phrótacail.

4. Ón tríú bliain de chur i bhfeidhm an Phrótacail ar aghaidh, cinnfear an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7.

5. Do na blianta ina dhiaidh sin, íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana arna cinneadh i gcomhréir le mír 4 ina hiomláine tráth nach déanaí ná dáta comórtha chéad lá chur i bhfeidhm an Phrótacail.

6. Maidir le catagóirí iascaireachta 4 agus 5 (soithí tuinníní), i gcás ina sáraíonn na gabhálacha a rinne soithí tuinníní an Aontais i limistéar iascaireachta na Máratáine an tonnáiste tagartha a leagtar síos maidir le gach ceann de na catagóirí sin i bhFoscríbhinn 2, íocfaidh an tAontas méid EUR 45 le haghaidh gach tona breise a ghabhfar, de bhreis ar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, gan dochar don táille a bheidh le híoc ag úinéirí soithí a léirítear sna bileoga sonraí ábhartha. Ní foláir, áfach, nach rachaidh an méid arna íoc ag an Aontas i leith na gabhála farasbairr sin thar mhéid is ionann agus dhá oiread an tonnáiste tagartha chomhfhreagraigh. I gcás ina mbeidh na gabhálacha a dhéanfaidh soithí an Aontais

níos mó ná dhá oiread an tonnáiste tagartha chomhfhreagraigh, déanfar an méid atá dlite i ndáil leis an gcainníocht a bheidh de bhreis ar an teorainn sin a íoc an bhliain ina dhiaidh sin.

7. Tugtar na táillí is iníoctha ag úinéirí soithí in Iarscríbhinn 1 agus sna bileoga sonraí i bhFoscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal seo. Is úinéirí soithí a íocfaidh iad i gcomhréir le forálacha ábhartha Iarscríbhinn 1 agus Fhoscríbhinn 2.

8. Is le Státchiste Poiblí Phoblacht Ioslamach na Máratáine a íocfar an ranníocaíocht airgeadais ar an rochtain dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo. Iontrálfar i mbuiséad an Stáit í agus beidh sí faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta chun airgeadas poiblí na Máratáine a bhainistiú.

9. Gach bliain, tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an dáta ar a bhfuil an íocaíocht dlite, tabharfaidh údaráis na Máratáine fógra don Aontas maidir le sonraí na gcuntas bainc dá dtagraítear i mír 7.

10. Is iad údaráis na Máratáine amháin a bheidh freagrach as an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo a úsáid.

11. Beidh feidhm ag an Airteagal seo faoi réir Airteagail 7, 9, 10, 11 agus 13 den Phrótacal seo.

B. Ranníocaíocht airgeadais mar thacaíocht earnála

12. Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 20, is é seo a leanas an ranníocaíocht airgeadais iomlán a dheonóidh an tAontas mar thacaíocht earnála, amhail dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(b) den Chomhaontú: EUR 16 500 000. Is é an Comhchoiste a chinnfidh miondealú bliantúil an mhéid sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 8 agus in Iarscríbhinn 2.

13. Déanfaidh an Mháratáin agus an tAontas an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh go comhpháirteach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 8 agus in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal seo.

14. Íocfaidh an tAontas an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 12 i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagal 8 agus in Iarscríbhinn 2.

15. Gach bliain, tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an dáta ar a bhfuil an íocaíocht dlite, tabharfaidh údaráis na Máratáine fógra don Aontas faoi shonraí na gcuntas bainc dá dtagraítear in Airteagal 8(12).

16. Iontrálfar an ranníocaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 i mbuiséad an Stáit agus beidh sí faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta chun airgeadas poiblí na Máratáine a bhainistiú. Cuirfear prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais san áireamh, go háirithe prionsabal na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na

héifeachtachta, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne á n-urramú, go háirithe.

17. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thionscadail arna maoiniú le tacaíocht earnála agus féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise iad a imscrúdú.

18. Beidh feidhm ag mír 12 den Airteagal seo faoi réir Airteagail 13, 14, 15, 21 agus 23 den Phrótacal seo.

Airteagal 6

Faireachán ar ghabhálacha iomlána incheadaithe agus ar thonnáistí tagartha

1. Tugtar na gabhálacha iomlána incheadaithe (catagóirí 1, 2, 2a, 3, 6, 7 agus 8) agus na tonnáistí tagartha (catagóirí 4 agus 5) sna bileoga sonraí atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal seo. Is ar bhonn na bliana féilire (1 Eanáir go 31 Nollaig na bliana i dtrácht) a chinntear iad. I gcás nach mbeidh an chéad tréimhse de chur i bhfeidhm an Phrótacail agus an tréimhse dheireanach den chur i bhfeidhm ag freagairt do bhliain féilire, déanfar na gabhálacha iomlána incheadaithe a chinneadh *pro rata temporis* agus cuirfear treochtaí i ndáil le dáileadh na ngabhálacha i rith na bliana san áireamh, maidir le gach catagóir iascaireachta.

2. Cé is moite de chatagóirí 4 agus 5 (catagóirí iascaireachta tuinníní), a bhfuil feidhm ag tonnáiste tagartha maidir leo, agus de na forálacha sonracha is infheidhme maidir leis an ngabháil iomlán incheadaithe i gcatagóir 6, ní bheidh na gabhálacha iomlána a dhéanfaidh soithí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Máratáine níos mó ná na gabhálacha iomlána incheadaithe. I gcás ina sáraítear na gabhálacha iomlána incheadaithe, déanfar na rialacha maidir le hasbhaint cuótaí atá infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais a chur i bhfeidhm.

3. I gcomhréir le mír 2, déanfaidh an Mhárataín agus an tAontas faireachán comhpháirteach ar ghníomhaíocht shoithí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Máratáine chun a áirithiú go ndéanfar na gabhálacha iomlána incheadaithe dá dtagraítear thuas a bhainistiú go hiomchuí. Le linn an fhaireacháin sin, cuirfidh an Mhárataín agus an tAontas a chéile ar an eolas a luaithe a bheidh 80 % den ghabháil iomlán incheadaithe gafa, maidir leis an gcatagóir iascaireachta chomhfhreagrach, ag soithí iascaireachta an Aontais atá ag oibriú i limistéar iascaireachta na Máratáine. Cuirfidh an tAontas na Ballstáit ar an eolas dá réir.

4. A luaithe a shroichfidh na leibhéil ghabhála 80 % den ghabháil iomlán incheadaithe ábhartha, déanfaidh an Mhárataín agus an tAontas faireachán laethúil ar na gabhálacha a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais. Cuirfidh an Mhárataín agus an tAontas a chéile ar an eolas a luaithe a bheidh an ghabháil iomlán incheadaithe

ábhartha bainte amach. Cuirfidh an tAontas na Ballstáit ar an eolas dá réir d'fhonn deireadh a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta.

Airteagal 7

Deiseanna iascaireachta a choigeartú

1. Gan dochar do mhír 2, agus arna iarraidh sin do na Páirtithe, féadfaidh an Comhchoiste na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 3 den Phrótacal seo a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 14(3)(a) den Chomhaontú Iascaigh agus le hAirteagal 11 den Phrótacal seo, trí chomhaontú frithpháirteach agus a mhéid atá an coigeartú comhsheasmhach le hinbhuanaitheacht acmhainní sa limistéar iascaireachta. D'fhéadfadh baint a bheith ag an gcoigeartú sin le líon shoithí an Aontais, leis na spriocspeicis nó na cuótaí a leithdháiltear faoi Airteagal 3 den Phrótacal seo maidir le gach catagóir, cuirfear san áireamh ann gníomhaíochtaí iarbhír an chabhlaigh Eorpaigh sa limistéar iascaireachta agus is coigeartú ar an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach a bheidh mar thoradh air.

2. I gcomhréir le mír 1, agus tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh dheireadh dhara bliain chur i bhfeidhm an Phrótacail, déanfaidh an Comhchoiste measúnú tosaigh ar an úsáid a dhéanann soithí an Aontais a oibríonn sa limistéar iascaireachta de na deiseanna iascaireachta.

3. Mar sin féin, tar éis coigeartú dá dtagraítear i mír 1, ní fhéadfar na deiseanna iascaireachta a mhéadú a oiread is a thabharfadh méadú cothrom le dhá oiread an chúitimh airgeadais a íocann an tAontas, dá dtagraítear in Airteagal 5(1), nó méadú níos mó ná sin.

Airteagal 8

Tacaíocht earnála

1. Rannchuideoidh an tacaíocht earnála dá dtagraítear in Airteagal 13(2)(c) den Chomhaontú Iascaigh agus in Airteagal 5(2)(b) den Phrótacal seo le cur chun feidhme bheartas na hearnála iascaigh arna dhréachtadh ag Poblacht Ioslamach na Máratáine.

2. Cuideoidh an tacaíocht airgeadais sin le hiascaireacht inbhuanaithe a fhorbairt i bPoblacht Ioslamach na Máratáine, neamhspleách ar na socruithe maidir le rochtain shoithí an Aontais Eorpaigh ar limistéar iascaireachta na Máratáine. Cuideoidh sí le cur chun feidhme na straitéisí náisiúnta le haghaidh forbairt inbhuanaithe in earnáil an iascaigh agus le cosaint an chomhshaoil, na limistéar cósta agus na limistéar muirí faoi chosaint.

3. Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Phrótacail seo, comhaontóidh an Comhchoiste clár earnála ilbhliantúil agus rialacha mionsonraithe cur chun feidhme lena gcumhdófar an méid seo a leanas go sonrach:

(a) treoirlínte bliantúla agus ilbhliantúla maidir le húsáid an mhéid a dheonaítear go sonrach mar thacaíocht earnála i gcomhréir le hAirteagal 13(5) den Chomhaontú Iascaigh;

(b) na cuspóirí bliantúla agus ilbhliantúla a bheidh le baint amach chun gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe a fhorbairt, agus aird á tabhairt ar na tosaíochtaí atá leagtha síos ag údaráis Phoblacht Ioslamach na Máratáine ina beartas earnála náisiúnta;

(c) na critéir, na tuarascálacha agus na nósanna imeachta, lena n-áirítear táscairí buiséadacha agus airgeadais agus modhanna cigireachta agus iniúchta, a úsáidfear chun na torthaí a fhaightear ar bhonn bliantúil a mheasúnú.

4. Beidh aon leasú ar na treoirlínte, na cuspóirí, na critéir agus na táscairí sin faoi réir fhormheas na bPáirtithe sa Chomhchoiste.

5. Cuirfidh údaráis Phoblacht Ioslamach na Máratáine tuarascáil bhliantúil isteach maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar i dtionscadail a chuirfear chun feidhme i gcomhthéacs tacaíocht earnála, agus scrúdóidh an Comhchoiste an tuarascáil sin. Tugtar struchtúr na tuarascála sin in Iarscríbhinn 2.

6. Sula rachaidh an Prótacal seo in éag, cuirfidh údaráis Phoblacht Ioslamach na Máratáine tuarascáil deiridh isteach maidir le cur chun feidhme na tacaíochta earnála dá bhforáiltear faoin bPrótacal seo.

7. Leanfaidh na Páirtithe, más gá, d’fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála go ceann suas go dtí 6 mhí tar éis don Phrótacal seo dul in éag, dul ar fionraí nó tar éis fhoirceannadh an Phrótacail seo de réir mar a fhoráiltear ann. Mar sin féin, cuirfear san áireamh aon ghníomhaíocht nó tionscadal a bhfuil formheas faighte ón gComhchoiste ina leith roimh ré chun go bhféadfaí síneadh suas le sé (6) mhí a chur le tréimhse an fhaireacháin ar thacaíocht earnála maidir leis an ngníomhaíocht nó an tionscadal sin.

8. Cuirfear tacaíocht earnála chun feidhme le tacaíocht ó aonad comhordúcháin a bheidh freagrach as obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste, a dtugtar a chúraimí in Iarscríbhinn 2. Féadfar bearta chun tacú le hobair an aonaid chomhordúcháin a shainaithint ar bhonn cinnidh ón gComhchoiste agus féadfar iad a mhaoiniú, i gcás inarb iomchuí, trí bhíthin leithdháileadh sonrach ón tacaíocht earnála.

9. Is le haghaidh gníomhaíochtaí agus tionscadail shonracha arna sainaithint go comhpháirteach a bheartaítear an tacaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 thuas. Cé

is moite den leithdháileadh dá dtagraítear i mír 8 a bheartaítear, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh bearta a thacaíonn leis an aonad comhordúcháin, ní fhéadfar é a úsáid chun speansais oibriúcháin na dtairbhithe a chumhdach.

10. Déanfaidh na Páirtithe plean cumarsáide agus infheictheachta a tharraingt suas i ndáil leis an gComhaontú Iascaigh. Beidh an plean faoi réir a fhormheasta ag an gcéad chruinniú den Chomhchoiste.

11. Íocfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh tacaíocht earnála, dá bhforáiltear in Airteagal 13(2)(c) den Chomhaontú:

(a) maidir le bliain a haon, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis don Chomhchoiste an clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 8(3) den Phrótacal seo a fhormheas;

(b) maidir leis na blianta ina dhiaidh sin, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis don Chomhchoiste na torthaí a baineadh amach sa bhliain roimhe sin agus an clársceidealú bliantúil don bhliain airgeadais dar gcionn sin a fhormheas.

12. Íocfaidh an tAontas Eorpach cistí tacaíochta earnála isteach i gcuntas Státchiste Phoiblí i mBanc Ceannais na Máratáine, a aistreoidh na cistí sin a luaithe is féidir go dtí an cuntas sainchuspóirí a osclaíodh i mBanc Ceannais na Máratáine in ainm na hAireachta Iascaigh agus Geilleagair Mhuirí (MPEM) agus nach n-úsáidfear ach chun críche tacaíocht earnála. Ar theacht i bhfeidhm don Phrótacal, cuirfidh údaráis na Máratáine sonraí an chuntais bhainc sin in iúl don Aontas Eorpach.

13. Déanfaidh an tAontas Eorpach an tacaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a aistriú i dtráthchodanna bliantúla. Déanfar an cinneadh tráthchodanna a eisíoc ar bhonn mheasúnú an Chomhchoiste ar an leibhéal feidhmíochta, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus le hAirteagal 15(1)(b) den Chomhaontú, agus faoi réir an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn dá dtagraítear i mír 5 a chur isteach agus faoi réir thionól na ceardlainne bliantúla dá dtagraítear i mír 14. Leagfar síos na socruithe praiticiúla cur chun feidhme i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo agus le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal seo. D'fhéadfadh an Comhchoiste, i gcás inarb iomchuí, na socruithe praiticiúla sin a leagan síos ar bhealach níos mionsonraithe, nó iad a athbhreithniú.

14. Tabharfaidh na Páirtithe cuireadh do thairbhithe na tacaíochta earnála, uair sa bhliain, páirt a ghlacadh i gceardlann ina ndéanfar na gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí bhíthin tacaíocht earnála a chur i láthair agus a sceidealú.

15. Cé is moite den leithdháileadh dá dtagraítear i mír 8, a bheartaítear le haghaidh beart chun tacú le hobair an aonaid comhordúcháin, ní fhéadfar an tacaíocht airgeadais dá dtagraítear i mír 1 a íoc go dtí go ndéanfar na méideanna a íocann an tAontas Eorpach mar thacaíocht earnála i ndáil le 2015-2019, 2019-2020 agus 2020-2021 a aistriú go hiomlán chuig an gcuntas sainchuspóirí dá dtagraítear i mír 12 agus

go dtí go ndéanfar iad a ghealladh go hiomlán i gcomhréir leis an gclársceidealú comhpháirteach ábhartha.

Airteagal 9

Comhar eolaíoch chun iascaireacht inbhuanaithe a áirithiú

1. Geallann na Páirtithe go ndéanfaidh siad iascaireacht fhreagrach a chur chun cinn i limistéar iascaireachta na Máratáine bunaithe ar phrionsabail shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh agus éiceachórais mhuirí.

2. I gcomhréir le hAirteagail 3 agus 8 den Chomhaontú, geallann na Páirtithe go ndéanfaidh siad cruinnithe eolaíocha a thionól, ar bhonn rialta nó nuair is gá, chun saincheisteanna de chineál eolaíoch a iniúchadh agus, más gá agus arna iarraidh sin don Chomhchoiste, luach gabhálacha a mheas arna ndíol a chéaduair san áit a dtugtar i dtír iad nó ar mhargaí deiridh.

3. Le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an bPrótacal seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun faireachán a dhéanamh ar staid na n-acmhainní agus na n-iascach i limistéar iascaireachta na Máratáine. Chun na críche sin, tiocfaidh an Comhchoiste Eolaíoch Neamhspleách le chéile uair sa bhliain ar a laghad, sa Mháratáin agus san Aontas gach re seach.

4. Glacfaidh an Comhchoiste Eolaíoch Neamhspleách a rialacha nós imeachta le linn a chéad chruinnithe. Beidh na rialacha nós imeachta sin faoi réir fhormheas an Chomhchoiste.

5. De thoradh Airteagal 8(1) agus (3) den Chomhaontú, féadfar rannpháirtíocht sa Chomhchoiste Eolaíoch Neamhspleách a leathnú, a mhéid is gá, chun saineolaithe ó institiúidí eolaíocha na mBallstát agus ó thríú tíortha a áireamh, mar aon le breathnóirí, ionadaithe geallsealbhóirí nó ionadaithe eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, amhail CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir).

6. Cumhdóidh sainchúram an Chomhchoiste Eolaíoch Neamhspleách na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe:

(a) tuarascáil eolaíoch bhliantúil a dhéanamh ar na hiascaigh a chumhdaítear faoin bPrótacal seo agus na measúnuithe stoic iomchuí a thabhairt ar aird. Agus a thuarascáil á déanamh aige, cuirfidh an Comhchoiste Eolaíoch Neamhspleách san áireamh go hiomlán an fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí chabhlaigh náisiúnta na Máratáine agus chabhlaigh eachtracha eile, chomh maith le haon bhearta agus aon phleananna bainistíochta arna nglacadh ag an Máratáin;

(b) cláir nó gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an tuiscint ar dhinimic na n-iascach, ar staid na n-acmhainní agus ar athruithe ar éiceachórais mhuirí a shainaithint agus a gcur chun feidhme a mholadh don Chomhchoiste;

(c) ceisteanna eolaíocha a thagann chun cinn le linn an Prótacal seo a bheith á chur chun feidhme a iniúchadh agus, más gá, tar éis tarchur chuig an gComhchoiste, tuairim eolaíoch a ghlacadh faoi nós imeachta arna chomhaontú trí chomhthoil laistigh den Choiste;

(d) sonraí a thiomsú agus a anailísiú i dtaca leis an iarracht iascaireachta, le gabhálacha agus le díolacháin maidir le gach deighleog de na cabhlaigh náisiúnta iascaireachta, idir chabhlaigh Aontais agus neamh-Aontais, a oibríonn i limistéar iascaireachta na Máratáine i ndáil le hacmhainní agus iascaigh a chumhdaítear faoin bPrótacal seo;

(e) déanamh na suirbhéanna bliantúla stoic, lena n-áirítear comhthurais eolaíocha, a dhearadh agus a sceidealú chun cinneadh a dhéanamh faoi na barrachais, na deiseanna iascaireachta agus na roghanna saothraithe lena ráthaítear caomhnú acmhainní agus an éiceachórais ar cuid de iad;

(f) aon tuairimí eolaíocha a fhoirmliú, ar a thionscnamh féin nó mar fhreagra ar iarraidh ón gComhchoiste nó ó cheann de na Páirtithe, ar tuairimí iad a bhaineann le cuspóirí, straitéisí agus bearta bainistíochta a mheastar a bheith riachtanach le haghaidh shaothrú inbhuanaithe na stoc agus na n-iascach a chumhdaítear faoin bPrótacal seo;

(g) clár a mholadh, i gcás inarb iomchuí, sa Chomhchoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 7 den Phrótacal seo.

7. Chun críocha mhíreanna 2, 3 agus 6 a chur chun feidhme, agus de bhreis ar fhorálacha Airteagal 4(6), cuirfidh an Mháratáin tuarascáil mhionsonraithe ar fáil don Chomhchoiste Eolaíoch Neamhspleách agus don Aontas gach bliain, ina sonrófar, maidir le gach catagóir iascaireachta, an líon soithí a bhfuil bratach na Máratáine ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh, méideanna údaraithe na ngabhálacha comhfhreagracha, na méideanna iarbhír a gabhadh agus aon fhaisnéis ábhartha maidir le bearta bainistithe iascaigh arna nglacadh agus arna gcur chun feidhme ag an Máratáin.

8. Comhlíonfaidh na soithí tuinníní na moltaí go léir arna nglacadh ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT).

9. Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Phrótacail, glacfaidh an Mháratáin plean bainistithe inbhuanaithe iascaigh le haghaidh speicis pheiligeacha beaga, ar plean é a bheidh infheidhme maidir leis na cabhlaigh uile a bheidh ag oibriú in uiscí na Máratáine. Tabharfar fógra don Aontas faoin bplean sin tráth nach déanaí

ná 1 mhí amháin sula gcuirfear i bhfeidhm é. Féadfaidh an Comhchoiste Eolaíoch é a mheasúnú i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 10

Iascaireacht eolaíoch, iascaireacht thaiscéalaíoch agus deiseanna iascaireachta nua

1. Iascaireacht eolaíoch

1.1. Féadfaidh an Comhchoiste turais eolaíocha a údarú chun sonraí agus faisnéis a bhailiú faoi acmhainní bitheolaíocha agus faoi éiceachórais mhuirí agus a mbeidh soithí an Aontais agus/nó soithí na Máratáine páirteach iontu ar bhonn comhairle ón gComhchoiste Eolaíoch Neamhspleách. Seolfar na turais sin faoi fhreagracht chomhpháirteach institiúidí na hEorpa agus na Máratáine um thaighde eolaíoch.

1.2. Is iad na Páirtithe i gcruinnithe den Chomhchoiste a chinnfidh na socruithe maidir le soithí an Aontais agus/nó na Máratáine a fheistiú agus a chairtfhostú le haghaidh gach turais den sórt sin.

1.3. Úsáidfear torthaí na dturas sin chun measúnuithe stoic a fheabhsú agus chun go bhféadfar bearta bainistíochta iomchuí a ghlacadh.

1.4. I gcás chatagóir 8 (ceifileapóid), d’fhéadfadh athbhreithniú ar an teorainn ghabhála agus ar bhearta caomhnaithe is infheidhme maidir le soithí an Aontais a bheith mar thoradh ar thorthaí an chláir eolaíoch agus/nó na meastóireachtaí a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 9.

2. Iascaireacht thaiscéalaíoch

2.1. Sa chás go gcuirfidh soithí iascaireachta an Aontais spéis i ngníomhaíochtaí iascaireachta nach bhforáiltear dóibh in Airteagal 3, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile sa Chomhchoiste i dtaobh údarú a dheonú le haghaidh na ngníomhaíochtaí nua sin i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Chomhaontú. I gcás inarb iomchuí, tiocfaidh an Comhchoiste ar chomhaontú maidir leis na coinníollacha is infheidhme maidir leis na deiseanna iascaireachta nua sin agus, más gá, leasóidh sé an Prótacal seo agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis seo i gcomhréir le hAirteagal 7 de seo.

2.2. Deonófar an t-údarú iascaireachta dá dtagraítear i mír 2.1 i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach agus, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn thorthaí na dturas eolaíoch arna bhformheas ag an gComhchoiste Eolaíoch Neamhspleách.

2.3. Tar éis na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 2.1, féadfaidh an Comhchoiste turais iascaireachta taiscéalaíocha a údarú i limistéar iascaireachta na Máratáine chun

indéantacht theicniúil agus inmharthanacht eacnamaíoch iascach nua a thástáil. Chun na críche sin déanfaidh sé na speicis, na dálaí agus aon pharaiméadair iomchuí eile a chinneadh ar bhonn cás ar chás i gcomhréir le forálacha Chaibidil XI d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal seo. Déanfaidh na Páirtithe iascaireacht thaiscéalaíoch i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos ag an gComhchoiste Eolaíoch Neamhspleách.

Airteagal 11

An Comhchoiste

1. De bhreis ar na freagrachtaí a tharmligtear chuig an gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú, beidh cumhachtaí cinnteoireachta ag an gComhchoiste chun leasuithe ar an bPrótacal seo agus ar na hIarscríbhinní agus na Foscríbhinní a ghabhann leis a fhormheas, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna iascaireachta, i gcás inarb iomchuí, agus, dá bhrí sin, ar an ranníocaíocht airgeadais chomhfhreagrach;

(b) na socruithe maidir le tacaíocht earnála dá bhforáiltear in Airteagal 8 agus in Iarscríbhinn 2;

(c) na coinníollacha lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí an Aontais.

2. Sa chás dá dtagraítear i mír 1(a) déanfar an ranníocaíocht airgeadais a choigeartú go comhréireach agus *pro rata temporis*.

3. Maidir le haon leasuithe ar an bPrótacal, ar na hIarscríbhinní agus ar na Foscríbhinní i gcomhréir le mír 1, beidh siad faoi réir cinnidh ón gComhchoiste. Tiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun go nglacfar é curtha i gcrích acu.

4. Comhlíonfaidh an Comhchoiste a fheidhmeanna i gcomhréir le haidhmeanna an Chomhaontaithe agus leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag na heagraíochtaí réigiúnacha iascaigh.

5. Comórfar an Comhchoiste den chéad uair tráth nach déanaí ná trí (3) mhí tar éis chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail seo.

Airteagal 12

Comhar idir oibreoirí eacnamaíocha

I gcomhréir leis an reachtaíocht agus leis na rialacháin a bheidh i bhfeidhm, déanfaidh na Páirtithe deiseanna teagmhála a chur chun cinn agus cuideoidh siad chun comhar idir oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú, lena n-áirítear maidir leis an tacaíocht earnála dá dtagraítear in Airteagal 8, sna réimsí seo a leanas:

(a) Saorlimistéar Nouadhibou, nó aon limistéir eile a mheastar a bheith riachtanach, a fhorbairt;

(b) limistéir mhuirí chosanta a fhorbairt (páirceanna náisiúnta Bhanc d'Arguin agus Diawling);

(c) bainistiú calafoirt;

(d) tionscail iascaireachta a fhorbairt ar mhaithe le bia a sholáthar do dhaoine;

(e) longthógáil agus deisiú long agus monarú trealaimh agus ábhar iascaireachta;

(f) malartuithe a fhorbairt chun oiliúint ghairmiúil a fheabhsú, go háirithe in earnáil an iascaigh, bainistiú iascaigh, dobharshaothrú agus iascaireacht intíre, longchlóis, agus faireachas muirí agus rialú na n-iascach;

(g) táirgí iascaigh a dhíol agus a mhargú;

(h) dobharshaothrú agus an geilleagar gorm.

Airteagal 13

Foirceannadh mar thoradh ar thitim ar an úsáid a bhaintear as deiseanna iascaireachta

I gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil leibhéal úsáide na ndeiseanna iascaireachta tar éis laghdú, tabharfaidh an tAontas fógra i litir don Mháratáin go bhfuil sé beartaithe aige an Prótacal a fhoirceannadh. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm laistigh de cheithre (4) mhí tar éis an fógra a fháil. Féadfar an tAirteagal seo a ghníomhachtú i gcás nach dtagtar ar chomhaontú maidir le méid an athbhreithnithe ar na deiseanna iascaireachta agus maidir le coigeartú na ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 7.

Airteagal 14

Fionraí

Féadfar cur i bhfeidhm an Phrótacail seo a fhionraí ar thionscnamh ceachtar Páirtí i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chomhaontú Iascaigh.

Airteagal 15

An ranníocaíocht airgeadais agus tacaíocht earnála a fhionraí agus a athbhreithniú

1. Féadfar an ranníocaíocht airgeadais, dá dtagraítear in Airteagal 13, a athbhreithniú nó a fhionraí má tá feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) imthosca neamhghnácha, seachas feiniméin nádúrtha, a choisceann gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Máratáine;

(b) athruithe suntasacha ar fhoirmliú nó ar chur chun feidhme bheartas iascaigh ceachtar de na Páirtithe ar athruithe iad a dhéanann difear d'fhorálacha an Phrótacail seo;

(c) gníomhachtú na sásraí comhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 96 de Chomhaontú Cotonou, nó gníomhachtú an chomhaontaithe idir an tAontas agus tíortha ACC a thiocfaidh i gcomharbas ar Chomhaontú Cotonou ar an dáta a chuirfear i bhfeidhm go sealadach é nó a thiocfaidh sé i bhfeidhm, mar gheall ar shárú a bheith déanta ar cheann de ghnéithe fíor-riachtanacha agus bunúsacha chearta an duine a leagtar amach in Airteagal 9 den Chomhaontú sin.

2. Féadfaidh an tAontas íocaíocht na tacaíochta earnála dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Phrótacal seo a athbhreithniú nó a fhionraí, go hiomlán nó go páirteach, i gcás ina mbeidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos i mír 1(b) agus (c), mura mainnítear an tacaíocht earnála sin a chur chun feidhme nó sa chás go mbeadh na torthaí a fuarthas ar neamhréir leis an gclársceidealú, tar éis meastóireacht arna déanamh ag an gComhchoiste.

3. Tosófar ar an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 5 a íoc an athuair, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus tar éis dóibh teacht ar chomhaontú eatarthu, a luaithe a bheidh an staid a bhí ann roimh na teagmhais dá dtagraítear i mír 1 tugtha ar ais agus/nó i gcás ina ndlíonn torthaí chur chun feidhme na tacaíochta airgeadais dá dtagraítear i mír 2 amhlaidh. Mar sin féin, ní féidir íocaíocht na tacaíochta airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 8 a ghníomhachtú níos mó ná sé (6) mhí tar éis don Phrótacal dul in éag.

Airteagal 16

Sonraí a mhalartú go leictreonach

1. Áiritheoidh na Páirtithe go gcuirfear córais ar bun chun faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid uile a bhaineann le bainistiú teicniúil an Phrótacail seo maidir le gníomhaíochtaí chabhlach an Aontais, amhail a leagtar amach in Iarscríbhinn 1, agus chun an fhaisnéis agus na doiciméid sin a mhalartú go leictreonach.

2. Measfar gurb ionann an leagan leictreonach de dhoiciméad agus an leagan páipéir i ngach uile bhealach.

3. Cuirfidh an Mháratáin agus an tAontas a chéile ar an eolas gan mhoill faoi aon mhífheidhmiú ar chóras leictreonach. Sa chás sin, cuirfear leagan páipéir na faisnéise agus na ndoiciméad a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in ionad na faisnéise agus na ndoiciméad sin, go huathoibríoch, i gcomhréir le hIarscríbhinn 1.

Airteagal 17

Rúndacht

1. Maidir le sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus sonraí pearsanta a bhaineann le soithí an Aontais agus a ngníomhaíochtaí iascaireachta, ar sonraí iad a fuarthas i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Iascaigh, lena n-áirítear sonraí arna mbailiú ag breathnóirí, geallann na Páirtithe go n-áiritheoidh siad go ndéanfar iad a phróiseáil i gcomhréir le prionsabail rúndachta agus cosanta sonraí.

2. Bainfidh na húdaráis inniúla leas as na sonraí chun an Comhaontú Iascaigh a chur chun feidhme, agus chun na críche sin amháin, agus go háirithe chun bainistíocht agus taighde eolaíoch a dhéanamh agus chun faireachán agus faireachas a dhéanamh ar iascaigh agus iad a rialú (MCS).

3. Chun a áirithiú go ndéanfar an Prótacal a chur chun feidhme go hiomchuí, déanfar catagóirí éagsúla sonraí pearsanta a phróiseáil:

(a) sonraí sainaitheantais agus teagmhála;

(b) gníomhaíochtaí soithigh nó gníomhaíochtaí a bhaineann le soitheach, lena shuíomh agus lena ghluaiseachtaí, lena ghníomhaíocht iascaireachta nó le gníomhaíocht dá chuid a bhaineann le hiascaireacht;

(c) sonraí faoi úinéirí agus oibreoirí soithí (post nó stádas), faoi mháistrí agus baill den chriú;

(d) aon fhaisnéis eile a bhaineann le hábhar an Chomhaontaithe.

4. Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun na críche ar chuici a malartaíodh iad, suas go dtí uastréimhse 10 mbliana, mura rud é go bhfuil na sonraí pearsanta riachtanach chun gníomh leantach a dhéanamh maidir le sárú, cigireacht nó imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin. Sna cásanna sin, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain. I cás ina gcoimeádtar sonraí pearsanta ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

5. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfear ar fáil go poiblí ach sonraí comhiomlánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar iascaireachta.

6. Is iad an Coimisiún Eorpach nó an Ballstát brataí, thar ceann an Aontais, agus an Aireacht, thar ceann na Máratáine, na húdaráis a bheidh freagrach as próiseáil sonraí.

7. Féadfaidh an Comhchoiste cosaintí agus leigheasanna dlí iomchuí a bhunú.

Airteagal 18

Mainneachtain forálacha agus oibleagáidí an Phrótacail seo a chomhlíonadh

I gcomhréir le forálacha an Phrótacail seo agus leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm i limistéar iascaireachta na Máratáine, forchoimeádann údaráis na Máratáine an ceart chun pionóis a chur i bhfeidhm dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo mura gcomhlíontar forálacha an Phrótacail seo agus oibleagáidí a éiríonn as a chur i bhfeidhm.

Airteagal 19

Cur i bhfeidhm sealadach

Féadfar an Prótacal seo a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach trí chomhaontú frithpháirteach, amhail a d'fhógraítí i malartú fógraí idir na Páirtithe, le héifeacht ón dáta a údaróidh Comhairle an Aontais Eorpaigh é a shíniú.

Airteagal 20

Fad

D'ainneoin Airteagal 19 den Chomhaontú, beidh feidhm ag an bPrótacal seo ar feadh tréimhse 5 bliana ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm nó, de réir mar a bheidh, ón dáta a chuirfear i bhfeidhm go sealadach é.

Airteagal 21

Foirceannadh

Féadfar an Prótacal seo a fhoirceannadh ar thionscnamh ó cheachtar Páirtí i gcomhréir le hAirteagal 22 den Chomhaontú Iascaigh.

Airteagal 22

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil na nósanna imeachta is gá chun go nglacfar é curtha i gcrích acu.

Airteagal 23

Athbhreithniú

Féadfar an Prótacal seo a athbhreithniú ar thionscnamh ó cheachtar Páirtí i gcomhréir le hAirteagal 23 den Chomhaontú Iascaigh.

Tábla na gcatagóirí iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1)

Catagóirí iascaireachta		**Gabhálacha iomlána incheadaithe agus tonnáistí tagartha**
1.	Soithí ag iascaireacht crústach seachas gliomach spíonach agus portán	5 000 thona
2.	Trálaeir (gan reoiteoir) agus báid spiléar grinnill ag iascaireacht colmóirí dubha	6 000 thona
2a	Reothrálaeir ag iascaireacht colmóirí dubha	Colmóirí dubha: 3 500 thona Scuideanna: 1 450 thona Cudail: 600 thona
3.	Soithí ag iascaireacht speiceas grinnill seachas an colmóir dubh, agus trealamh acu seachas tráil	3 000 tona
4.	Báid saighneoireachta tuinníní	14 000 tona (tonnáiste tagartha)
5.	Soithí tuinníní cleithe agus dorú agus báid spiléar dromchla	7 000 tona (tonnáiste tagartha)
6.	Reothrálaeir iascaireachta peiligí	225 000 tona *
7.	Soithí iascaireachta peiligí gan reoiteoir	15 000 tona **
8.	Ceifileapóid	[p.m.] tona

* Is ceadmhach méid 10 % thar an tairseach a bheith ann gan difear a dhéanamh don ranníocaíocht airgeadais a

íocann an tAontas le haghaidh rochtana.
** I gcás ina mbaintear leas as na deiseanna iascaireachta sin, bainfear iad den ghabháil iomlán incheadaithe dá bhforáiltear i gcatagóir 6.
Ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú laistigh den Chomhchoiste maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta do reothrálaeir a dhíríonn ar speicis ghrinnill ar aithníodh barrachas díobh a bheith ann.

IARSCRÍBHINN 1

COINNÍOLLACHA LENA RIALAÍTEAR GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA A DHÉANANN SOITHÍ AN AONTAIS EORPAIGH I LIMISTÉIR IASCAIREACHTA NA MÁRATÁINE

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Ainmniú an údaráis inniúil

Chun críocha na hIarscríbhinne seo agus mura sonraítear a mhalairt, ciallóidh aon tagairt don Aontas Eorpach nó don Mháratáin mar údarás inniúil:

– Thar ceann an Aontais Eorpaigh: an Coimisiún Eorpach i gcás inarb infheidhme trí Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh in Nouakchott (pointe fócais); dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta;

– Thar ceann na Máratáine: an Aireacht Iascaigh agus Geilleagair Mhuirí (MPEM), dá ngairtear ‘an Aireacht’ anseo feasta.

2. Limistéar iascaireachta na Máratáine

Is iad comhordanáidí limistéar iascaireachta na Máratáine na comhordanáidí sin a shonraítear i bhFoscríbhinn 1. Féadfaidh soithí an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos do gach catagóir sna bileoga sonraí i bhFoscríbhinn 2.

3. Soithí a shainaithint

3.1. Ní mór marcanna aitheantais shoithí uile an Aontais a bheith i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais. Ní mór fógra a thabhairt don Aireacht i dtaobh na reachtaíochta sin sula gcuirfear an Prótacal chun feidhme go sealadach. Ní mór fógra a thabhairt don Aireacht faoi aon leasú ar an reachtaíocht 1 mhí amháin ar a laghad sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

3.2. Aon soitheach a cheilfidh a mharcanna, a ainm nó a chlárú, dlífear na pionóis dá bhforáiltear le dlí na Máratáine a chur air.

4. Cuntais bhainc

Déanfar na suimeanna airgeadais is iníoctha ag soithí an Aontais a íoc le Státchiste Poiblí na Máratáine i gcuntais a osclófar chuige sin le Státchiste Ginearálta na Máratáine.

Sula dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm, tabharfaidh an Mháratáin fógra don Aontas maidir le mionsonraí an chuntais bainc/na gcuntas bainc (cóid BIC agus IBAN) ina mbeidh na suimeanna airgeadais is iníoctha ag soithí an Aontais faoin bPrótacal le híoc. Is iad úinéirí na soithí a íocfaidh na costais aistrithe bainc ghaolmhara.

5. Modhanna íocaíochta

Déanfar na híocaíochtaí in euro mar a leanas:

— i gcás táillí: le Státchiste na Máratáine trí aistriú chuig ceann de na cuntais bhainc dá dtagraítear i mír 4;

— i gcás táillí a bhaineann leis an táille paraifhioscach dá dtagraítear i mír 3 de Chaibidil III: le Garda Cósta na Máratáine trí aistriú chuig ceann de na cuntais bhainc dá dtagraítear i mír 4;

— i gcás fíneálacha: le Státchiste na Máratáine trí aistriú chuig ceann de na cuntais bhainc dá dtagraítear i mír 4.

6. Gníomhaire a ainmniú

Aon soitheach de chuid an Aontais a oibríonn faoin gComhaontú, ní mór gníomhaire a bhfuil cónaí air sa Mháratáin a bheith ag feidhmiú thar a cheann.

CAIBIDIL II

CEADÚNAIS

Comhaontaíonn na Páirtithe tabhairt isteach córais leictreonaigh ceadúnas a chur chun cinn.

1. Iarratais ar cheadúnais

1.1. Déanfaidh an tAontas iarratais ar cheadúnais a chur faoi bhráid na hAireachta go leictreonach, laistigh de na teorainneacha a shonraitear sna bileoga sonraí sa Phrótacal.

1.2. Déanfar iarratais ar cheadúnais a tharchur fiche (20) lá féilire roimh thús thréimhse bhailíochta na gceadúnas a iarradh.

1.3. Féadfaidh an tAontas liostaí soithí a chur faoi bhráid na hAireachta go leictreonach freisin fiche (20) lá féilire roimh thús thréimhse bhailíochta na gceadúnas a iarradh.

1.4. Sonrófar an méid seo a leanas, de réir catagóire iascaireachta, sna liostaí sin:

(a) an líon soithí;

(b) maidir le gach soitheach, a phríomhthréithe teicniúla arna sonrú i bhFoscríbhinn 3, mar atá siad i gclár shoithí iascaireachta an Aontais;

(c) cineálacha trealaimh iascaireachta;

(d) méid na n-íocaíochtaí atá dlite, arna mhiondealú de réir ceannteidil;

(e) an líon maraithe ón Máratáin atá le glacadh ar bord i gcomhréir le Caibidil IX den Iarscríbhinn seo.

1.5. Nuair a bheidh ceadúnas á athnuachan ar bhonn ráithiúil nó bliantúil faoin bPrótacal seo maidir le soitheach nár athraigh a shaintréithe teicniúla, ní bheidh ag gabháil leis an iarratas ar athnuachan ach cruthúnas gur íocadh na táillí agus an táille paraifhioscach.

2. Doiciméid a theastaíonn le haghaidh iarratas ar cheadúnas

2.1. Cuirfidh an tAontas iarratas ar cheadúnas faoi bhráid na hAireachta maidir le gach soitheach, lena n-áirítear:

- an fhaisnéis a leagtar amach i bhFoscríbhinn 3,

- cruthúnas gur íocadh an táille cheadúnais agus an táille pharaifhioscach.

2.2. Maidir leis an gcéad iarratais ar cheadúnas iascaireachta sa Mháratáin, cuirfear na doiciméid seo a leanas ar fáil i bhformáid leictreonach freisin:

(a) cóip, agus í deimhnithe ag an stát brataí, den deimhniú tonnáiste idirnáisiúnta, ina sonrófar tonnáiste an tsoithigh in GT arna dheimhniú ag comhlachtaí aitheanta idirnáisiúnta;

(b) grianghraf daite (faoi bhun 1 bhliain d'aois), arna dheimhniú ag údaráis inniúla an stáit brataí, a léiríonn amharc taoibh an tsoithigh ina staid reatha, ina bhfuil ainm an tsoithigh le feiceáil, maille le glao-chomhartha idirnáisiúnta raidió an tsoithigh, i gcás inarb iomchuí. I gcás grianghraf a sheoltar i bhformáid leictreonach, is 72 dpi (1 400 × 1 050 picteilín) an taifeach íosta. Más i bhformáid pháipéir a sheoltar é, beidh íosmhéid 15 × 10 cm ann;

(c) an t-eolas a cheanglaítear faoi dhlí na Máratáine chun a bheith ar Chlár Náisiúnta Soithí na Máratáine. Ní bheidh aon táille chlárúcháin le híoc ar chlárú den sórt sin. Is do chigireacht de chineál riaracháin amháin a fhoráiltear i ndáil le bheith ar an gClár Náisiúnta Soithí.

2.3. Cuirfidh aon athrú ar thonnáiste soithigh d'oibleagáid ar úinéir an tsoithigh lena mbaineann cóip den deimhniú nua tonnáiste idirnáisiúnta (in GT) agus aon doiciméid tacaíochta ábhartha a chur isteach, go háirithe cóip den iarratas a thaisc úinéir an tsoithigh leis na húdaráis inniúla, an comhaontú ó na húdaráis sin agus sonraí na n-athruithe a rinneadh. I gcás ina n-athraítear struchtúr nó cuma sheachtrach an tsoithigh, ní mór grianghraf nua a chur isteach freisin.

3. Incháilitheacht chun iascaireacht a dhéanamh

3.1. Ní dhéanfar iarratais ar cheadúnais iascaireachta a thaisceadh ach amháin i gcás na soithí sin ar seoladh na doiciméid a cheanglaítear faoi mhír 2.1 thuas ina leith agus, i gcás inarb iomchuí, na doiciméid a cheanglaítear faoi mhír 2.2 thuas.

3.2. Ní mór do gach soitheach ar mian leis dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta faoin bPrótacal seo a bheith ar chlár shoithí iascaireachta an Aontais agus a bheith incháilithe le haghaidh iascaireachta i limistéar iascaireachta na Máratáine. Ní fhéadfaidh an soitheach a bheith liostaithe mar shoitheach NNN.

3.3. Chun go mbeidh soitheach incháilithe, ní mór nach mbeidh toirmeasc ar an úinéir ná ar an máistir ná ar an soitheach féin iascaireacht a dhéanamh sa Mháratáin. Caithfidh siad a bheith in ord *vis-à-vis* údaráis na Máratáine sa mhéid go gcaithfidh na réamhoibleagáidí uile a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí iascaireachta sa Mháratáin a bheith comhlíonta acu.

4. Ceadúnais a eisiúint

4.1. Eiseoidh an Aireacht ceadúnais do na hárthaí laistigh de dheich (10) lá féilire tar éis iarratas iomlán a fháil agus faoi réir deimhniú íocaíochta trí admháil arna heisiúint ag an Státchiste Poiblí.

4.2. Beidh bunchóipeanna na gceadúnas ar fáil ó na ranna inniúla san Aireacht. Seolfaidh an Aireacht fótachóip scanta de na bunchóipeanna sin chuig an Aontas (Toscaireacht AE agus an Coimisiún Eorpach) go leictreonach.

4.3. Léireofar sna ceadúnais freisin an tréimhse bhailíochta, saintréithe teicniúla an tsoithigh, líon na maraithe Máratáineacha agus eachtracha agus tagairtí íocaíochta na dtáillí.

4.4. Déanfar soithí a fhaigheann ceadúnas a chur ar liosta na soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh, ar liosta é a sheolfar go comhuaineach agus gan mhoill chuig Garda Cósta na Máratáine agus chuig an Aontas.

Déanfaidh an Aireacht iarratais ar cheadúnais ar diúltaíodh dóibh a chur in iúl don Aontas. I gcás inarb iomchuí, soláthróidh an Aireacht nóta sochair in aghaidh íocaíochtaí a bhaineann leo sin, tar éis iarmhéid aon fhíneálacha neamhíoctha gan íoc a asbhaint.

4.5. Ní mór ceadúnas iascaireachta a shealbhú ar bord an tsoithigh ar eisíodh dó é i gcónaí agus ní mór é a thíolacadh do na húdaráis chigireachta gach uair a dhéantar cigireacht. Ar bhonn idirthréimhseach, ar feadh uastréimhse 30 lá féilire tar éis dháta eisiúna an cheadúnais, údarófar don soitheach cóip den cheadúnas a shealbhú le linn a ghníomhaíochtaí sa Mháratáin, ar choinníoll go bhfuil an soitheach ar liosta na soithí údaraithe dá dtagraítear i mír 4.4. Measfar, sa chás sin, gur coibhéis na cóipe bunaidh atá sa chóip sin.

5. Bailíocht ceadúnas agus a n-úsáid

5.1. Ní bheidh ceadúnas bailí ach ar feadh na tréimhse a chumhdaítear leis an táille a íocadh faoi na téarmaí a leagtar síos sa bhileog sonraí teicniúla le haghaidh na catagóire i dtrácht.

Eiseofar ceadúnais ar feadh tréimhsí 3 mhí nó 12 mhí, ag brath ar an gcatagóir:

– 3 mhí i gcás soithí i gcatagóirí 1 (soithí séaclaí), 2, 2a, 3 (soithí grinnill) agus i gcatagóir 6 (soithí a dhíríonn ar speicis pheiligeacha bheaga);

– 12 mhí i gcás soithí i gcatagóirí 4 agus 5 (soithí tuinníní). Féadfar iad a athnuachan.

Tosóidh bailíocht na gceadúnas ar an gcéad lá den tréimhse a iarrtar.

Tosóidh tréimhse bhailíochta na gceadúnas 3 mhí le haghaidh soithí i gcatagóirí 1 (soithí séaclaí), 2, 2a, 3 (soithí grinnill), 6 agus 7 (speicis pheiligeacha bheaga) an 1 Eanáir, an 1 Aibreán, an 1 Iúil nó an 1 Deireadh Fómhair, cé is moite den chéad tréimhse, a thosóidh ar dháta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail. Comhfhreagróidh bailíocht na gceadúnas chatagóir 4 agus 5 do thréimhsí bliain féilire, ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig.

Tosóidh an chéad tréimhse den Phrótacal ar dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh agus críochnóidh sí ar an 31 Nollaig an bhliain chéanna.

Críochnóidh bailíocht gach ceadúnais ag deireadh thréimhse feidhme an Phrótacail.

Ní fhéadfaidh na ceadúnais tosú le linn tréimhse bliana amháin agus dul in éag le linn na chéad tréimhse bliana eile.

Maidir le báid saighneoireachta tuinníní, soithí tuinníní cleithe agus dorú agus báid spiléar dromchla a bhfuil ceadúnais iascaireachta acu do thíortha comharsanacha, féadfaidh siad an tír agus an speiceas lena mbaineann agus tréimhse bhailíochta na gceadúnas sin a chur in iúl ina n-iarratais ar cheadúnais chun a ndul isteach iolrach sa limistéar iascaireachta agus a n-imeacht as iolrach a éascú.

5.2. Ní leanann as ceadúnas a eisiúint go mbeidh an soitheach i láthair i limistéar iascaireachta na Máratáine le linn thréimhse bhailíochta an cheadúnais.

5.3. Eiseofar ceadúnais i leith soitheach áirithe. Beidh siad neamh-inaistrithe. Mar sin féin, i gcás ina gcaillfear soitheach nó ina gcuirtear bac ar ghluaiseacht fhada dó de bharr teip theicniúil thromchúisigh nó de bharr *force majeure*, cuirfear ceadúnas i leith soithigh eile den chatagóir chéanna iascaireachta in ionad cheadúnas an chéad soithigh, ar choinníoll nach sáraítear an t-olltonnáiste (GT) a údaraítear don chatagóir sin.

5.4. Tabharfaidh úinéir an tsoithigh dhamáistithe, nó ionadaí an úinéara, an ceadúnas iascaireachta ar ais don Aireacht lena chealú.

5.5. Déanfar aon íocaíochtaí breise is gá chun an ceadúnas a athsholáthar sula n-eiseofar an ceadúnas athsholáthair.

6. Cigireachtaí teicniúla

6.1. Uair sa bhliain, agus tar éis aon athrú ar thonnáiste nó athruithe ar an gcatagóir iascaireachta inar gá cineál eile trealaimh a úsáid, rachaidh na soithí Aontais uile go calafort Nouadhibou chun dul faoi na gcigireachtaí a cheanglaítear le reachtaíocht na Máratáine atá i bhfeidhm. Déanfar na cigireachtaí sin laistigh de 48 uair an chloig ar a mhéid ón uair a bhainfidh an soitheach an calafort amach.

6.2. I gcás bád saighneoireachta tuinníní, soithí cleithe agus dorú agus bád spiléar dromchla, déanfar gach soitheach a bheidh ag oibriú faoin gComhaontú den chéad uair a thíolacadh le haghaidh na gcigireachtaí a cheanglaítear le reachtaíocht na Máratáine a bheidh i bhfeidhm sula bhfaighidh sé a cheadúnas. Féadfar na cigireachtaí sin a dhéanamh i gcalafort eachtrach atá le comhaontú. Is ar úinéir an tsoithigh a thitfidh na muirir uile a bhaineann leis na cigireachtaí sin.

6.3. Nuair a bheidh an chigireacht theicniúil curtha i gcrích go sásúil, eiseofar deimhniú comhréireachta do mháistir an tsoithigh a mbeidh an tréimhse bailíochta chéanna aige agus a bheidh ag an gceadúnas, agus a gcuirfear síneadh leis go huathoibríoch, saor in aisce, i gcás soithí a mbeidh a gceadúnas á athnuachan acu i rith na bliana. Ní foláir an deimhniú sin a choimeád ar bord i gcónaí. I gcás soithí peiligeacha, sonrófar sa deimhniú acmhainn an tsoithigh trasloingsiú a dhéanamh.

6.4. Is é is cuspóir don chigireacht theicniúil seiceáil go bhfuil saintréithe teicniúla agus trealamh an tsoithigh i gcomhréir agus a fhíorú gur comhlíonadh na forálacha a bhaineann lena chriú ón Máratáin.

6.5. Beidh muirir ar chigireachtaí iníoctha ag úinéirí soithí agus socrófar iad de réir an scála a leagtar síos le dlí na Máratáine agus cuirfear in iúl don Aontas iad sula gcuirtear tús le cur i bhfeidhm an Phrótacail. Níor cheart iad a bheith níos airde ná an méid a íocann soithí eile de ghnáth ar na seirbhísí céanna.

6.6. Is é a leanfaidh as mainneachtain aon cheann d'fhorálacha mhíreanna 6.1 nó 6.2 thuas a chomhlíonadh go gcuirfear bailíocht an cheadúnais ar fionraí agus go gcuirfear an soitheach faoi dhliteanas na bpionós is infheidhme go dtí go mbeidh na hoibleagáidí sin comhlíonta ag úinéir an tsoithigh.

CAIBIDIL III

TÁILLÍ

1. Táillí

1.1. Ríomhfar na táillí maidir le gach soitheach faoi na coinníollacha agus ar bhonn na rátaí a leagtar síos sna bileoga sonraí sa Phrótacal. Beidh na táillí agus na cánacha gaolmhara uile san áireamh i méideanna na dtáillí sin, cé is moite den táille paraifhioscach, na cánacha calafoirt agus na muirir seirbhíse.

1.2. Déanfaidh an Aireacht na táillí a ríomh, ag cur san áireamh na ngabhálacha (i gcileagraim beomheáchain) a léirítear sna logleabhair iascaireachta agus a ceartaíodh le linn rialuithe, agus i gcomhréir leis an mbileog sonraí in Iarscríbhinn 2.

1.3. Cuirfidh an Aireacht ráiteas na dtáillí in iúl do na húinéirí soithí nó dá ngníomhairí laistigh de mhí tar éis deireadh a theacht le bailíocht na gceadúnas. An tráth céanna, cuirfear cóip den ráiteas sin chuig an Aontas.

1.4. Déanfar na táillí a ríomh i gcomhréir le tréimhse bhailíochta iarbhír an cheadúnais iascaireachta, agus aon tréimhsí téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta á gcur san áireamh. I gcás ina ndéanfar tréimhse bhailíochta iarbhír an cheadúnais a laghdú faoi níos mó ná mí ar chúiseanna a thagann chun cinn tar éis an táille a íoc, beidh feidhm ag mír 1.5 thíos.

1.5. Íocfar na táillí trí aistriú go dtí ceann de na cuntais bhainc dá dtagraítear i mír 4 de Chaibidil I. I gcás ró-íocaíochta, eiseoidh Státchiste Poiblí na Máratáine nóta sochair d'úinéir an tsoithigh nó do ghníomhaire úinéir an tsoithigh. Féadfar an nóta sochair sin a asbhaint ó íocaíocht ina dhiaidh sin.

1.6. Tarraingeoidh an tAontas suas ráiteas airgeadais ar bhonn shonraí comhiomlánaithe na ngabhálacha ina bhunachar sonraí agus ar mhéideanna na dtáillí agus na n-airleacan a íocadh (gan an táille paraifhioscach san áireamh) agus tabharfaidh sé fógra faoi don Mháratáin chun a fhíorú go bhfuil sé comhsheasmhach leis na táillí arna ríomh ag an Máratáin i gcomhréir le mír 1.2.

I gcás easaontais faoi mhéid na dtáillí a gearradh, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile gan mhoill, lena n-áirítear laistigh den Chomhchoiste más gá, agus fíoróidh siad na dearbhuithe gabhála agus ríomh na dtáillí ábhartha.

1.7. Comhaontóidh na Páirtithe sa Chomhchoiste an ráiteas deiridh faoi ghabhálacha bliantúla.

2. Táillí comhchineáil

2.1. Maidir le húinéirí reothrálaer peiligeach agus soithí iascaireachta séaclaí (i dtaca lena bhfoghabhálacha éisc), ar úinéirí Aontais iad, a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta faoin bPrótacal seo, rannchuideoidh siad leis an mbeartas faoina ndéantar éisc a dháileadh ar dhaoine atá i ngátar, de réir ráta 2 % dá ngabhálacha peiligeacha a thrasloingsítear nó a thugtar i dtír tar éis turais iascaireachta.

2.2. I gcás reothrálaer i gcatagóir 6, déanfar an 2 % a ríomh ar bhonn na ngabhálacha uile, beag beann ar speicis agus gan beann ar an luach tráchtála, agus cuirfear leis an ngabháil iomlán incheadaithe é. Maidir le gabhálacha a thagann faoin táille

chomhchineáil, ba cheart go léireoidís comhdhéanamh speiceas na ngabhálacha iomlána ar bord an tsoithigh tráth thrasloingsiú an 2 % sin.

I gcás soithí a dhíríonn ar bholmán agus ar ronnach, áfach, toibheofar an 2 % ar ghabhálacha de mhéid L nó, ina éagmais sin, ar mhéid M.

I gcás soithí i gcatagóir 1, déanfar an 2 % a ríomh ar bhonn an éisc iomláin de réir gabhála.

2.3. Tabharfar gabhálacha a thagann faoin táille chomhchineáil ar láimh don Société Nationale de Distribution de Poisson (an Chuideachta Náisiúnta um Dháileadh Éisc). Déanfaidh ionadaí ón Société Nationale de Distribution de Poisson foirm a tharraingt suas agus a shíniú go rianúil ag fianú go bhfuarthas an táille chomhchineáil sin agus cuirfear cóip di ar fáil do mháistir an tsoithigh.

2.4. Féadfar gabhálacha a thagann faoin táille chomhchineáil a thabhairt ar láimh trína dtabhairt i dtír i nduga nó trína dtrasloingsiú ar na bóithre. I gcás trasloingsithe ar na bóithre, ní mór na soithí a úsáidtear chun gabhálacha den sórt sin a thabhairt i dtír a chur in oiriúint go hiomlán do na hoibríochtaí a bheidh ag teastáil, chun a áirithiú go rachaidh siad ar aghaidh go réidh. Féadfaidh máistir an tsoithigh pheiligigh, i gcomhairle lena ghníomhaire agus leis an Société Nationale de Distribution de Poisson, an soitheach Máratáineach is oiriúnaí chun na hoibríochtaí sin a chur i gcrích a roghnú.

2.5. I gcás ina mbeadh riosca follasach ann do shábháilteacht an tsoithigh iascaireachta, don soitheach Máratáineach nó dá gcriúnna, nó i gcás ina sárófaí sábháilteacht an tsoithigh sin, féadfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta diúltú na gabhálacha a thabhairt i dtír trí leas a bhaint as an soitheach Máratáineach thuasluaite. Cuirfidh an máistir an scéal faoi bhráid ionadaí an Société Nationale de Distribution de Poisson ansin, a shannfaidh árthach eile.

2.6. Ní mór tabhairt i dtír na ngabhálacha a thagann faoin táille chomhchineáil a phleanáil agus a eagrú sa chaoi is nach gcuirfear isteach go míchuí ar oibriú rianúil ghníomhaíochtaí an tsoithigh iascaireachta.

2.7. Mura mbeidh acmhainn stórála leordhóthanach san áit a dtugtar gabhálacha i dtír, scaoilfear máistir an tsoithigh iascaireachta go huile agus go cinntitheach ón oibleagáid an táille chomhchineáil a thabhairt i dtír le haghaidh an turais iascaireachta i gceist. Eiseoidh ionadaí an Société Nationale de Distribution de Poisson deimhniú ansin, ag deimhniú nach bhféadfaí an táille chomhchineáil a thabhairt i dtír mar gheall ar easpa spáis stórála ar tír. Ní mór gabhálacha nach dtugtar i dtír de bharr easpa acmhainne stórála agus a choimeádtar ar bord a bhaint den ghabháil iomlán incheadaithe.

2.8. Maidir leis an táille chomhchineáil, e0isiatar go sainráite aon chineál eile ranníocaíochta forchurtha. Ní féidir, i gcás ar bith, gur coibhéis airgeadaíochta a thiocfadh aisti, ná ní féidir fiachas a bheith mar thoradh uirthi.

2.9. Déanfaidh an Société Nationale de Distribution de Poisson gabhálacha a fhreagraíonn don táille chomhchineáil a ghabháil ar láimh agus dáilfear iad ar dhaoine i ngátar faoi na coinníollacha a leagtar síos le reachtaíocht na Máratáine.

2.10. Déanfaidh an Société Nationale de Distribution de Poisson tuarascáil a tharraingt suas gach bliain maidir le húsáid na táille comhchineáil sin, na faighteoirí,

na cainníochtaí a dáileadh agus na coinníollacha maidir lena ndáileadh. Scrúdóidh an Comhchoiste an tuarascáil sin.

2.11. I gcás deacrachta maidir leis na forálacha sin a chur chun feidhme, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile, lena n-áirítear laistigh den Chomhchoiste, chun an fhaisnéis ábhartha uile faoin gcur chun feidhme a chomhroinnt agus na réitigh is iomchuí a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí.

3. Táillí paraifhioscacha

3.1. I gcomhréir leis an bhforaithne[2] lena mbunaítear táillí paraifhioscacha, is iad seo a leanas na rátaí i gcás soithí iascaireachta, agus iad iníoctha san airgeadra áitiúil:

Catagóir iascaireachta (crústaigh, ceifileapóid agus speicis ghrinnill): infheidhme maidir le catagóirí 1, 2, 2a agus 3

Tonnáiste (GT)	**Méid in aghaidh na ráithe (MRU)**
< 99	5 000
100-200	10 000
201-400	20 000
401-600	40 000
> 600	60 000

Catagóir iascaireachta (mórimirceach agus peiligeach): infheidhme maidir le catagóirí 4, 5, 6 agus 7

Tonnáiste	**Méid in aghaidh na míosa (MRU)**
< 2 000	5 000
2 001-3 000	15 000
3 001-5 000	50 000

[2] Foraithne Uimh. 2006-010 an 17 Feabhra 2006.

5 001-7 000	75 000
7 001-9 000	100 000
> 9 000	130 000

3.2. Cé is moite de chatagóirí 4 agus 5, is ar bhonn ráithe iomlán nó iolrú uirthi a bheidh an táille pharaifhioscach iníoctha is cuma má tá tréimhse téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta laistigh den tréimhse sin.

3.3. Is é an ráta malairte (MRU/EUR) a úsáidfear chun táillí paraifhioscacha a íoc le haghaidh bliain féilire an meánráta don bhliain roimhe sin, arna ríomh ag Banc Ceannais na Máratáine agus arna tharchur ag an Aireacht tráth nach déanaí ná 1 Nollaig na bliana sula gcuirfear i bhfeidhm é. Mura gcuirtear aon ráta malairte in iúl, beidh feidhm ag an ráta roimhe sin.

3.4. Comhfhreagróidh ráithe do cheann de na tréimhsí 3 mhí dar tús an 1 Deireadh Fómhair, an 1 Eanáir, an 1 Aibreán nó an 1 Iúil, ach amháin i gcás na chéad tréimhse agus na tréimhse deiridh den Phrótacal.

4. Coinníollacha sonracha is infheidhme maidir le soithí tuinníní

4.1. Maidir le dearbhuithe gabhála arna dtarraingt suas ag gach máistir soithigh tuinníní agus a tharchuirtear go laethúil chuig Garda Cósta na Máratáine trí ERS, beidh siad in úsáid ag na hinstitiúidí eolaíocha náisiúnta IRD (Institut de Recherche pour le Développement), IEO (Instituto Español de Oceanografía) agus IPMA (Instituto Portugues Mar e Atmosfera). Cuirfidh an tAontas na sonraí sin ar fáil gach bliain go leictreonach do IMROP (Institut Mauritanien de Recherches Océanographiques et des Pêches).

4.2. Maidir le gach soitheach iascaireachta tuinníní, déanfaidh an tAontas, ar bhonn na sonraí comhiomlánaithe gabhála ina bhunachar sonraí, na táillí agus na réamhíocaíochtaí infheidhme a íocadh agus ráiteas deiridh faoi tháillí atá le híoc ag an soitheach i leith a shéasúir bhliantúil don bhliain féilire roimhe sin a tharraingt suas.

4.3. Tabharfaidh an tAontas fógra faoin ráiteas deiridh sin don Mháratáin agus d'úinéir an tsoithigh roimh an 30 Meitheamh den bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh na gabhálacha.

4.4. Féadfaidh an Mháratáin an ráiteas deiridh a chonspóid, ar bhonn cruthúnas doiciméadach, laistigh de 30 lá oibre tar éis a sheolta. I gcás easaontais, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile sa Chomhchoiste. Mura ndéanfaidh an Mháratáin agóid laistigh de 30 lá, measfar gur glacadh an ráiteas deiridh.

4.5. I gcás ina mbeidh an ráiteas deiridh níos mó ná an táille ar ráta comhréidh a íocadh roimh ré chun an ceadúnas a fháil, íocfaidh úinéir an tsoithigh an t-iarmhéid gan íoc laistigh de 45 lá ón ráiteas a bheith formheasta ag an Máratáin. I gcás ina mbeidh méid an ráitis deiridh níos lú ná an réamhíocaíocht ar ráta comhréidh, ní fhéadfaidh úinéir an tsoithigh an tsuim iarmhair a fháil ar ais.

4.6. Íocfar an táille pharaifhioscach i gcoibhneas leis an am a caitheadh i limistéar iascaigh na Máratáine. Measfar go gcumhdaíonn na híocaíochtaí míosúla

comhfhreagracha tréimhsí iascaireachta iarbhír 30 lá. Coimeádtar doroinnteacht na táille faoin bhforáil seo agus, dá bhrí sin, beidh an íocaíocht mhíosúil dlite i ndáil le haon tréimhse a thosófar.

4.7. Soitheach a rinne iascaireacht ar feadh 1 lá go 30 lá in imeacht bliana, íocfaidh sé an táille i leith 1 mhí amháin. Beidh an dara híocaíocht mhíosúil den táille seo dlite tar éis na chéad tréimhse 30 lá agus mar sin de. Déanfar íocaíochtaí míosúla breise tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis céad lá gach tréimhse bhreise.

CAIBIDIL IV

TUAIRISCIÚ GABHÁLACHA

1. An córas tuairiscithe leictreonach (ERS)

1.1. Geallann na Páirtithe go gcuirfidh siad chun feidhme agus go ndéanfaidh siad cothabháil ar na córais TF a bheidh riachtanach chun a áirithiú go ndéantar an fhaisnéis go léir a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a mhalartú go leictreonach.

1.2. Ainmneoidh an stát brataí agus an Mháratáin comhfhreagraí ERS chun gníomhú mar phointe teagmhála maidir le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme na bhforálacha seo, chun fógra a thabhairt dá chéile maidir le sonraí teagmhála a gcomhfhreagraí ERS agus, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta gan mhoill.

1.3. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfar an caighdeán ERS 3.1 a úsáid chun sonraí logleabhair a mhalartú ar dtús ach go ndéanfar caighdeán UN/FLUX (na Náisiúin Aontaithe/ Teanga Iascaigh um Malartú Uilíoch) dá dtagraítear i bhFoscríbhinn 8 a chur chun feidhme ina dhiaidh sin (FLUX ERS).

1.4. Déanfaidh na Páirtithe socruithe mionsonraithe chun na malartuithe leictreonacha éagsúla a chur chun feidhme a leagan síos agus a fhormheas laistigh den Chomhchoiste, go háirithe socruithe chun gabhálacha a thuairisciú tríd an gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe (ERS).

1.5. A luaithe a bheidh ERS ag feidhmiú go hiomlán, ní bheidh soitheach nach bhfuil trealmhaithe le ERS údaraithe chun dul i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta faoin bPrótacal seo.

1.6. Cuirfidh an Mháratáin agus an tAontas a chéile ar an eolas láithreach faoi aon mhífheidhmiú ar chóras TF a chuireann cosc ar chumarsáid idir na lárionaid faireacháin iascaigh (FMCanna). Sna cásanna sin, beidh feidhm ag forálacha mhír 4.

2. Logleabhar iascaireachta: forálacha ginearálta

2.1. Máistir soithigh de chuid an Aontais a bheidh i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta faoin bPrótacal seo, coimeádfaidh sé logleabhar iascaireachta leictreonach a bheidh lánpháirtithe i gcóras taifeadta agus tuairiscithe leictreonach (ERS).

2.2. Beidh an máistir freagrach as cruinneas na sonraí arna dtaifeadadh sa logleabhar iascaireachta leictreonach. Beidh ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach i mír 3.3 sa logleabhar iascaireachta, é i gcomhréir leis na forálacha a comhaontaíodh idir na Páirtithe agus rúin agus moltaí ábhartha ICCAT á gcur san áireamh.

2.3. Áiritheoidh an stát brataí agus an Mháratáin go mbeidh an trealamh agus na bogearraí TF is gá acu chun sonraí ERS a tharchur go huathoibríoch agus cuirfidh siad na nósanna imeachta is gá chun feidhme chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh siad i gceart.

2.4. Áiritheoidh an stát brataí go ndéanfar na sonraí a fháil agus a thaifeadadh i mbunachar sonraí ríomhaireachta lena gcumasófar slánstóráil na sonraí ar feadh 36 mhí ar a laghad tar éis thús an turais iascaireachta.

2.5. Áiritheoidh FMC an stáit brataí go gcuirfear logleabhair iascaireachta ar fáil go huathoibríoch, tríd an ERS, do Gharda Cósta na Máratáine (GCM) ar bhonn laethúil don tréimhse a bhfuil an soitheach i láthair sa limistéar iascaireachta, fiú i gcás gabháil nialasach.

2.6. I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na forálacha thuas a bhaineann leis an soitheach, cuirfear an ceadúnas iascaireachta i gceist ar fionraí go huathoibríoch, gan dochar do na pionóis a leagtar síos le dlí na Máratáine, go dtí go mbeidh na hoibleagáidí sin comhlíonta ag úinéir an tsoithigh.

3. Sonraí leictreonacha logleabhair

3.1. Gach lá, déanfaidh an máistir taifead ar na cainníochtaí measta de gach speiceas a ghabhtar agus a choimeádtar ar bord, nó a chaitear ar ais san fharraige, le haghaidh gach oibríochta iascaireachta. Déanfar cainníochtaí measta speicis a gabhadh nó a aischuireadh a thaifeadadh beag beann ar an meáchan.

3.2. Má tá an soitheach i láthair ach mura ndéanann sé aon ghníomhaíocht iascaireachta, déanfar a shuíomh ag 23.59 a thaifeadadh.

3.3. Tarchuirfear sonraí an logleabhair iascaireachta go huathoibríoch agus ar bhonn laethúil chuig lárionad faireacháin iascaigh (FMC) an stáit brataí. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad ar áireamh san fhaisnéis a tharchuirtear:

(a) uimhreacha aitheantais IMO nó CFR (clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais) agus ainm an tsoithigh;

(b) an dáta agus an t-am a fágadh an calafort sa Mháratáin agus a sroicheadh calafort sa Mháratáin;

(c) cód alfa 3 FAO gach speicis;

(d) an limistéar geografach ábhartha ina ndearnadh na gabhálacha;

(e) dáta agus am na ngabhálacha;

(g) an cineál trealaimh agus na sonraíochtaí teicniúla;

(h) na cainníochtaí measta de gach speiceas a choimeádtar ar bord, i gcileagraim de choibhéis beomheáchain nó, más iomchuí, líon na n-iasc aonair; agus

(i) na cainníochtaí measta de gach speiceas a aischuireadh, i gcileagraim de choibhéis beomheáchain, nó, i gcás inarb iomchuí, líon na n-iasc aonair.

4. Cliseadh teicniúil nó cliseadh a dhéanann difear do thaifeadadh agus tarchur tuarascálacha leictreonacha an tsoithigh ar bord

4.1. Cuirfidh FMC an stáit brataí agus GCM a chéile ar an eolas láithreach faoi aon imeacht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do tharchur sonraí ERS ó shoitheach amháin nó níos mó.

4.2. I gcás nach bhfaighidh GCM na sonraí atá le tarchur ag soitheach, cuirfidh sé FMC an stáit brataí ar an eolas láithreach. Déanfaidh FMC an stáit brataí imscrúdú gan mhoill ar na cúiseanna nach bhfuarthas na sonraí ERS sin agus cuirfidh sé toradh a chuid imscrúduithe in iúl do GCM.

4.3. I gcás ina dteipeann ar an tarchur idir an soitheach agus FMC an stáit brataí, cuirfidh FMC an stáit brataí é sin in iúl láithreach do mháistir nó d'oibreoir an tsoithigh nó, ina éagmais sin, dá n-ionadaí. Tar éis dó an fógra sin a fháil, déanfaidh máistir an tsoithigh na sonraí atá ar iarraidh a tharchur chuig údaráis inniúla an stáit brataí trí aon mhodh teileachumarsáide iomchuí gach lá, tráth nach déanaí ná 23.59.

4.4. I gcás ina dteipfidh ar an gcóras leictreonach tarchurtha atá suiteáilte ar bord an tsoithigh, áiritheoidh máistir nó oibreoir an tsoithigh go ndéantar an ERS a dheisiú nó a athsholáthar laistigh de 7 lá ón uair a bhraitear an cliseadh. A luaithe a bheidh an sprioc-am sin istigh, ní bheidh an soitheach údaraithe a thuilleadh chun iascaireacht a dhéanamh sa limistéar iascaireachta agus ní mór dó é a fhágáil nó cuairt a thabhairt ar chalafort sa Mháratáin laistigh de 24 uair an chloig. Ní bheidh údarás ag an soitheach an calafort sin a fhágáil ná filleadh ar an limistéar iascaireachta go dtí go suífidh FMC a stáit brataí go bhfuil an córas ERS ag feidhmiú i gceart arís.

4.5. I gcás nach bhfuair an Mharatáin na sonraí ERD mar gheall ar theip sna córais leictreonacha faoi rialú an Aontais nó faoi rialú na Máratáine, déanfaidh an Páirtí i dtrácht aon bheart is gá go pras chun an teip sin a réiteach a luaithe is féidir. Cuirfear an Páirtí eile ar an eolas a luaithe a bheidh an fhadhb réitithe.

4.6. Gach 24 uair an chloig, seolfaidh FMC an stáit brataí na sonraí laethúla ERS go léir dá chabhlach a fuarthas ón uair a rinneadh an tarchur deireanach chuig an Máratáin, le haon mhodh cumarsáide leictreonach atá ar fáil. Ní thoirmeascfar gníomhaíochtaí iascaireachta faoi réir chomhlíonadh na forála seo. Áiritheoidh FMC an stáit brataí go ndéanfar na sonraí atá ar ar iarraidh a iontráil sa bhunachar sonraí leictreonach dá dtagraítear i mír 2.5 agus go mbeidh siad ar fáil do GCM a luaithe a bheidh an tseirbhís cumarsáide uathoibríoch curtha ar bun an athuair.

4.7. Cuirfear an nós imeachta céanna i bhfeidhm i gcás oibríochtaí cothabhála a mhaireann níos faide ná 24 uair an chloig agus a dhéanann difear do na córais faoi rialú an Aontais.

4.8. Cuirfidh an tAontas GCM ar an eolas faoina oibríochtaí cothabhála. Cuirfidh an Mháratáin a seirbhísí inniúla faireacháin ar an eolas.

4.9. Go dtí go ndéanfar gnáthsheirbhís a athbhunú, ní mheasfar go bhfuil a n-oibleagáid a sonraí ERS a tharchur á sárú ag soithí an Aontais.

5. Logleabhar iascaireachta forlíontach (dearbhuithe maidir le tabhairt i dtír nó trasloingsiú)

5.1. Déanfaidh an máistir na sonraí maidir le teacht i dtír nó trasloingsiú a cheanglaítear leis an gComhaontú seo a tharchur chuig an údarás inniúil sa Mháratáin tríd an gcóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe (ERS).

5.2. I gcás teacht i dtír i gcalafort sa Mháratáin, nó i gcás athloingsiú a dhéanamh i gcalafort sa Mháratáin nó ar na bóithre lasmuigh de chalafort sa Mháratáin, seolfar an fógra roimh ré tríd an ERS.

5.3. Is é a leanfaidh as mainneachtain aon cheann d'fhorálacha mhíreanna 6.1 nó 6.2 thuas a chomhlíonadh go ndéanfaidh an Mharatáin an ceadúnas a chur ar fionraí go huathoibríoch, agus an méid sin a chur in iúl don oibreoir, go dtí go mbeidh na hoibleagáidí sin comhlíonta ag úinéir an tsoithigh.

6. Iontaofacht na sonraí chun críocha eolaíocha

6.1. Ní mór an fhaisnéis sna doiciméid dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo a bheith ina léiriú ar staid iarbhír na hiascaireachta chun gur féidir í a úsáid mar bhonn le haghaidh faireachán a dhéanamh ar athruithe ar acmhainní iascaigh.

6.2. Beidh feidhm ag reachtaíocht na Máratáine atá i bhfeidhm maidir le híosmhéideanna na ngabhálacha a choimeádtar ar bord. Foráiltear dó i bhFoscríbhinn 5. Féadfar é a leasú, áfach, ar bhonn torthaí taighde eolaíoch ábhartha.

6.3. Tugtar liosta de na fachtóirí coinbhéartachta is infheidhme maidir le gabhálacha gan ceann/d'éisc iomlána agus/nó gabhálacha dí-innithe/iomlána i bhFoscríbhinn 6. Féadfar an liosta sin a leasú ar bhonn torthaí taighde eolaíoch ábhartha.

7. Lamháltas neamhréireachtaí

Is é seo a leanas an lamháltas maidir le haon neamhréireacht idir na gabhálacha arna ndearbhú sa logleabhar iascaireachta agus an meastóireacht ar na gabhálacha sin ar bhonn sampla ionadaíoch le linn cigireachta ar muir nó arna thabhairt i dtír:

10 % i gcás soithí gan reoiteoir;

4 % i gcás soithí a bhfuil reoiteoir iontu, lena n-áirítear soithí peiligeacha.

Ríomhfar na difríochtaí de réir coibhéis bheomheáchain. Thairis sin, ní cheadófar aon lamháltas maidir le líon na gcliathbhoscaí.

8. Foghabhálacha

Sonraítear foghabhálacha sna bileoga sonraí ar cuid den Phrótacal seo iad. Ríomhfar an céatadán foghabhálacha ag deireadh gach turais iascaireachta, mura léirítear a mhalairt sna bileoga sonraí sin. Dlífear pionóis a chur ar aon soitheach a sháraíonn na rátaí foghabhála údaraithe.

I gcomhréir le moltaí ICCAT, déanfaidh na Páirtithe gach iarracht tionchar gníomhaíochtaí iascaireachta ar thurtair agus ar éin mhara, de bharr timpiste, a laghdú trí bhearta a chur chun feidhme chun an deis is fearr is féidir a thabhairt do thurtair

aonair agus d'éin mhara teacht slán, ar turtair agus éin mhara iad a ghabhtar trí thimpiste.

9. Speicis atá faoi thoirmeasc

I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Speicis Mhórimirceacha agus le rúin ó ICCAT, tá toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar roc na caille (*Manta birostris*), an liamhán gréine (*Cetorhinus maximus*), an siorc bán mór (*Carcharodon carcharias*), an siorc súisteála mórshúileach (*Alopias superciliosus*), siorcanna sa bhfine Sphyrnidae (seachas an siorc ceann casúir), an siorc bán aigéanach (*Carcharhinus longimanus*), an síodsiorc (*Carcharhinus falciformis*) agus an míolsiorc (*Rhincodon typus*).

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, tá toirmeasc ar eití siorcanna a bhaint ar bord soithí nó iad a choimeád ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír. Gan dochar don mhéid sin thuas, féadfar eití siorcanna a pháirtsliseadh agus iad a fhilleadh siar ar an gconablach chun an stóráil ar bord a éascú, ach ní fhéadfar iad a bhaint den chonablach sula dtugtar í dtír é.

10. Tuairisciú ráithiúil comhiomlánaithe gabhála

10.1. Roimh dheireadh gach ráithe, soláthróidh an tAontas na sonraí comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 8(3) den Phrótacal seo d'údaráis na Máratáine maidir le ráithí níos luaithe sa bhliain reatha, ar sonraí iad a léireoidh cainníochtaí na ngabhálacha in aghaidh an tsoithigh, in aghaidh na míosa gabhála, agus in aghaidh an speicis, arna mbaint as bunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh, mar aon leis na hionaid ina dtugtar gabhálacha i dtír. Is sonraí sealadacha agus éabhlóideacha a bheidh iontu, agus cuirfear na sonraí breathnóra a sholáthraítear ar bhonn bliantúil san áireamh, i gcás inarb iomchuí.

10.2. Déanfaidh an Mháratáin anailís ar na sonraí comhiomlánaithe agus tuairisceoidh sí aon mhór-neamhréireachtaí leis na sonraí a fhaightear sa logleabhar iascaireachta. Déanfaidh na stáit brataí imscrúdú ar na neamhréireachtaí a tuairiscíodh agus tabharfaidh siad na sonraí cothrom le dáta de réir mar is gá. Cuirfear cásanna de neamhréireachtaí leanúnacha idir foinsí sonraí faoi bhráid an Chomhchoiste d'fhonn teacht ar réiteach.

10.3. Tugtar na fachtóirí coinbhéartachta is infheidhme maidir le gabhálacha gan ceann/d'éisc iomlána agus/nó gabhálacha dí-innithe/iomlána i bhFoscríbhinn 6.

CAIBIDIL V

TABHAIRT I dTÍR AGUS TRASLOINGSIÚ

1. Tabhairt i dtír

Beidh soithí ó chabhlaigh ghrinnill, ó chabhlaigh séaclaí agus ó chabhlaigh pheiligeacha gan reoiteoir faoi oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, gan dochar do na maoluithe seo a leanas:

1.1. Beidh oibleagáid ar an gcabhlach grinnill a ghabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafort sa Mháratáin (mura mbeidh maolú i bhfeidhm).

1.2. Deonófar maoluithe sonracha don chabhlach séaclaí arna iarraidh sin d'úinéir an tsoithigh le linn tréimhsí d'aimsir an-te.

1.3. Ní gá go mbeadh oibleagáid stórála ná próiseála i gceist leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

1.4. Beidh an cabhlach peiligeach gan reoiteoir faoi oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír faoi shrianta acmhainn glactha na n-aonad próiseála sa Mháratáin agus an éilimh margaidh iarbhír.

1.5. Ní bheidh an turas deireanach (an turas sular fhág an soitheach limistéir iascaireachta na Máratáine ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí) faoi réir oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. I gcás trálaeir séaclaí, is tréimhse 2 mhí a bheidh i gceist. Beidh feidhm ag forálacha mhír 1.9 de Chaibidil VI, áfach.

1.6. Tabharfaidh máistir soithigh Aontais fógra do Gharda Cósta na Máratáine agus d'údaráis chalafoirt an chalafoirt sa Mháratáin inar mian leo a ngabháil a thabhairt i dtír, trí ERS más féidir, nó ina éagmais sin, le ríomhphost, maille le cóip chuig Toscaireacht an Aontais, 24 uair an chloig ar a laghad roimh theacht i dtír dóibh, agus sonrófar an méid seo a leanas:

(a) ainm an tsoithigh iascaireachta a bheidh ag teacht i dtír;
(b) an dáta agus an t-am a bheartaítear a theacht i dtír;
(c) an calafort inar ndearnadh gabháil a thabhairt i dtír;
(d) cainníocht gach speicis (i gcileagraim bheomheáchain) atá le tabhairt i dtír (arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO).

1.7. I gcás soithí tuinníní, i gcomhréir le Moladh ICCAT Uimh. 18-09, seolfar an réamhiarraidh chun dul isteach i gcalafort dá dtagraítear thuas 72 uair an chloig ar a laghad roimh an am teachta measta sa chalafort.

1.8. Mar fhreagra ar an bhfógra thuas, cuirfidh Garda Cósta na Máratáine a thoiliú in iúl do mháistir an tsoithigh nó d'ionadaí an mháistir, laistigh de 12 uair an chloig, trí fhacs nó ríomhphost a chur ar ais, maille le cóip do Thoscaireacht an Aontais.

1.9. Beidh soithí an Aontais a thagann i dtír i gcalafort sa Mháratáin díolmhaithe ó gach cáin nó muirir a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu seachas táillí agus muirir chalafoirt a bhfuil feidhm acu ar na téarmaí céanna maidir le soithí na Máratáine.

1.10. Beidh na táirgí iascaigh a thabharfar i dtír faoi shocruithe rialaithe custaim i gcomhréir le reachtaíocht na Máratáine. Beidh siad díolmhaithe, dá bhrí sin, ó gach nós imeachta custaim agus gach dleacht chustaim nó muirir a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu nuair a thiocfaidh siad isteach i gcalafort sa Mháratáin nó tráth onnmhairithe, agus measfar gur 'earraí a ligtear isteach go sealadach' iad ('stóráil shealadach').

1.11. Is iad úinéirí na soithí a dhéanfaidh cinneadh faoina bhfuil i ndán do tháirgí a soithí. D'fhéadfaí iad a phróiseáil, a stóráil faoi rialú custaim, a dhíol sa Mháratáin nó a onnmhairiú (in airgeadra eachtrach).

1.2. Beidh na díolacháin sa Mháratáin a bheartaítear le haghaidh mhargadh na Máratáine faoi réir na muirear agus na dtobhach céanna le táirgí iascaigh na Máratáine.

1.13. Féadfar brabúis a onnmhairiú gan mhuirir bhreise (díolúine ó dhleachtanna custam agus muirir a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu).

2. Trasloingsiú

2.1. Maidir le haon reothrálaer peiligeach a bhfuil acmhainn trasloingsithe aige, amhail a fhianaítear leis an deimhniú comhréireachta dá dtagraítear i mír 6.3 de Chaibidil II den Iarscríbhinn seo, beidh d'oibleagáid air trasloingsiú a dhéanamh sa duga nó ar na bóithre amach ó chalafort sa Mháratáin, cé is moite den turas deireanach.

2.2. I gcomhthéacs tionscadal forbartha eacnamaíche a léiríonn cuspóirí Airteagal 12 den Phrótacal, féadfaidh údaráis na Máratáine athruithe ar na socruithe le haghaidh oibríochtaí tabhairt i dtír agus trasloingsithe a bhreithniú. Pléifidh na Páirtithe an tsaincheist sin sa Chomhchoiste.

2.3. Beidh soithí an Aontais a thrasloingsíonn i gcalafort sa Mháratáin díolmhaithe ó gach cáin nó muirir a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu seachas táillí agus muirir chalafoirt a bhfuil feidhm acu ar na téarmaí céanna maidir le soithí na Máratáine.

2.4. Ní bheidh an turas deireanach (an turas sular fhág an soitheach limistéir iascaireachta na Máratáine ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí) faoi réir oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

2.5. Tabharfaidh máistir soithigh Aontais fógra do Gharda Cósta na Máratáine agus d'údaráis chalafoirt an chalafoirt sa Mháratáin inar mian leo a ngabháil a thrasloingsiú, trí ERS más féidir, nó ina éagmais sin, le ríomhphost, maille le cóip chuig Toscaireacht an Aontais, 24 uair an chloig ar a laghad roimh an trasloingsiú (48 uair an chloig i gcás soithí tuinníní)[3], agus sonrófar an méid seo a leanas:

(a) ainm an tsoithigh iascaireachta atá leis an trasloingsiú a dhéanamh agus ainm an tsoithigh iompair;

(b) an dáta agus an t-am a bheartaítear an trasloingsiú a dhéanamh;

(c) cainníocht gach speicis (i gcileagraim bheomheáchain) atá le trasloingsiú (arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO).

2.6. Mar fhreagra ar an bhfógra thuas, cuirfidh Garda Cósta na Máratáine a thoiliú in iúl do mháistir an tsoithigh nó d'ionadaí an mháistir, laistigh de 12 uair an chloig, trí fhacs nó ríomhphost a chur ar ais, maille le cóip do Thoscaireacht an Aontais.

2.7. Forchoimeádann an Mháratáin an ceart trasloingsiú a dhiúltú má tá iascaireacht neamhdhleathach, neamhdhearbhaithe nó neamhrialáilte déanta ag an soitheach iompair laistigh de limistéir iascaireachta na Máratáine nó lasmuigh díobh.

3. Maoluithe ar na hoibleagáidí gabhálacha a thabhairt i dtír

I gcás force majeure, amhail deacrachtaí teicniúla nó deacrachtaí idirthurais ag an teorainn agus táirgí iascaigh úra á n-iompar ar tír, féadfaidh na hoibreoirí lena mbaineann, ar bhonn eisceachtúil, an nós imeachta maolaithe seo a leanas a ghníomhachtú:

[3] Féach ICCAT 16/15.

- déanfaidh an t-oibreoir a údaráis náisiúnta, na húdaráis Eorpacha (Toscaireacht an Aontais in Nouakchott agus DG MARE) agus Garda Cósta na Máratáine a chur ar an eolas láithreach faoi bhlocáil ag an teorainn;

- iarrfaidh na húdaráis Eorpacha ar údaráis na Máratáine tús a chur leis an nós imeachta maolaithe agus seolfaidh siad liosta de na soithí lena mbaineann chuig Garda Cósta na Máratáine;

- a luaithe a chuirfear tús leis an nós imeachta maolaithe, féadfaidh na hoibreoirí lena mbaineann údarú a iarraidh ar Gharda Cósta na Máratáine a ngabhálacha de tháirgí iascaigh úra a thabhairt i dtír i gcalafort neamh-Mháratáineach;

- déanfaidh Garda Cósta na Máratáine, a luaithe is féidir, oifigigh a cheapadh chun an soitheach nó na soithí lena mbaineann a sheiceáil ar na bóithre amach ó chalafort sa Mháratáin nó beirt chigirí a chur ar bord chun an soitheach a thionlacan go dtí an calafort teachta i dtír;

- nuair a bheidh na hoibríochtaí teacht i dtír curtha i gcrích, tabharfaidh an t-oibreoir na cigirí ar ais go dtí a n-ionad bordála bunaidh.

Beidh feidhm ag an nós imeachta sin gan dochar do na díolúintí eile dá bhforáiltear i mír 1.

CAIBIDIL VI

RIALÚ

1. Dul isteach i limistéar iascaireachta na Máratáine agus é a fhágáil

1.1. Maidir le soitheach de chuid an Aontais a bhfuil údarú iascaireachta aige, ní mór dó fógra a thabhairt don Mháratáin maidir le haon dul isteach i limistéar iascaireachta na Máratáine nó aon imeacht as, tráth nach déanaí ná 36 uair an chloig roimh dhul ann nó as, cé is moite de bháid saighneoireachta tuinníní, soithí tuinníní cleithe agus dorú agus báid spiléar, a laghdaítear an tréimhse sin ina leith go 6 uair an chloig.

1.2. Nuair a bheidh fógra á thabhairt ag an soitheach go bhfuil sé ag dul isteach ann nó amach as, sonróidh sé an méid seo a leanas go háirithe:

(a) ainm na loinge;

(b) glao-chomhartha an tsoithigh;

(c) an dáta measta (ll/mm/bbbb), am (UTC) agus pointe trasnaithe (deg/min/sec);

(d) cainníocht gach speicis a choimeádtar ar bord, arna shainaithint lena chód alfa 3 FAO agus arna shloinneadh i gcileagraim beomheáchain nó, más gá, i líon na n-iasc aonair;

(e) cur i láthair an táirge.

1.3. Is fearr fógra a thabhairt trí ERS nó, ina éagmais sin, le ríomhphost, le facs nó ar an raidió, chuig seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin nó minicíocht arna cur in iúl ag an Máratáin, amhail a léirítear i bhFoscríbhinn 10. Dearbhóidh an Mháratáin láithreach go bhfuarthas an fógra sin.

1.4. Sa chás gur le ríomhphost a sheoltar faisnéis an tsoithigh maidir le dul isteach agus imeacht, seolfar go comhuaineach í chuig Toscaireacht an Aontais chuig an Máratáin, chuig an seoladh ríomhphoist a shonraítear i bhFoscríbhinn 12.

1.5. Cuirfidh an Mháratáin na soithí lena mbaineann agus an tAontas ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar an seoladh ríomhphoist, ar an uimhir theileafóin nó ar an minicíocht tarchuir.

1.6. Aon soitheach a gheofar ag iascaireacht i limistéar iascaireachta na Máratáine gan fógra a bheith tugtha roimh ré aige go bhfuil sé i láthair, beidh sé faoi dhliteanas na bpionós dá bhforáiltear le reachtaíocht na Máratáine atá i bhfeidhm.

1.7. Coinneofar na tuarascálacha ar dhul isteach agus ar imeacht ar feadh tréimhse 1 bhliain amháin ar a laghad tar éis an dáta a thabharfar an fógra.

1.8. Le linn dóibh a bheith i láthair i gcrios iascaireachta na Máratáine, déanfaidh soithí an Aontais faireachán leanúnach ar mhinicíochtaí glaonna idirnáisiúnta (Cainéal 16 VHF nó HF 2 182 KHz).

1.9. Sula bhfágfaidh siad an limistéar iascaireachta, déanfaidh na húdaráis inniúla seiceáil ar na soithí ag deireadh turais iascaireachta, ar bhonn samplála, ar na bóithre amach ó chalafoirt Nouadhibou nó Nouakchott.

1.10. Níor cheart go dtógfadh na seiceálacha sin níos mó ná 6 uair an chloig i gcás soithí peiligeacha (catagóirí 6 agus 7) nó níos mó ná 3 uair an chloig i gcás catagóirí eile, seachas i gcás cúinsí eisceachtúla.

1.11. Mura gcomhlíontar na míreanna thuas, forchuirfear na pionóis dá bhforáiltear le dlí na Máratáine.

1.12. I gcás nach féidir an soitheach a rinne an cion a atreorú, cuirfidh an Aireacht an tAontas agus an Ballstát brataí ar an eolas ionas go bhféadfar na pionóis a leagtar síos i mír 1.11 thuas a chur i bhfeidhm.

2. Forálacha a bhaineann le cigireachtaí ar muir agus i gcalafort

2.1. Maidir le cigireachtaí a dhéantar ar muir agus sa chalafort ar bord shoithí an Aontais faoin gComhaontú seo, déanfaidh an Mháratáin na bearta is gá chun a áirithiú:

(a) go mbeidh na cigireachtaí á ndéanamh ag soithí agus/nó cigirí Máratáineacha ar léir go bhfuil siad údaraithe agus é sainaitheanta go bhfuil siad sannta ag an Máratáin le haghaidh rialú iascach. Ní mór oiliúint i rialú iascach a chur ar chigirí agus ní mór dóibh cárta seirbhíse a iompar, arna eisiúint ag an Máratáin, a léiríonn a gcéannacht agus a gcáilíocht;

(b) nach gcuirtear sábháilteacht an tsoithigh ná an chriú i mbaol i gcás ar bith.

2.2. Chun críocha cigireachta ar muir, ní fhéadfaidh cigirí dul ar bord soithigh Aontais gan fógra a thabhairt roimh ré ó raidió VHF nó leis an gCód Idirnáisiúnta Comharthaí. Ní mór bratainn oifigiúil nó siombail oifigiúil a bheith ar taispeáint go soiléir feiceálach ar gach modh iompair a úsáidfear sa chigireacht, léiriú go bhfuiltear ag gabháil do chigireacht iascaigh thar ceann na Máratáine.

2.3. Ligfidh máistir shoitheach an Aontais do na cigirí teacht ar bord agus a gcuid oibre a dhéanamh. Ní mór don mháistir comhoibriú leis na cigirí iascaigh.

2.4. Beidh an chigireacht á déanamh ag grúpa cigirí a mbeidh a líon in oiriúint d'imthosca na cigireachta, agus soláthróidh siad cruthúnas ar a gcéannacht agus a gcáilíocht sula dtabharfaidh siad faoin gcigireacht.

2.5. Féadfaidh cigirí scrúdú a dhéanamh ar na réimsí uile - trealamh, trealamh iascaireachta, gabhálacha, doiciméid agus taifid tarchuir - a mheasann siad a bheith riachtanach chun a fhíorú go bhfuil an Comhaontú seo á chomhlíonadh. Féadfaidh siad an máistir a cheistiú, nó baill den chriú, nó aon duine eile ar bord an tsoithigh a mbeidh cigireacht á déanamh air. Féadfaidh siad cóipeanna a dhéanamh d'aon doiciméad a mheastar a bheith ábhartha.

2.6. Ní fhéadfaidh cigirí cur isteach ar cheart mháistir shoitheach an Aontais cumarsáid a dhéanamh le húinéir agus/nó le húdarás stát brataí an tsoithigh.

2.7. Ní fhanfaidh na cigirí ar bord shoitheach an Aontais ach a fhad agus is gá chun cúraimí na cigireachta a dhéanamh. I gcás ar bith, ní mhairfidh cigireacht níos faide ná 3 uair an chloig i gcás soithí peiligeacha agus 1.5 uair an chloig i gcás catagóirí eile, mura bhfuil fíorghá leis.

2.8. Déanfaidh na cigirí an chigireacht sa chaoi is go ndéanfar an cur isteach is lú is féidir ar an soitheach, ar a ghníomhaíocht iascaireachta agus ar a lasta, agus ar oibríochtaí teacht i dtír nó trasloingsithe.

2.9. Áiritheoidh an Mháratáin go ndéanfar aon ghearán a bhaineann le cigireacht ar shoitheach Aontais a láimhseáil go cothrom agus go críochnúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

2.10. Féadfaidh an Mháratáin ceadú don Aontas a bheith páirteach i gcigireachtaí ar muir agus i gcalafort mar bhreathnóir.

2.11. Ag deireadh gach cigireachta, déanfaidh na cigirí tuarascáil chigireachta a tharraingt suas ina mbeidh torthaí na cigireachta, aon sáruithe a braitheadh agus aon bhearta a bheidh le déanamh ina dhiaidh sin ag an Máratáin.

2.12. Beidh sé de cheart ag máistir shoitheach an Aontais barúlacha a chur leis an tuarascáil chigireachta.

2.13. Ní mór an tuarascáil chigireachta a bheith sínithe ag ceann na foirne cigireachta a tharraing suas an tuarascáil agus ag máistir shoitheach an Aontais. Níl d'fheidhm le síniú an mháistir ach mar admháil go bhfuarthas cóip den tuairisc. I gcás ina ndiúltaíonn an máistir an tuarascáil chigireachta a shíniú, ní mór don mháistir na cúiseanna leis an diúltú a scríobh ar an tuarascáil chigireachta, chomh maith leis an ráiteas 'dhiúltaigh mé síniú'.

2.14. Más de láimh a scríobhtar an tuarascáil chigireachta, ní mór an pheannaireacht a bheith inléite agus i ndúch doscriosta.

2.15. Tabharfaidh na cigirí cóip den tuarascáil chigireachta do mháistir shoitheach an Aontais sula bhfágfaidh siad an soitheach. Seolfaidh an Mháratáin cóip den tuarascáil chigireachta chuig an Aontas laistigh de 7 lá den chigireacht a bheith déanta (cigireachtaí ar muir) nó laistigh de 48 uair an chloig (cigireachtaí sa chalafort), gan beann ar na torthaí.

3. Córas breathnóireachta frithpháirtí le haghaidh rialuithe ar tír agus ar muir

3.1. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh comhchóras breathnóireachta a bhunú le haghaidh rialuithe ar tír agus ar muir. Chun na críche sin, ainmneoidh siad ionadaithe a fhreastalóidh ar oibríochtaí rialaithe agus ar chigireachtaí arna ndéanamh ag na húdaráis chigireachta náisiúnta faoi seach agus féadfaidh siad barúlacha a thabhairt maidir le cur chun feidhme an Phrótacail seo.

3.2. Ní foláir an méid seo a leanas a bheith ag na hionadaithe sin:

— cáilíocht ghairmiúil;

— taithí iomchuí i réimse an iascaigh; agus

— tuiscint mhaith ar fhorálacha an Chomhaontaithe agus an Phrótacail seo.

3.3. Is iad na húdaráis chigireachta náisiúnta a dhéanfaidh na cigireachtaí agus ní fhéadfaidh na hionadaithe atá i láthair, ar a dtionscnamh féin, na cumhachtaí cigireachta a thugtar do na hoifigigh náisiúnta a fheidhmiú.

3.4. Nuair a bheidh na hionadaithe in éineacht le hoifigigh chigireachta náisiúnta, beidh rochtain acu ar na soithí, ar na háitribh agus ar na doiciméid a bheidh faoi réir cigireacht ag na hoifigigh sin, chun sonraí a bhailiú (nach mbeidh tagairtí ainmnithe iontu) a bheidh riachtanach chun a gcúraimí a chur i gcrích.

3.5. Rachaidh na hionadaithe in éineacht leis na húdaráis chigireachta náisiúnta agus iad ag tabhairt cuairteanna ar na calafoirt, ar bord soithí i nduga, agus ar chomhlachtaí ceantála poiblí, siopaí mórdhíoltóirí éisc, stórais fhuara agus áitribh eile ina ndéantar iasc a thabhairt i dtír agus a stóráil sula gcuirtear ar an margadh é.

3.6. Déanfaidh na hionadaithe tuarascáil a tharraingt suas agus a chur isteach gach 4 mhí ina sonrófar na cigireachtaí ar freastalaíodh orthu. Díreofar an tuarascáil sin chuig na húdaráis inniúla. Déanfaidh na húdaráis sin cóip a sholáthar don Pháirtí eile.

3.7. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh cigireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh.

3.8. Beidh aird ag an ionadaí i gcomhoibríochtaí rialaithe ar an ngléasra agus ar an trealamh ar bord an tsoithigh, agus ar aon suiteálacha eile, agus ar rúndacht na ndoiciméad uile a gcuirfear rochtain orthu ar fáil. Comhaontaíonn na Páirtithe na caighdeáin is airde rúndachta a choinneáil le linn na n-oibríochtaí sin.

3.9. Cuirfear an clár sin chun feidhme i gcalafoirt tabhairt i dtír an Aontais agus i gcalafoirt na Máratáine.

3.10. Íocfaidh gach Páirtí costais a ionadaí féin i gcás comhoibríochtaí rialaithe, lena n-áirítear taisteal agus cóiríocht.

4. Faireachas rannpháirteach sa chomhrac i gcoinne iascaireacht NNN

4.1. Chun an comhrac i gcoinne iascaireacht NNN a neartú, tuairisceoidh máistrí shoithí iascaireachta an Aontais má tá aon soithí i limistéar iascaireachta na Máratáine atá i mbun gníomhaíochtaí amhrasacha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iascaireacht NNN, agus soláthróidh siad a oiread faisnéise agus is féidir faoin méid a chonacthas. Cuirfear tuairiscí amhairc chuig údaráis Phoblacht Ioslamach na Máratáine (Garda Cósta na Máratáine) gan mhoill agus chuig údarás inniúil stát brataí an tsoithigh amhairc, a chuirfidh ar aghaidh láithreach iad chuig an Aontas nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an Aontas.

4.2. Seolfaidh an Mháratáin aon tuarascálacha amhairc chuig an Aontas maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina n-iascaireacht NNN i gcrios iascaireachta na Máratáine.

CAIBIDIL VI

SÁRUITHE

1. Tuarascáil chigireachta agus ráiteas maidir le sárú

1.1. Ní mór aon líomhain maidir le sárú ag soitheach de chuid an Aontais a bheith bunaithe ar thorthaí oibiachtúla ábhartha arna ndéanamh ag cigirí maidir le fíricí an tsáraithe sin. Ní féidir a thoimhdiú go ndearnadh sárú.

1.2. Ní mór an tuarascáil chigireachta a bheith sínithe ag máistir an tsoithigh, a fhéadfaidh aon fhorchoimeádas a thabhairt ar aird agus cuirfidh an fhoireann chigireachta cóip den tuarascáil ar fáil don mháistir láithreach, i gcomhréir le mír 2.15 de Chaibidil VI. Ní dhéanfaidh síniú na tuarascála dochar do chearta an mháistir ná d'aon chosaint a dhéanfaidh an máistir i gcoinne an tsáraithe líomhnaithe.

1.3. Déanfar an ráiteas maidir le sárú a tharraingt suas go dílis ar bhonn na sáruithe a aimsíodh agus cuirfear isteach é sa tuarascáil chigireachta arna tarraingt suas tar éis do cheann an aonaid a rinne na seiceálacha sin ar an soitheach na seiceálacha sin a dhéanamh. Ní mór gach fianaise ábhartha lena dtugtar bunús oibiachtúil leis an sárú líomhnaithe a bheith ag gabháil leis.

1.4. Le linn na seiceálacha sin déanfar comhréireacht shaintréithe an tsoithigh, a fionnadh ón gcigireacht theicniúil (Caibidil II), a chur san áireamh.

2. Fógra a thabhairt faoin sárú

2.1. I gcás sárú, déanfaidh Garda Cósta na Máratáine an ráiteas maidir le sárú a sheirbheáil ar ionadaí an tsoithigh tríd an bpost a luaithe is féidir, maille leis an tuarascáil chigireachta. Cuirfidh Garda Cósta na Máratáine an tAontas ar an eolas ina thaobh a luaithe is féidir go leictreonach agus cuirfidh sé na doiciméid ábhartha ar aghaidh.

2.2. I gcás sárú nach féidir deireadh a chur leis ar muir, tabharfaidh an máistir an soitheach chuig an gcalafort ainmnithe, arna iarraidh sin don údarás inniúil cigireachta (athródú). Cuirfidh Garda Cósta na Máratáine an tAontas ar an eolas ina thaobh gan mhoill. I gcás sárú arna aithint ag an máistir ar féidir deireadh a chur leis ar muir, leanfaidh an soitheach den iascaireacht. Sa dá chás, leanfaidh an soitheach den iascaireacht a luaithe a chuirfear deireadh leis an sárú.

3. Sárú a réiteach gan athródú

3.1. De réir an Phrótacail seo, féadfar sáruithe a shocrú lasmuigh den chúirt nó trí imeachtaí dlíthiúla.

3.2. Sula ndéanfar an sárú a réiteach agus ar a dhéanaí 48 uair an chloig tar éis an sárú a bheith fógartha, gheobhaidh an tAontas ón Máratáin an fhaisnéis mhionsonraithe ar fad maidir le fíricí an tsáraithe agus aon ghníomhaíocht leantach.

3.3. Is é Garda Cósta na Máratáine a chomórfaidh an Coiste Socraíochta. Cuirfear gach faisnéis a bhaineann le socraíochtaí lasmuigh den chúirt nó le himeachtaí dlíthiúla a bhaineann le sáruithe a dhéanann soithí an Aontais chuig an Aontas a luaithe is féidir. Más gá, agus de mhaolú arna dheonú ag Cathaoirleach an Choiste Socraíochta, féadfaidh beirt ionadaíocht a dhéanamh thar ceann úinéir an tsoithigh sa

choiste. Féadfaidh úinéir an tsoithigh argóintí a dhéanamh agus aon fhaisnéis bhreise a bhaineann le cúinsí an cháis a thairiscint.

3.4. Cuirfear toradh an Choiste Socraíochta in iúl go leictreonach a luaithe is féidir d'úinéir an tsoithigh nó d'ionadaí an úinéara agus don Aontas, tríd an Toscaireacht.

3.5. Ní mór aon fhíneáil a íoc trí aistriú tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis na socraíochta. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag soitheach limistéar iascaireachta na Máratáine a fhágáil, ní fhéadfaidh sé déanamh amhlaidh go dtí go mbeidh éifeacht leis an íocaíocht. Glacfar le hadmháil Státchiste Phoiblí nó, dá uireasa sin, ar laethanta neamhoibre, le haistriú bainc SWIFT arna dheimhniú ag Banc Ceannais na Máratáine mar chruthúnas gur íocadh an fhíneáil.

3.6. Mura mbeidh críoch rathúil leis na himeachtaí socraíochta lasmuigh den chúirt, cuirfidh an Aireacht an cheist faoi bhráid Ionchúisitheoir Poiblí Phoblacht Ioslamach na Máratáine a luaithe is féidir. I gcás urghaire a mbíonn fíneáil mar thoradh uirthi, ní mór an fhíneáil a íoc trí aistriú tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis na hurghaire. Glacfar le hadmháil Státchiste Phoiblí nó, dá uireasa sin, ar laethanta neamhoibre, le haistriú bainc SWIFT arna dheimhniú ag Banc Ceannais na Máratáine mar chruthúnas gur íocadh an fhíneáil.

4. Sárú a réiteach le hathródú

4.1. Maidir le soitheach a athródaíodh tar éis sárú a shainaithint coinneofar i gcalafort é go dtí go gcríochnófar na himeachtaí socraíochta lasmuigh den chúirt.

4.2. Sula ndéanfar aon imeachtaí dlíthiúla, déanfar iarracht an sárú líomhnaithe a réiteach lasmuigh den chúirt faoi na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 3.3 go 3.5. Tabharfar an nós imeachta sin chun críche tráth nach déanaí ná 3 lá oibre tar éis thús an athródaithe.

4.3. Sula mbeidh na himeachtaí socraíochta lasmuigh den chúirt ann agus ar a dhéanaí 48 uair an chloig tar éis an t-athródú a bheith tosaithe, gheobhaidh an tAontas ón Máratáin an fhaisnéis mhionsonraithe ar fad maidir le fíricí an tsáraithe agus aon ghníomhaíocht leantach.

4.4. Mura mbeidh críoch rathúil leis na himeachtaí socraíochta lasmuigh den chúirt, déanfaidh an Aireacht an cheist a chur faoi bhráid Ionchúisitheoir Poiblí na Máratáine gan mhoill. I gcás urghaire a mbíonn fíneáil mar thoradh uirthi, ní mór an fhíneáil a íoc i gcomhréir le mír 3.6.

4.5. I gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm, déanfaidh úinéir an tsoithigh urrús bainc, arna leagan síos ag an údarás inniúil nó ag an gcúirt a bhfuil dlínse aici, a thaisceadh laistigh de 72 uair an chloig ó dheireadh na n-imeachtaí socraíochta lasmuigh den chúirt, agus na costais a tabhaíodh mar thoradh ar bhordáil agus na fíneálacha agus an cúiteamh is iníoctha acu siúd atá freagrach as an sárú á gcur san áireamh. Beidh slándáil na mbanc neamh-inchúlghairthe go dtí go mbeidh na himeachtaí dlíthiúla curtha i gcrích. Má chríochnaíonn na himeachtaí dlíthiúla gan chiontú, scaoilfear saor láithreach é. Mar an gcéanna, má dhéantar ciontú as a dtiocfaidh fíneáil is lú ná an t-urrús a taisceadh, scaoilfidh údaráis inniúla na Máratáine leis an iarmhéid.

4.6. Déanfar an soitheach a scaoileadh saor:

(a) a luaithe a chomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn faoin nós imeachta um shocraíocht lasmuigh den chúirt; nó

(b) nuair a bheidh an t-urrús bainc dá dtagraítear i mír 4.5 thuas taiscthe agus glactha ag an Aireacht, go dtí go gcuirfear na himeachtaí dlíthiúla i gcrích. Glacfar le hadmháil Státchiste Phoiblí nó, dá uireasa sin, ar laethanta neamhoibre, le haistriú bainc SWIFT arna dheimhniú ag Banc Ceannais na Máratáine mar chruthúnas gur íocadh an fhíneáil.

5. Malartuithe faisnéise maidir le seiceálacha agus sáruithe

Geallann na Páirtithe go neartóidh siad na nósanna imeachta a bheidh riachtanach chun idirphlé leanúnach a áirithiú maidir le gníomhaíochtaí rialaithe, cásanna sáraithe leanúnacha, torthaí imeachtaí socraíochta lasmuigh den chúirt agus imeachtaí dlí agus aon deacrachtaí a bheidh nasctha le seiceálacha a dhéanamh agus le gníomhaíocht leantach a bhaineann le cásanna sáraithe.

CAIBIDIL VIII

CÓRAS UM FHAIREACHÁN SOITHÍ (VMS)

1. Teachtaireachtaí suímh an tsoithigh – VMS

Gan dochar don reachtaíocht Aontais is infheidhme maidir le soithí Eorpacha i ndáil le VMS, ní mór córas faireacháin satailíte (Córas um Fhaireachán Soithí – VMS) a bheith feistithe ar shoithí an Aontais a bheidh infheidhme sa Mháratáin nuair a bheidh siad i limistéar iascaireachta na Máratáine. Ní mór don chóras sin a áirithiú go ndéanfar a suíomh a chur in iúl go huathoibríoch agus go leanúnach, i gcónaí, chuig ionad faireacháin Gharda Cósta na Máratáine (GCM).

2. Nósanna imeachta maidir le tarchur chuig Garda Cósta na Máratáine

2.1. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith i ngach teachtaireacht suímh:

(a) aitheantas soithigh;

(b) suíomh geografach an tsoithigh (domhanleithead, domhanfhad), le lamháil earráide is lú ná 100 méadar, agus le heatramh muiníne 99 %;

(c) an dáta agus an t-am a thaifeadtar an suíomh;

(d) luas agus cúrsa an tsoithigh.

2.2. Ní mór don chóras faireacháin cloí leis na sonraíochtaí a leagtar amach i bhFoscríbhinn 7.

2.3. Áiritheoidh FMC na Máratáine go ndéanfar próiseáil uathoibríoch ar theachtaireachtaí suímh.

3. An soitheach ag tarchur i gcás ina gclisfeadh ar VMS

3.1. Áiritheoidh an máistir, i gcónaí, go mbeidh VMS an tsoithigh lánoibríochtúil agus go ndéanfar na teachtaireachtaí suímh a tharchur i gceart chuig FMCanna na Máratáine agus an stáit brataí.

3.2. I gcás ina dtiocfadh fabht teicniúil chun cinn sa trealamh faireacháin satailíte leanúnach atá suiteáilte ar bord soithigh iascaireachta nó ina gclisfeadh air, cuirfidh máistir an tsoithigh an Mháratáin ar an eolas gan mhoill faoi aon mhífheidhmiú

maidir le tarchur agus glacadh teachtaireachtaí suímh, d'fhonn teacht ar réiteach teicniúil a luaithe is féidir. Cuirfidh an máistir an fhaisnéis a shonraítear i mír 2.1 chuig GCM, chuig freagróir an mháistir ar tír agus chuig FMC an stáit brataí le ríomhphost, ar an raidió nó le facs gach 4 uair an chloig.

3.3. I gcás ina gclisfeadh ar an gcóras VMS ar bord nó i gcás mífheidhme, áiritheoidh an máistir agus/nó an t-úinéir go ndéanfar an VMS a dheisiú nó a athsholáthar laistigh de 5 lá ar a mhéad. I gcás nach ndéantar é faoin spriocam sin, ní mór don soitheach i dtrácht filleadh ar chalafort sa Mháratáin. I gcás ina dtiocfaidh an soitheach i dtír i gcalafort sa Mháratáin laistigh den tréimhse 5 lá sin, ní fhéadfaidh sé gníomhaíocht iascaireachta a atosú i gcrios iascaireachta na Máratáine go dtí go mbeidh a VMS in ord iomlán oibre.

3.4. Measfar gurb é máistir an tsoithigh atá freagrach i gcás ina bhfuarthas go ndearnadh crioscaíl le VMS soithigh chun cur isteach ar a oibriú nó chun a theachtaireachtaí suímh a fhalsú. Beidh aon sárú faoi réir na bpionós dá bhforáiltear le dlí na Máratáine.

3.5. Tar éis cliseadh teicniúil ar a VMS, ní fhéadfaidh soitheach iascaireachta an calafort a fhágáil ach sa chás go bhfaigheadh sé údarú ón Mháratáin mar fhreagairt ar iarratas ón stát brataí a cuireadh in iúl trí Thoscaireacht an Aontais.

4. Suíomh an tsoithigh trí fhaireachán

Ní mór don teirminéal VMS, i gcónaí, a bheith in ann freagra a thabhairt ar iarratas faireacháin ó FMC na Máratáine (an roinn faireacháin). Arna iarraidh sin, ní mór don teirminéal VMS a bheith in ann sonraí suímh reatha an tsoithigh iascaireachta a sholáthar i bhfíor-am. Is í an aidhm atá leis, suíomhanna fíor-ama a fháil de bhreis ar na suíomhanna reachtúla (aon suíomh amháin gach uair an chloig).

CAIBIDIL IX

MARAITHE ÓN MÁRATÁIN A CHLÁRÚ

1. Agus iascaireacht á déanamh i limistéar iascaireachta na Máratáine, cláróidh gach soitheach iascaireachta Aontais maraithe cáilithe arna roghnú ag gníomhaire an tsoithigh, i gcomhaontú le húinéir an tsoithigh, as na hainmneacha ar an liosta a nuashonraíonn údaráis inniúla Phoblacht Ioslamach na Máratáine agus arna tharraingt suas ar bhonn na gcritéar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 11. Sonraítear líon na maraithe atá le clárú i mír 1 d'Fhoscríbhinn 11.

2. Gach mí, déanfaidh údaráis inniúla Phoblacht Ioslamach na Máratáine liosta a chur ar fáil d'úinéirí soithí nó dá ngníomhairí de na maraithe cáilithe arna n-ainmniú ag údaráis inniúla na Máratáine. Má fhaigheann úinéir an tsoithigh, agus údaráis inniúla na Máratáine ag gníomhú mar idirghabhálaí, nach bhfuil aon mharaithe cáilithe ar an liosta, scaoilfear úinéir an tsoithigh, i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar síos, ón oibleagáid sin agus ó na hoibleagáidí gaolmhara a leagtar síos sa Chaibidil seo, lena n-áirítear íocaíocht an chúitimh ar ráta comhréidh dá bhforáiltear i mír 11.

3. I gcás inar féidir, déanfaidh úinéirí soithí oiliúnaithe a chlárú in ionad an oibleagáid thuas a chomhlíonadh maidir le maraithe ón Máratáin a chlárú. Féadfaidh gníomhaire an tsoithigh Aontais, i gcomhaontú le húinéir an tsoithigh, oiliúnaithe cáilithe a roghnú as na hainmneacha ar an liosta ó údaráis inniúla na Máratáine.

4. Cuirfidh úinéir an tsoithigh nó an gníomhaire ainmneacha agus sonraí na maraithe ón Máratáin atá le clárú ar an soitheach Aontais lena mbaineann in iúl d'údaráis inniúla na Máratáine, agus deimhneoidh sé a n-ord i liosta an chriú i gcás gach turais i gcomhréir le Foscríbhinn 11.

5. Beidh feidhm ag Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus ag Coinbhinsiúin ábhartha eile EIS i leith maraithe na Máratáine, ó cheart, arna gclárú ag soithí Aontais. Baineann sé sin, go háirithe, le saoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart cómhargála, le deireadh a chur le hidirdhealú i ndáil le fostaíocht agus slí bheatha, agus le dálaí oibre agus maireachtála ar bord soithí iascaireachta.

6. Le linn maraithe ón Máratáin a chlárú, déanfar conarthaí fostaíochta a tharraingt suas idir gníomhaire úinéirí an tsoithigh agus na maraithe i gcomhairle le údaráis inniúla na Máratáine. Ráthófar le conarthaí den sórt sin go mbeidh an cumhdach slándála sóisialta atá dlite dóibh ag maraithe na Máratáine faoin dlí is infheidhme maidir lena gconradh, lena n-áirítear árachas breoiteachta agus tionóisce, sochair phinsin, pá saoire agus cúiteamh deireadh conartha, chomh maith leis an mbunphá a bheidh le híoc de bhun fhorálacha na Caibidle seo. Comhlíonfaidh conarthaí fostaíochta na ceanglais a leagtar síos i bhFoscríbhinn 11. Tabharfar cóip den chonradh do na sínitheoirí agus d'údaráis inniúla na Máratáine, i gcomhréir le Foscríbhinn 11.

7. I gcás ina gcláraítear maraithe ón Máratáin, is iad úinéirí an tsoithigh a íocfaidh a bpá. Is ar bhonn reachtaíocht na Máratáine nó ar bhonn íoschaighdeán EIS do mharaithe, cibé acu is airde, a shocrófar na bunchoinníollacha pá a dheonaítear do mharaithe na Máratáine, i.e. an pá íosta sula gcuirtear bónais leis. Ní bheidh na sochair eile níos ísle ná na sochair is infheidhme maidir le maraithe ó thíortha eile san Afraic, i dtíortha Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC) a mbíonn dualgais den chineál céanna á gcomhlíonadh acu.

8. Measfar gurb é an gníomhaire ionadaí áitiúil úinéir an tsoithigh.

9. I gcás inarb infheidhme, is é úinéir an tsoithigh a iompróidh na costais a bhaineann le maraithe ón Máratáin a thabhairt ar bord agus i dtír agus lena n-aisdúichiú idir an calafort dul ar bord nó teacht i dtír agus a ngnátháit chónaithe.

10. Ní mór do na maraithe uile ón Máratáin a fhostaítear ar bord soithí Aontais teacht i láthair mháistir an tsoithigh ainmnithe an lá roimh an dáta bordála a bheartaítear. I gcás ina dteipeann ar mharaí ón Máratáin teacht i láthair chun bordáil an tráth agus an dáta a comhaontaíodh, scaoilfear úinéirí soithigh go huathoibríoch óna n-oibleagáid an maraí a ghlacadh ar bord.

11. I gcás nach sroicheann an líon maraithe cáilithe ón Máratáin atá ar bord soithigh Aontais an t-íosmhéid a shonraítear i mír 1 ar chúiseanna seachas na cúiseanna dá dtagraítear i mír 10, íocfaidh úinéir an tsoithigh cúiteamh ar ráta comhréidh EUR 20 in aghaidh an mharaí nár tugadh ar bord in aghaidh gach lá gníomhaíochtaí iascaireachta i limistéar iascaireachta na Máratáine. Íocfar an méid ar ráta comhréidh le húdaráis na Máratáine laistigh de 90 lá ó dheireadh thréimhse bhailíochta an údaraithe iascaireachta.

12. I gcás deacrachta maidir le forálacha na caibidle seo a chur chun feidhme, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile, lena n-áirítear laistigh den Chomhchoiste, chun an fhaisnéis ábhartha uile faoin gcur chun feidhme a chomhroinnt agus chun na réitigh is iomchuí a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin.

CAIBIDIL X

BREATHNÓIRÍ EOLAÍOCHTA

1. Bunófar córas chun breathnóireacht eolaíoch a dhéanamh ar bord soithí Aontais. I gcás soithí tuinníní, beidh an córas sin i gcomhréir leis na moltaí ábhartha arna nglacadh ag ICCAT.

2. Soithí Aontais a údaraítear chun iascaireacht a dhéanamh i limistéar iascaireachta na Máratáine faoin bPrótacal seo, tógfaidh siad breathnóirí ar bord arna gceapadh ag údaráis na Máratáine mar ‘bhreathnóirí eolaíochta’. Is chun críocha eolaíocha amháin a úsáidfear torthaí na hoibre a dhéanann na breathnóirí sin.

3. Geallann na Páirtithe breathnóirí a ghlacadh ar bord a mbeidh an líon díobh agus na heatraimh ag teacht leo siúd a leagtar síos sna bileoga sonraí i bhFoscríbhinn 2. Déanfaidh na Páirtithe comhaontú frithpháirteach maidir leis na soithí nach mór dóibh breathnóirí eolaíochta ón Máratáin a ghlacadh ar bord, cé is moite de shoithí tuinníní [báid saighneoireachta], a ghlacfaidh breathnóirí ar bord arna iarraidh sin don Aireacht. Ní bheidh ach breathnóir eolaíochta amháin ar bord soithigh sa seal.

4. Cé is moite de chatagóir 6 (speicis pheiligeacha bheaga), ní bheidh an tréimhse a chaitheann breathnóir eolaíochta ar bord soithigh níos faide ná seal an turais iascaireachta. Arna iarraidh go sainráite do cheann de na Páirtithe, áfach, féadfar roinnt turas a chumhdach faoin mbordáil sin, ag brath ar mheánfhad na dturas a bheartaítear le haghaidh soitheach ar leith.

5. Cuirfidh an Aireacht in iúl don Aontas, trí bhíthin na Toscaireachta, ainmneacha na mbreathnóirí eolaíochta ainmnithe, a gcuirfear na doiciméid riachtanacha ar fáil dóibh, 7 lá oibre ar a laghad roimh an dáta sceidealta dá ndul ar bord.

6. Íocfaidh an Aireacht na costais go léir ag éirí as gníomhaíochtaí breathnóirí eolaíochta, lena n-áirítear a dtuarastal, a luach saothair agus a liúntais.

7. Déanfaidh an Aireacht gach socrú a bheidh riachtanach chun an breathnóir eolaíochta a chur ar bord agus a thabhairt i dtír.

8. Cuirfear an chóir chéanna ar na breathnóirí eolaíochta ar bord is a chuirtear ar oifigigh an tsoithigh.

9. Tairgfear gach saoráid is gá do bhreathnóirí eolaíochta chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Tabharfaidh an máistir rochtain dóibh ar na modhanna cumarsáide a bheidh ag teastáil chun a ndualgais a chomhlíonadh, ar dhoiciméid a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh, i.e. an logleabhar iascaireachta, an logleabhar forlíontach iascaireachta agus an loga loingseoireachta, agus ar na codanna riachtanacha sin den soitheach chun feidhmiú a gcúraimí mar bhreathnóir a éascú.

10. Ní mór do bhreathnóirí eolaíochta teacht i láthair mháistir an tsoithigh ainmnithe an lá roimh an dáta a roghnaíodh chun dul ar bord. I gcás nach dtiocfadh breathnóir eolaíochta i láthair, cuirfidh máistir an tsoithigh an méid sin in iúl don Aireacht agus don Aontas. Sa chás sin, beidh an soitheach i dteideal imeacht as an gcalafort. Mar sin féin, féadfaidh an Aireacht a shocrú, gan mhoill agus ar a costas féin, go ndéanfar breathnóir eolaíochta nua a chur ar bord, gan cur isteach ar an iascaireacht atá a déanamh ag an soitheach.

11. Ní mór an méid seo a leanas a bheith ag breathnóirí eolaíochta:

    (a) ordú misin arna tharraingt suas ag an institiúid eolaíoch,

    (b) taithí iomchuí i réimse an iascaigh, agus

    (c) sáreolas ar an bprótacal breathnóireachta eolaíoch arna fhormheas ag an gComhchoiste Eolaíoch agus ar fhorálacha an Phrótacail seo maidir le breathnóireacht eolaíoch.

12. Áiritheoidh breathnóirí eolaíochta go ndéanfar sonraí a bhailiú, chun críocha eolaíochta, a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais atá ag oibriú i limistéar iascaireachta na Máratáine. Tiomsóidh siad tuarascáil ar an ábhar. Go háirithe, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

    (a) gníomhaíochtaí iascaireachta na soithí a bhreathnú,

    (b) suíomh soithí atá ag gabháil d'oibríochtaí iascaireachta a sheiceáil,

    (c) sampláil bhitheolaíoch i gcomhthéacs clár eolaíoch,

    (d) sonraí an trealaimh iascaireachta a thaifeadadh mar aon le méideanna mogall sna líonta atá in úsáid.

13. Beidh breathnóireacht teoranta do ghníomhaíochtaí iascaireachta agus do ghníomhaíochtaí gaolmhara a rialaítear leis an bPrótacal seo.

14. I gcomhréir le mír 3, comhaontaíonn na Páirtithe breathnóirí a thabhairt ar bord le haghaidh an turais iomlán a mhéid is féidir, (dul ar bord ag tús turais agus dul i dtír ag deireadh turais), chun go mbeidh siad in ann sonraí a úsáid a chumhdaíonn turais iascaireachta iomlána maidir le hualuithe agus chun cur isteach a sheachaint a d'fhéadfadh cur as do dhinimic ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála.

15. Comhaontaíonn na Páirtithe freisin breathnóireachtaí a phleanáil chun go gcumhdóidh siad an timthriall bliantúil iascaireachta (Eanáir go Nollaig).

16. D’fhonn iarrachtaí a bharrfheabhsú agus forluí, nó dúbailtí fiú, a sheachaint i dtéarmaí ama agus spáis, áiritheoidh na Páirtithe comhordú idir cláir bhreathnóireachta náisiúnta (SFPAnna), réigiúnacha agus Eorpacha. Chuige sin, cuirfidh siad córas comhuainíochta chun feidhme le haghaidh na gclár sin (breathnóir amháin in aghaidh an tsoithigh in aghaidh an turais).

17. Ba cheart breathnóirí a athionadú idir turais chun nach n-oibreoidh siad ar feadh tréimhsí rófhada.

18. Sna Lámhleabhair a bheidh le húsáid ag breathnóirí eolaíochta ar bord soithí in uiscí na hAfraice Thiar, tugtar cur síos ar na modhanna oibre, na gnéithe le cur san áireamh ag an mbreathnóir eolaíochta agus na cúraimí le déanamh ag an mbreathnóir, maidir leis na ceithre chineál iascaireachta a leanas: séaclaí, colmóirí, ceifileapóid agus iascaireacht pheiligeach.

19. I ndeireadh na tréimhse breathnóireachta agus sula bhfágfaidh sé an soitheach, déanfaidh an breathnóir eolaíochta tuarascáil a tharraingt suas i gcomhréir leis an múnla i bhFoscríbhinn 11 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo. Síneoidh an breathnóir eolaíochta í i láthair an mháistir, agus féadfaidh an máistir aon bharúlacha a mheastar a bheith ábhartha a chur léi, nó a chur faoi deara iad a chur léi, agus síniú an mháistir a chur léi ina dhiaidh sin. Tabharfar cóip den tuarascáil do mháistir an tsoithigh tráth a dtugtar an breathnóir eolaíochta i dtír, agus tabharfar cóip don Aireacht agus don Aontas Eorpach freisin.

CAIBIDIL XI

MIONSONRAÍ CHUR CHUN FEIDHME NA hIASCAIREACHTA TAISCÉALAÍCHE

1. Cinnfidh na Páirtithe go comhpháirteach (i) cé na hoibreoirí Eorpacha a fhéadfaidh iascaireacht taiscéalaíoch a chleachtadh, (ii) an tréimhse is fabhraí don iascaireacht sin, agus (iii) na coinníollacha is infheidhme. Chun obair thaiscéalaíoch a éascú i measc soithí, cuirfidh an Aireacht ar aghaidh aon sonraí eolaíocha atá ar fáil agus sonraí bunúsacha eile. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an bprótacal eolaíoch a úsáidfear mar bhonn don iascaireacht thaiscéalaíoch sin, agus cuirfear ar aghaidh é chuig na hoibreoirí lena mbaineann.

2. Beidh dlúthbhaint ag earnáil iascaireachta na Máratáine leis (comhordú agus idirphlé maidir leis na coinníollacha chun iascaireacht thaiscéalaíoch a chur chun feidhme).

3. 3 mhí ar a laghad agus 6 mhí ar a mhéid a mhairfidh na turais, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

4. Tabharfaidh an tAontas fógra don Mháratáin maidir le hiarrataí ar cheadúnais le haghaidh iascaireacht taiscéalaíoch. Cuirfidh sé sainchomhad teicniúil ar fáil ina sonrófar an méid seo a leanas:

   (a) saintréithe teicniúla an tsoithigh;

   (b) leibhéal saineolais oifigigh an tsoithigh i leith an iascaigh lena mbaineann;

(c) na paraiméadair theicniúla molta maidir leis an turas (fad, trealamh, limistéir thaiscéalaíochta, etc.);

(d) na modhanna cistiúcháin.

5. Eagróidh an Mháratáin idirphlé leis an Aontas maidir leis na gnéithe teicniúla agus airgeadais, más gá, agus leis na húinéirí soithí lena mbaineann, b'fhéidir.

6. Sula gcuirfear tús leis an turas iascaireachta taiscéalaíoch, rachaidh soitheach an Aontais go calafort sa Mháratáin le haghaidh cigireachtaí dá bhforáiltear i mír 6 de Chaibidil II den Iarscríbhinn seo.

7. Sula gcuirtear tús leis an turas, cuirfidh úinéirí na soithí an méid seo a leanas ar fáil don Mháratáin agus don Aontas:

(a) dearbhú maidir leis na gabhálacha atá ar bord cheana,

(b) saintréithe teicniúla an trealaimh iascaireachta a úsáidfear le linn an turais,

(c) dearbhú go gcomhlíonfaidh siad reachtaíocht iascaigh na Máratáine.

8. Le linn an turais, déanfaidh úinéirí na soithí lena mbaineann an méid seo a leanas:

(a) tuarascáil sheachtainiúil a chur chuig an Aireacht agus chuig an Aontas maidir leis na gabhálacha a dhéantar in aghaidh an lae agus in aghaidh an dola, ina sonraítear paraiméadair theicniúla an turais (suíomh, doimhneacht, dáta agus am, gabhálacha agus barúlacha nó nótaí trachta eile);

(b) suíomh, luas agus cúrsa an tsoithigh a chur in iúl le VMS;

(c) a áirithiú go mbeidh breathnóir eolaíochta Máratáineach ar bord nó breathnóir eolaíochta arna roghnú ag údaráis na Máratáine. Is é an ról a bheidh ag an mbreathnóir faisnéis eolaíoch a bhailiú ó na gabhálacha, agus samplaí de na gabhálacha a thógáil. Cuirfear an chóir chéanna ar bhreathnóirí is a chuirfear ar oifigigh an tsoithigh, agus íocfaidh úinéir an tsoithigh as a gcostais mhaireachtála le linn a bhfanachta ar bord an tsoithigh. Is i gcomhaontú le húdaráis na Máratáine a dhéanfar an cinneadh maidir leis an seal a bheidh an breathnóir ar bord, fad na fanachta agus maidir leis an gcalafort dul ar bord agus dul i dtír. Mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt, ní bheidh sé d'oibleagáid ar an soitheach riamh port a ghabháil níos mó ná uair amháin gach 2 mhí;

(d) a soitheach a chur faoi chigireacht sula bhfágfaidh siad limistéar iascaireachta na Máratáine, arna iarraidh d'údaráis na Máratáine déanamh amhlaidh;

(e) reachtaíocht iascaigh na Máratáine a chomhlíonadh.

9. Is le húinéir an tsoithigh na gabhálacha, lena n-áirítear foghabhálacha, a rinneadh le linn an turais eolaíoch, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na forálacha a rinne an Comhchoiste chun na críche sin agus forálacha an phrótacail eolaíoch.

10. Ceapfaidh an Aireacht duine teagmhála a bheidh freagrach as aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna gan choinne a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt na hiascaireachta thaiscéalaíche.

Foscríbhinní

(1) Teorainneacha limistéar iascaireachta na Máratáine

(2) Bileoga sonraí

(3) Foirm iarratais ar cheadúnas iascaireachta

(4) Liosta faisnéise maidir le Logleabhar Iascaireachta Phoblacht Ioslamach na Máratáine

(5) Reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir le híosmhéideanna na ngabhálacha a choimeádtar ar bord

(6) Liosta de na fachtóirí coinbhéartachta

(7) Teachtaireachtaí VMS a chur in iúl don Mháratáin

(8) Prótacal maidir le bainistiú ERS

(9) Tuarascáil ón mbreathnóir eolaíochta

(10) Sonraí teagmhála maidir le húdaráis inniúla an Aontais agus na Máratáine

(11) Maraithe ón Máratáin a chlárú

IARSCRÍBHINN 2

Tacaíocht airgeadais a chur chun feidhme chun iascaireacht fhreagrach inbhuanaithe a chur chun cinn

Cuspóir

1. Is é an cuspóir a bheidh le comhpháirt tacaíochta earnála an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPA) agus an Prótacal idir an tAontas Eorpach (AE) agus an Mháratáin cuidiú chun beartas iascaigh earnála na Máratáine a chur chun feidhme.

2. Beidh an chomhpháirt sin de bhreis ar an mbuiséad náisiúnta a leithdháiltear ar Aireacht Iascaigh agus Geilleagair Mhuirí na Máratáine (MPEM) chun a beartas forbartha iascaigh a chur chun feidhme.

3. Beidh feidhm ag prionsabal na coinníollachta a léirítear sa Phrótacal, i.e. déanfar íocaíochtaí tacaíochta earnála i dtráthchodanna bliantúla, ag brath ar an dul chun cinn a dhéantar agus ar na torthaí a bhaintear amach.

4. Tabharfar an phoiblíocht agus an infheictheacht is gá do na cláir a chuirfear chun feidhme faoin gcomhpháirt tacaíochta earnála, rud a neartóidh an chomhpháirtíocht idir an Mháratáin agus AE.

5. Cuideoidh an ghné tacaíochta earnála le tiomantas na Máratáine a chur chun cinn maidir le bainistiú inbhuanaithe acmhainní, le limistéir mhuirí agus chósta a chosaint, le trédhearcacht gníomhaíochtaí iascaireachta, le slándáil bia agus cothaithe i measc an phobail a fheabhsú, agus le breisluach agus fostaíocht a chruthú sa Mháratáin.

6. Go sonrach, spreagfaidh an chomhpháirt tacaíochta earnála iascaireacht fhreagrach in uiscí faoi dhlínse na Máratáine, chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní iascaigh a chosaint agus go ndéanfar saothrú inbhuanaithe orthu, agus ar an gcaoi sin rannpháirtíocht earnáil an iascaigh sa tslándáil bia, i gcruthú fostaíochta agus san fhorbairt eacnamaíoch a neartú.

Trédhearcacht agus inrianaitheacht cistí i ndáil le tacaíocht earnála

7. Socrófar méid na ranníocaíochta airgeadais a bhaineann le tacaíocht earnála arna aistriú ag AE chuig an Máratáin gach bliain ina Dhlí Airgeadais.

8. Leithdháilfear na cistí sin ar MPEM agus beidh siad scartha go soiléir ón gcúiteamh is iníoctha as rochtain ar an limistéar iascaireachta.

9. Aistreofar cistí tacaíochta earnála chuig cuntas i Státchiste Phoiblí na Máratáine i gcomhréir le hAirteagal 8(12).

10. Cuirfidh an tAontas an Mháratáin ar an eolas faoi aistriú thráthchuid na tacaíochta earnála tráth a dhéantar an t-idirbheart bainc ábhartha.

11. Cuirfidh an Mháratáin AE ar an eolas faoi leithdháileadh thráthchuid na tacaíochta earnála sa chuntas sainchuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 8(12) den Phrótacal.

Clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil

12. Ullmhóidh MPEM togra mionsonraithe le haghaidh cláir earnála ilbhliantúil chun cistí tacaíochta earnála a úsáid ar feadh ré an Phrótacail, a chuideoidh leis an Máratáin cuid dá beartas náisiúnta forbartha iascaigh a chur chun feidhme.

13. Sa chlár earnála ilbhliantúil a bheartaítear díreofar ar roinnt gníomhaíochtaí agus ar roinnt tionscadal gaolmhar a bheidh ag teacht leis na tosaíochtaí náisiúnta agus a chuirfidh cumas bainistithe, cur chun feidhme agus cumarsáide na Máratáine san áireamh maidir le cistí tacaíochta earnála.

14. Sa chlár earnála ilbhliantúil atá beartaithe sainaithneofar, ar feadh ré an Phrótacail, (i) na cuspóirí arna saothrú ar bhonn bliantúil agus ilbhliantúil, (ii) an staid bonnlíne ag tús na tréimhse cur chun feidhme, (iii) na gníomhaíochtaí a bheartaítear, (iv) a gcostais, (v) an institiúid/an comhlacht/an roinn atá freagrach as a gcur chun feidhme, (vi) na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, (vii) na táscairí ábhartha chun na torthaí sin a thomhas, (viii) na foinsí fíoraithe, agus (ix) amchlár táscach cur chun feidhme mar aon le miondealú buiséid (bliantúil agus ilbhliantúil).

15. I gcomhréir le hAirteagal 8 den Phrótacal, cuimsítear na hocht réimse gníomhaíochta seo a leanas sa tacaíocht airgeadais chun iascaireacht fhreagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn:

Réimse 1: Caomhnú an chomhshaoil mhuirí agus chósta

Réimse 2: Faireachán, rialú agus faireachas ar ghníomhaíochtaí iascaigh a neartú

Réimse 3: Taighde eolaíoch a neartú

Réimse 4: Córas faisnéise na hearnála a neartú

Réimse 5: Sláinteachas agus cáilíocht táirgí iascaigh

Réimse 6: Bonneagair a chuideoidh chun táirgí iascaigh a bheith á n-ithe ag daoine

Réimse 7: Tacaíocht d'iascaigh cheardaíochta agus do phobail chósta

Réimse 8: Cúnamh teicniúil

16. Scrúdóidh an Comhchoiste an clár earnála ilbhliantúil atá molta.

17. Maidir le gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Mháratáin clár oibre bliantúil faoi bhráid an Aontais tráth nach déanaí ná 30 lá roimh chruinniú an Chomhchoiste. I gcás inar ghá an clár earnála ilbhliantúil a thabhairt cothrom le dáta, beidh feidhm ag mír 49.

Téarmaí agus coinníollacha cur chun feidhme

18. Déanfaidh an Mháratáin faireachán leanúnach ar chur chun feidhme an chláir earnála ilbhliantúil. Beidh an Mháratáin freagrach as an gclár earnála ilbhliantúil arna ghlacadh ag an gComhchoiste a chur chun feidhme. A luaithe a dhéantar cistí tacaíochta earnála a aistriú, úsáidfear iad i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta chun airgeadas poiblí na Máratáine a bhainistiú, agus is é Rialtas na Máratáine a bheidh freagrach as bainistiú na n-acmhainní a aistreofar.

19. I gcomhréir le hAirteagal 8(8) den Phrótacal, cuirfear tacaíocht earnála chun feidhme le tacaíocht ó aonad comhordúcháin, a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chinntí an Chomhchoiste.

20. Is é an tAire a mbeidh freagracht iascach air a cheapfaidh an t-aonad comhordúcháin.

21. Beartaítear cistí tacaíochta earnála le haghaidh gníomhaíochtaí agus tionscadail shonracha a shainaithnítear go comhpháirteach. Ní fhéadfar iad a úsáid chun costais oibriúcháin na hAireachta nó tairbhithe eile a chumhdach, cé is moite den leithdháileadh a bheartaítear le haghaidh bearta formheasta sonracha chun tairbhe an aonaid chomhordúcháin dá dtagraítear i mír 20.

22. Féadfaidh an t-aonad comhordúcháin dá dtagraítear i mír 20 leithdháileadh a fháil a bheartaítear go sonrach le haghaidh na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 8(8) den Phrótacal, agus ní mór an tsuim bhliantúil a chinneadh sa Chomhchoiste.

23. Soláthróidh an t-aonad comhordúcháin tacaíocht do chur chun feidhme na tacaíochta earnála agus áiritheoidh sé go ndéanfar gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hairgeadas poiblí na Máratáine a bhainistiú. Cuirfidh sé an Comhchoiste ar an eolas go rialta ina thaobh.

24. Beidh an t-aonad comhordúcháin ag plé le tionscadail agus gníomhaíochtaí a shainaithint a cháilíonn le haghaidh cistiúcháin le heagraíochtaí tacaíochta earnála agus le heagraíochtaí tairbhíocha. Oibreoidh sé leo chun an clár ilbhliantúil le haghaidh tacaíocht earnála dá dtagraítear i mír 14 a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Chomhchoiste lena fhormheas.

25. Eagróidh an t-aonad comhordúcháin cur chun feidhme i gcomhar leis na tairbhithe, is cuma cén t-údarás maoirseachta atá acu, déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na dtionscadal formheasta agus tabharfaidh sé tuairisc ina leith don Chomhchoiste.

26. A luaithe a bheidh tionscadal á chur chun feidhme, ní mór do na Páirtithe laistigh den Chomhchoiste aon athruithe ar na gníomhaíochtaí atá á gcistiú, ar na treoirlínte, ar na cuspóirí, ar na critéir nó ar na táscairí meastóireachta a fhormheas. Is coinníoll bunriachtanach é formheas den sórt sin chun go ndéanfaidh an tAontas an tráthchuid a aistriú tar éis an leasú a bheith déanta.

27. Tionólfar cruinnithe chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála idir an t-aonad comhordúcháin, Ardrúnaí MPEM agus ionadaí ainmnithe Thoscaireacht AE chuig an Máratáin. Tionólfar iad ar bhonn ráithiúil ar a laghad. Glacfaidh an t-aonad comhordúcháin

miontuairiscí na gcruinnithe, déanfaidh siad siúd a bheidh i láthair ag an gcruinniú iad a fhormheas agus cuirfear ar aghaidh chuig an gComhchoiste iad lena fhormheas a fháil.

28. Déanfaidh ionadaí ainmnithe Thoscaireacht AE chuig an Máratáin misin allamuigh go rialta, in éineacht leis na húdaráis inniúla náisiúnta, chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gclár earnála ilbhliantúil a chur chun feidhme. Le linn na misean sin, beidh rochtain ag an ionadaí ar na doiciméid ábhartha uile a bheidh riachtanach chun dul chun cinn na ngníomhaíochtaí a fhíorú, go háirithe na cinn a sainaithníodh mar fhoinsí fíoraithe.

Tuarascálacha agus ceardlann aiseolais

29. Déanfaidh an Mháratáin tuarascáil dul chun cinn bhliantúil ar chur chun feidhme an chláir earnála ilbhliantúil a tharraingt suas agus cuirfear faoi bhráid AE í tráth nach déanaí ná 30 lá roimh chruinniú bliantúil an Chomhchoiste.

30. Áireofar sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn an fhaisnéis uile a bheidh riachtanach chun a chumasú don Chomhchoiste cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le heisíocaíochtaí chistí tacaíochta earnála AE ina dhiaidh sin.

31. I ndáil leis sin, sonrófar sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn na gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme agus an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na táscairí a roghnaíodh i ndáil leis na cuspóirí a comhaontaíodh (bainte, páirthbainte nó gan a bheith bainte). Ba cheart cur síos ar na deacrachtaí a bhí ann maidir leis na cuspóirí a bhaint amach agus na bearta ceartaitheacha a glacadh.

32. Déanfar na foinsí fíoraithe a liostaíodh sa chlár earnála ilbhliantúil a chur i gceangal leis an tuarascáil bhliantúil i gcás inar féidir agus inarbh ábhartha.

33. Tabharfar mionsonraí freisin sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le leibhéal glactha airgeadais na tacaíochta earnála. I ndáil leis sin, déanfar sonraí cur chun feidhme an bhuiséid arna bpróiseáil ag an Aireacht Airgeadais i dtaca le húsáid cistí tacaíochta earnála a chur ar fáil.

34. Thairis sin, oibreoidh an t-aonad comhordúcháin leis na heagraíochtaí is tairbhithe chun tuarascáil chríochnaitheach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Chomhchoiste maidir le gach ceann de na gníomhaíochtaí agus de na tionscadail a cuireadh i gcrích le tacaíocht earnála. Cuimseofar sa tuarascáil deiridh, go háirithe, léiriú ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a gnóthaíodh nó a bhfuil súil leis, agus ar na héifeachtaí ar acmhainní iascaigh, ar fhostaíocht agus ar infheistíocht. Tugtar an teimpléad don tuarascáil sin i ndeireadh na hIarscríbhinne seo.

35. Glacfaidh na Páirtithe na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 30 agus 34 ag cruinniú an Chomhchoiste i ndiaidh thréimhse cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí bliantúla nó an tionscadail i dtrácht, faoi seach.

36. Sula rachaidh an Prótacal seo in éag, tíolacfaidh an Mháratáin tuarascáil chríochnaitheach freisin maidir le cur chun feidhme na tacaíochta earnála dá bhforáiltear faoin bPrótacal seo, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear sna

míreanna thuas agus an doiciméad clársceidealaithe críochnaitheach maidir leis an tacaíocht earnála a críochnaíodh agus a tugadh chun críche.

37. Sa chás gur ghá, leanfaidh na Páirtithe d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta earnála tar éis don Phrótacal seo dul in éag nó, de réir mar a bheidh, sa chas go ndéanfaí é a fhionraí i gcomhréir le hAirteagal 14 den Phrótacal seo. Ar a shon sin, aon mhéideanna nach n-íocfaidh an tAontas roimh dhul in éag don Phrótacal, déanfar iad a chur ar fáil ar feadh tréimhse 6 mhí tar éis don Phrótacal dul in éag chun go bhféadfar lánúsáid a bhaint as na cistí, agus dá uireasa sin déanfar aon chistí nár úsáideadh a chealú.

38. Tabharfaidh na Páirtithe cuireadh do thairbhithe na tacaíochta, uair sa bhliain ar a laghad, páirt a ghlacadh i gceardlann ina ndéanfar na gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí bhíthin tacaíocht earnála a chur i láthair agus a sceidealú.

39. I gcás inar ghá, agus tar éis cinneadh ón gComhchoiste, d'fhéadfadh an tAontas comhairleoirí neamhspleácha a earcú go díreach agus sainordú sonrach acu chun faireachán agus meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar thorthaí an chláir earnála ilbhliantúil. Is é an tAontas a tharraingeoidh suas téarmaí tagartha an tsainordaithe sin agus déanfaidh an Comhchoiste iad a fhormheas.

Critéir eisíocaíochta

40. Íocfar an chéad tráthchuid de na cistí tacaíochta earnála dá bhforáiltear sa Phrótacal ina hiomláine tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis chinneadh an Chomhchoiste lena nglactar an clár earnála ilbhliantúil, dá dtagraítear in Airteagal 8(11)(a).

41. Forchoimeádann an tAontas an ceart eisíoc na gcistí tacaíochta earnála a athbhreithniú agus/nó a chur ar fionraí, ina n-iomláine nó i bpáirt, i gcás ina bhfaighfí amach sa mheastóireacht bhliantúil arna déanamh ag an gComhchoiste go raibh na torthaí a baineadh amach ag diall go suntasach ón gclár nó i gcás nach gcomhlíontar na socruithe maidir le cur chun feidhme na tacaíochta earnála arna leagan síos ag an gComhchoiste.

42. Maidir leis na blianta ina dhiaidh sin, íocfar cistí tacaíochta earnála i dtráthchodanna bliantúla, ag brath ar leibhéal an ghlactha airgeadais agus ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí bliantúla a comhaontaíodh sa chlár earnála ilbhliantúil don bhliain roimhe sin.

43. I gcás glacadh airgeadais 75 % i dtéarmaí gealltanais na gcistí tacaíochta earnála sa chéad tráthchuid, is 75 % den tacaíocht earnála a íocfar i ndáil leis an dara tráthchuid, ar choinníoll gur léir go bhfuil dul chun cinn déanta i dtreo na gcuspóirí bliantúla agus na dtorthaí ionchais a bhaint amach mar a leagtar amach iad sna cláir bhliantúla agus ilbhliantúla. Mar sin féin, ní íocfar an dara tráthchuid ina hiomláine ach amháin sa chás go mbeadh an leibhéal íocaíochta ar a laghad comhionann le 60 % den mhéid a shonraítear sa chlár don chéad bhliain.

44. Más rud é, ag deireadh bhliain a haon den chur chun feidhme, go bhfuil an glacadh airgeadais níos lú ná 75 % i dtéarmaí gealltanas, cuirfear íoc an dara tráthchuid den tacaíocht earnála ar fionraí go dtí go mbeidh na gealltanais i

leith cistí a leithdháileadh sa chéad tráthchuid ag 75 %. Beidh síneadh 6 mhí ag an Máratáin chun an leibhéal sin gealltanas a bhaint amach.

45. Más rud é, tar éis an tsínidh 6 mhí, go bhfuil na gealltanais fós faoi bhun 75 %, déanfar íocaíocht don dara bliain dá ainneoin. Mar sin féin, déanfar méid tearcúsáidte na tacaíochta earnála do bhliain a haon a asbhaint ó leithdháileadh foriomlán na tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 8.

46. Beidh an t-aistriú tráthchodanna de thacaíocht earnála ina dhiaidh sin a dhéanfaidh AE ag brath ar na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 30, 35 agus 36 a bheith formheasta ag an gComhchoiste agus ar an gceardlann dá dtagraítear i mír 39 a thionól.

47. Maidir le cur chun feidhme an chláir earnála ilbhliantúil sna blianta ina dhiaidh sin, is iad na rialacha céanna a bheidh i bhfeidhm (míreanna 43 go 46). Is é 75 % de na cistí tacaíochta earnála arna gcarnadh in imeacht bhlianta chur chun feidhme an Phrótacail a bheidh sa tairseach le haghaidh leibhéal na ngealltanas airgeadais a cheanglaítear chun íocaíocht iomlán a spreagadh sna blianta ina dhiaidh sin. Mura ndéantar amhlaidh, beidh feidhm ag mír 46 agus asbhainfear an méid tearcúsáidte.

Athbhreithniú

48. A luaithe a dhéanfaidh an chéad Chomhchoiste an clár earnála ilbhliantúil a fhormheas, ní fhéadfar athruithe a chur san áireamh ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leo. Glacfaidh na Páirtithe leasuithe ag cruinniú an Chomhchoiste, nó ar na modhanna eile a luaitear i mír 50.

49. Maidir le togra chun na cuspóirí, na gníomhaíochtaí, an tráthchlár, an maoiniú, na táscairí, na cuspóirí bliantúla agus na foinsí fíoraithe faoin gclár earnála ilbhliantúil a leasú, ní mór é a thíolacadh i scríbhinn 2 mhí ar a laghad roimh chruinniú an Chomhchoiste lena fhormheas ag na Páirtithe.

50. I gcásanna práinneacha, áfach, féadfaidh an Mháratáin plé a iarraidh maidir leis an bhféidearthacht an clár earnála a glacadh ar dtús a leasú. Tabharfaidh AE freagra ar an iarraidh sin laistigh de 30 lá ón dáta a gheobhaidh sé an litir a bhfuil údar cuí léi ag iarraidh an leasaithe. Tar éis na bpléití a dhéanfar ar bhonn na hiarrata sin, cinnfidh na Páirtithe an gá cruinniú urghnách den Chomhchoiste a chomóradh nó arbh iomchuí déileáil leis an iarraidh trí chomhfhreagras nó trí fhíschomhdháil. Sa chás gurb é an nós imeachta deireanach sin a roghnaítear, tabharfar na leasuithe comhaontaithe dá n-aire go hoifigiúil ag an gcéad chruinniú eile den Chomhchoiste.

Infheictheacht na ngníomhaíochtaí

51. Ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt, áiritheoidh an Mháratáin maidir le gach gníomhaíocht a chuirfear chun feidhme faoi chomhpháirt tacaíochta earnála SFPA go mbeidh sí faoi réir bearta iomchuí cumarsáide agus infheictheachta a chuireann tairbhí an Chomhaontaithe i dtábhacht. Is í an Mháratáin a bheidh freagrach as na bearta sin a shainiú, le comhaontú AE.

52. Féadfar infheictheacht tionscadal agus gníomhaíochtaí faoi chomhpháirt na tacaíochta earnála a áirithiú tríd an méid seo a leanas, mar shampla:

– fógraí poiblí maidir leis na tionscadail agus na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh,

– tuairiscí teilifíse agus raidió agus preaseisiúintí ina dtugtar nuashonruithe maidir leis na tionscadail agus na gníomhaíochtaí,

– Tuarascálacha agus staidéir chríochnaithe a fhoilsiú,

– leas a bhaint as mórchláir fógraíochta AE,

– foireann Thoscaireacht AE chuig an Máratáin a bheith ag freastal ar oscailtí, ar chomhdhálacha agus ar imeachtaí eile,

– ambasadóir AE a bheith i láthair ag searmanais insealbhaithe oifigiúla,

– misin chomhpháirteacha ó ionadaithe na Máratáine agus an Aontais maidir le tionscadail agus gníomhaíochtaí ar an láthair a chur chun feidhme.

53. Beidh tionscadail agus gníomhaíochtaí san áireamh i dtuarascáil MPEM maidir le gníomhaíochtaí.

54. Áiritheoidh an Mháratáin agus an tAontas infheictheacht ghníomhaíochtaí arna maoiniú le tacaíocht earnála faoi na prótacail a bhí ann roimhe seo go comhpháirteach – faoi phrótacal 2015-2021 go háirithe – agus faoin bPrótacal seo, le tacaíocht oibríochtúil ón aonad comhordúcháin más gá.

TEIMPLÉAD

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DUL CHUN CINN – An dul chun cinn a rinneadh maidir le tionscadail

I. Tionscadail ar cuireadh tús leo le tacaíocht earnála i gcaitheamh na bliana

Le linn bhliain [N] den Phrótacal, cuireadh tús le [X] thionscadal, agus leanadh de [Y] thionscadal eile i gcomhréir le cinntí a rinneadh ag cruinniú den Chomhchoiste [mí/bliain]. Mar mheabhrúchán, tugtar cur síos thíos ar na tionscadail sin, an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus an tionchar measta:

Tionscadal 1

Cur síos ar an tionscadal

An dul chun cinn a rinneadh leis an tionscadal go dtí seo

Meabhrúchán maidir le heisíocaíochtaí a rinneadh cheana faoin tionscadal, agus an tráthchuid den tacaíocht earnála a cuireadh in áirithe don tionscadal

Meabhrúchán/nuashonrú ar an tionchar eacnamaíoch measta

Tionscadal 2

Cur síos ar an tionscadal

An dul chun cinn a rinneadh leis an tionscadal go dtí seo

Meabhrúchán maidir le heisíocaíochtaí a rinneadh cheana faoin tionscadal, agus an tráthchuid den tacaíocht earnála a cuireadh in áirithe don tionscadal

Meabhrúchán/nuashonrú ar an tionchar eacnamaíoch measta

Tionscadal N

Cur síos ar an tionscadal

An dul chun cinn a rinneadh leis an tionscadal go dtí seo

Meabhrúchán maidir le heisíocaíochtaí a rinneadh cheana faoin tionscadal, agus an tráthchuid den tacaíocht earnála a cuireadh in áirithe don tionscadal

II. Achoimre ar thionscadail ar cuireadh tús leo i rith bhliain N

Léirítear sa tábla achomair thíos a mhéid a baineadh amach na táscairí faireacháin don bhliain reatha, mar aon leis na sreafaí airgeadais do na tionscadail, san fhormáid seo a leanas:

Tionscadal	**Méid iomlán a cuireadh in áirithe don tionscadal (EUR)**	**Méideanna a gealladh i mbliain N (MRU)**	**Méideanna a íocadh i rith na bliana (MRU)**	**Táscaire faireacháin do ré an tionscadail**	**Sprioc thráscach do bhliain N**	**An céatadán a baineadh amach le linn bhliain N**
Tionscadal 1						
Tionscadal 2						
Tionscadal N						
Iomlán						

III. Cur i láthair tionscadal do bhliain N+ 1

Léirítear sa tábla thíos na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme le linn na bliana dar gcionn (bliain N + 1):

Tionscadal	**Méid iomlán a cuireadh in áirithe don tionscadal (EUR)**	**Gníomhaíochtaí le tosú i mbliain N+ 1**	**Méideanna le gealladh i mbliain N+ 1**	**Méideanna atá leithdháilte ar an tionscadal cheana féin go dtí bliain N**	**Táscaire faireacháin**	**Meabhrúchán maidir le baint amach an táscaire le linn bhliain N-1**	**Sprioc thráscach do bhliain N+ 1**
Tionscadal 1							
Tionscadal 2							
Tionscadal N							
Iomlán							

IARSCRÍBHINN 3

FAIREACHÁN AR AN IARRACHT IASCAIREACHTA IN LEE NA MÁRATÁINE

TEIMPLÉAD

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL[4] AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA IN LEE [1] PHOBLACHT IOSLAMACH NA MÁRATÁINEFéach Airteagal 4(6) den Phrótacal.

[DÁTA NA TUARASCÁLA]

1. RÉAMHRÁ

Dréachtaíodh an tuarascáil seo i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal chun a áirithiú go ndéanfar faireachán rialta ar an iarracht iascaireachta i limistéar iascaireachta na Máratáine agus chun athruithe ar an mbarrachas a fhíorú, de réir bhrí Airteagal 62 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, tar éis acmhainn oibriúcháin chabhlaigh náisiúnta na Máratáine a chur san áireamh.

2. TRÉIMHSE

Cumhdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse bhliantúil seo a leanas: 1 Eanáir 202x go 31 Nollaig 202y.

3. SOITHÍ A OIBRÍONN SAN LEE LE LINN NA TRÉIMHSE SIN

Léirítear sa tábla a leanas an líon soithí iascaireachta ar deonaíodh ceadúnais iascaireachta dóibh in LEE na Máratáine le linn na tréimhse tagartha:

TÁBLA 1 – Leithdháileadh na gceadúnas de réir cineál iascaireachta agus de réir réimis

CINEÁL IASCAIREACHTA (1)	RÉIMEAS NÁISIÚNTA (2)		RÉIMEAS IDIRNÁISIÚNTA (3)
	líon soithí faoi bhratach na Máratáine	líon soithí faoi bhratach eachtrach	
Iascaireacht ar mhionscála	**A**	**E**	**i**
Iascaireacht chósta	**B**	**F**	**j**
Iascaireacht dhomhainfharraige	**C**	**G**	**k**
Iomláin	**d =a+b+c**	**h =e+f+g**	**l =i+j+k**

4

Fo-iomlán na soithí a faoi bhratach na Máratáine	**D**	
Fo-iomlán na soithí faoi bhratach eachtrach		**m=h+l**
Líon iomlán soithí ag oibriú san LEE	**n=d+m**	

(1) Tag. d'Airteagal 13 d'Fhoraithne Uimh. 2015-159 lena gcuirtear chun feidhme Dlí Uimh. 017-2015 maidir leis an gcód iascaigh, nó aon téacsanna a ghabhfaidh a ionad.

(2) Tag. d'Airteagal 26 d'Fhoraithne Uimh. 2015-159 lena gcuirtear chun feidhme Dlí Uimh. 017-2015 maidir leis an gcód iascaigh, nó aon téacsanna a ghabhfaidh a ionad.

(3) Tag. d'Airteagal 27 d'Fhoraithne Uimh. 2015-159 lena gcuirtear chun feidhme Dlí Uimh. 017-2015 maidir leis an gcód iascaigh, nó aon téacsanna a ghabhfaidh a ionad.

4. GABHÁLACHA IOMLÁNA INCHEADAITHE

De bhun Airteagal 4(2) den Phrótacal, leagtar amach na gabhálacha iomlána incheadaithe, arna gcinneadh i gcomhréir le Dlí na Máratáine[5], sna táblaí seo a leanas:

Tábla 2 – Leithdháileadh TACanna (foriomlán agus de réir réimis) de réir cineál iascaireachta, catagóir acmhainne agus cineál ceadúnais.

Cineál iascaireachta	**Catagóir acmhainne**	**Cineál ceadúnais**	**An fhoirmina sealbhaítear cearta**	**Gabháil iomlán incheadaithe (TAC)**	**Leithdháileadh TACanna**	
				Iomlán (t)	**réimeas náisiúnta (t)**	**réimeas idirnáisiúnta (t)**
Iascaireacht ar mhionscála	**A1.Ceifileapóid**	**Iascaireacht cheardaíochta Ceifileapóid**	**Comhchuótaí**			
	A2. Crústaigh	**Iascaireacht cheardaíochta Crústaigh**	**Comhchuótaí**			
	A3.Éisc ghrinnill (speicis ghrinnill)	**Iascaireacht cheardaíochta éisc grinnill**	**Comhchuótaí**			
	A4.Éisc pheiligeacha	**Iascaireacht cheardaíochta Speicis pheiligeacha**	**Comhchuótaí**			

[5] Tag. d'Airteagal 12 et seq. de Dhlí Uimh. 017-2015 an 29 Iúil 2015 maidir leis an gcód iascaigh.

Iascaireacht chósta	**C1.Ceifileapóid**	**Iascaireacht chósta Ceifileapóid**	**Cuóta indibhidiúil**			
	C2.Crústaigh	**Iascaireacht cheardaíochta crústach**	**Cuóta indibhidiúil**			
	C3.Éisc ghrinnill (speicis ghrinnill)	**Iascaireacht cheardaíochta éisc grinnill**	**Cuóta indibhidiúil**			
	C4.Éisc pheiligeacha	**Iascaireacht chósta, deighleog pheiligeach 1:báid saighneoireachta faoi bhun 26 m**	**Cuóta indibhidiúil**			
		Iascaireacht chósta, deighleog pheiligeach 2: báid saighneoireachta 26 go 40 m				
		Iascaireacht chósta, deighleog pheiligeach 3: trálaeir pheiligeacha 40 go 60 m				
Iascaireacht dhomhainfharraige	**H1.Éisc pheiligeacha**	**Iascaireacht pheiligeach**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H2.Tuinníní	**Iascaireacht dhomhainfharraige tuinníní**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H3.Ceifileapóid	**Iascaireacht dhomhainfharraige ceifileapód**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H4.Séaclaí	**Iascaireacht dhomhainfharraige séaclaí**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H5.Colmóirí	**Iascaireacht dhomhainfharraige colmóirí**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H6.Iasc grinnill seachas colmóirí	**Iascaireacht ghrinnill dhomhainfharraige**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H7. Gliomach spíonach bándearg	**Iascaireacht dhomhainfharraige le haghaidh gliomach spíonach bándearg**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H8. Portán dearg	**Iascaireacht dhomhainfharraige le haghaidh portán dearg**	**Cuóta indibhidiúil**			
	H9. Moilisc eile	**Iascaireacht dhomhainfharraige le haghaidh moilisc eile**	**Comhchuótaí agus líon na n-aonad údaraithe**			
IOMLÁN						

TÁBLA 3 – Leithdháileadh TACanna de réir cineál iascaireachta agus catagóir acmhainne

Catagóir acmhainne	(fo-)chatagóir	Iascaireacht ar mhionscála	Iascaireacht chósta	Iascaireacht dhomhainfharraige	TACanna iomlána de réir catagóire
Ceifileapóid					
Crústaigh	Séaclaí				
	Gliomach spíonach bándearg				
	Portán dearg				
Iasc grinnill	Colmóirí				
	Iasc grinnill seachas colmóirí				
Tuinníní					
Éisc pheiligeacha					
Algaí agus moilisc eile					

5. ÚDARUITHE IASCAIREACHTA ARNA NEISIÚINT DO SHOITHÍ A OIBRÍONN IN LEE NA MÁRATÁINE FAOIN RÉIMEAS NÁISIÚNTA

Sa chuid seo den tuarascáil tá sonraí mionsonraithe maidir le soithí a oibríonn faoin réimeas náisiúnta de réir bhrí Airteagal 26 d'Fhoraithne Uimh. 2015-159 lena gcuirtear chun feidhme Dlí Uimh. 017-2015 maidir leis an gcód iascaigh, nó aon téacsanna a chuirtear ina ionad.

Leagtar amach an fhaisnéis, maidir le gach catagóir[6] iascaireachta lena mbaineann, i dtaca leis na sonraí i dTáblaí 1, 2 agus 3. Maidir le gach catagóir ar leith, baineann an fhaisnéis sin leis na nithe seo a leanas:

(a) an creat dlíthiúil maidir le saothrú na n-acmhainní sa chatagóir lena mbaineann;

(b) na húdaruithe iascaireachta a deonaíodh do shoithí faoin réimeas náisiúnta: líon, tréimhsí a chumhdaítear (ceadúnais bhliantúla/2-mhí/3-mhí), líon na gceadúnas a leithdháileadh do gach tréimhse, bratacha lena mbaineann;

(c) cóip den teimpléad ceadúnais a úsáidtear maidir le gach catagóir ar leith;

(d) na cineálacha trealaimh a údaraítear;

(e) na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna): líon agus méid TACanna indibhidiúla, iomlán bliantúil TACanna indibhidiúla leithdháilte;

(f) na bearta bainistíochta arna nglacadh agus arna gcur chun feidhme ag an Máratáin;

(g) na socruithe teicniúla (caomhnú, forbairt, bainistíocht);

6 'Catagóir' dá dtagraítear i ndlí na Máratáine – tagairt don fhonóta a ghabhann le Tábla 1.

(h) na socruithe airgeadais (costas an cheadúnais iascaireachta, táillí agus cearta eile a fháil) chun rochtain ar limistéar iascaireachta na Máratáine a dheonú do na soithí sin;

(i) na bearta tuairiscithe, faireacháin, rialaithe agus faireachais a cheanglaítear;

6. COMHAONTUITHE IASCAIGH NÓ COINBHINSIÚIN FAOINA NDEONAÍTEAR ROCHTAIN AR LEE NA MÁRATÁINE DO SHOITHÍ EACHTRACHA

Sa chuid seo den tuarascáil tá sonraí mionsonraithe maidir le soithí a oibríonn faoin réimeas idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 27 d'Fhoraithne Uimh. 2015-159 lena gcuirtear chun feidhme Dlí Uimh. 017-2015 maidir leis an gcód iascaigh, nó aon téacsanna a chuirtear ina ionad.

I gcomhréir le hAirteagal 4(5) den Phrótacal, foilsítear comhaontuithe (bídís poiblí nó príobháideach) arna dtabhairt i gcrích ag Poblacht Ioslamach na Máratáine chun rochtain ar a LEE a cheadú do shoithí eachtracha sa tréimhse [1 Eanáir 202X go 31 Nollaig 202Y] ar shuíomh gréasáin na hAireachta Iascaigh agus Acmhainní Iascaigh ag an nasc seo a leanas: [*cuir isteach an nasc agus an dáta nuashonraithe*]

Leagtar amach an fhaisnéis, maidir le gach catagóir iascaireachta lena mbaineann, i dtaca leis na sonraí i dTáblaí 1, 2 agus 3.
Is iad seo a leanas na comhaontuithe/na coinbhinsiúin:
[liostaigh na comhaontuithe uile a tugadh i gcrích/atá i bhfeidhm, agus tabhair an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach comhaontú nó coinbhinsiún:]

(a) teideal an chomhaontaithe nó an choinbhinsiúin agus na tíortha nó na heintitis eile atá ina bpáirtithe sa chomhaontú;

(b) an tréimhse/na tréimhsí a chumhdaítear faoin gcomhaontú;

(c) an líon soithí agus na cineálacha trealaimh a údaraítear, arna miondealú de réir an chineáil iascaireachta (iascaireacht ar mhionscála, iascaireacht chósta, iascaireacht domhainfharraige) agus a mhinice a eisítear na ceadúnais;

(d) na speicis nó na stoic a n-údaraítear iascaireacht a dhéanamh orthu, agus aon teorainn ghabhála is infheidhme;

(e) na bearta tuairiscithe, faireacháin, rialaithe agus faireachais a cheanglaítear;

(f) na socruithe teicniúla agus airgeadais;

(g) cóip den chomhaontú i scríbhinn.

(h) cóip den teimpléad ceadúnais a úsáidtear le haghaidh gach catagóir.

7. GABHÁLACHA A RINNEADH SAN LEE

Sa chuid seo den tuarascáil tá sonraí mionsonraithe maidir leis na gabhálacha a rinne na soithí uile a bhí ag oibriú in LEE na Máratáine (faoin dá réimeas).

Leagtar an fhaisnéis amach sna táblaí seo a leanas, ag tagairt do na catagóirí iascaireachta arna mbunú leis an bPrótacal. Féadfar táblaí breise a chur leis le haghaidh catagóirí iascaireachta nach gcumhdaítear faoin bPrótacal.

Féadfar an fhaisnéis sin a chur chuig an gComhchoiste Eolaíoch i gcomhréir le hAirteagal 4(6) den Phrótacal.

Catagóir 1 – Crústaigh

Faisnéis ghinearálta maidir le déine na hiascaireachta									
	Réimeas náisiúnta			Réimeas idirnáisiúnta			IOMLÁN		
	líon soithí	toilleadh iomlán (GT)	toilleadh iomlán (kW)	líon soithí	toilleadh iomlán (GT)	toilleadh iomlán (kW)	líon soithí	toilleadh iomlán (GT)	toilleadh iomlán (kW)
iascaireacht ar mhionscála									
iascaireacht chósta									
iascaireacht dhomhainfharraige									
IOMLÁN									

Iarracht (laethanta iascaireachta [fd]) chabhlaigh an Aontais agus aon chabhlach eile atá i mbun earnáil iascaireachta dá bhforáiltear i gcatagóir 1					
	Réimeas náisiúnta	Réimeas idirnáisiúnta			IOMLÁN
	líon laethanta	líon laethanta (AE)	líon laethanta (eile)	líon laethanta (iomlán i gcás soithí eachtracha)	
iascaireacht ar mhionscála					
iascaireacht chósta					
iascaireacht dhomhainfharraige					
IOMLÁN					

Gabhálacha (i dtonaí]) chabhlaigh AE agus aon chabhlach eile atá i mbun earnáil iascaireachta dá bhforáiltear i gcatagóir 1					
	Réimeas náisiúnta	Réimeas idirnáisiúnta			IOMLÁN
	tonaí	tonaí (AE)	tonaí (eile)	tonaí (iomlán do shoithí eachtracha)	
SPEICIS					
Parapenaeus longirostris					
Penaeus spp.					
Aristeus varidens					
Chaceon maritae					
Crústaigh eile					
Eile					
IOMLÁN					

Gabháil in aghaidh an aonaid iarrachta (CPUE – kg in aghaidh an lae iascaireachta) arna ríomh do chabhlaigh AE agus d'aon chabhlaigh eile atá i mbun earnáil iascaireachta dá bhforáiltear i gcatagóir 1					
	Réimeas náisiúnta	Réimeas idirnáisiúnta			CPUE
	CPUE (soithí náisiúnta)	CPUE (AE)	CPUE (eile)	CPUE (soithí eachtracha)	
CPUE = gabhálacha (kg)/lá					

[ÚSÁID AN TEIMPLÉAD SEO ARÍS LE hAGHAIDH NA gCATAGÓIRÍ EILE UILE A CHUMHDAÍTEAR FAOIN bPRÓTACAL]

FOSCRÍBHINN 1

TEORAINNEACHA LIMISTÉAR IASCAIREACHTA NA MÁRATÁINE

Pointí	Comhordanáidí	
0	20°46,0N	17°03,0W
1	20°46,0N	20°36,4W
2	20°18,0N	20°34,2W
3	19°49,3N	20°27,92W
4	19°20,0N	20°13,9 W
5	19°01,0 N	20°06,7 W
6	18°44,2 N	20°00,0 W
7	18°34,9 N	19°56,0 W
8	18°28,8 N	19°53,8 W
9	18°24,0 N	19°51,5 W
10	18°18,8 N	19°49,0 W
11	18°13,4 N	19°47,0 W
12	18°07,8 N	19°44,2 W
13	18°02,5 N	19°42,1 W
14	17°53,3 N	19°38,0 W
15	17°44,1 N	19°38,0 W
16	17°31,9 N	19°38,0 W
17	17°26,8 N	19°37,9 W
18	17°06,0 N	19°36,8 W
19	17°00,0 N	19°32,1 W
20	16°38,0 N	19°33,2 W
21	16°28,5 N	19°32,5 W
22	16°17,0 N	19°32,5 W
23	16°04,0 N	19°33,5 W
24	16°04,0 N	16°30,6 W

FOSCRÍBHINN 2

BILEOGA SONRAÍ

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 1:
SOITHÍ AG IASCAIREACHT CRÚSTACH SEACHAS GLIOMACH SPÍONACH

1. Limistéar iascaireachta

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,30 N**	**17°03,00 W**
2	**20°40,00 N**	**17°08,30 W**
3	**20°10,12 N**	**17°16,12 W**
4	**19°35,24 N**	**16°51,00 W**
5	**19°19,12 N**	**16°45,36 W**
6	**19°19,12 N**	**16°41,24 W**
7	**19°00,00 N**	**16°22,00 W**
8	**18°55,00 N**	**16°21,00 W**
9	**18°45,00 N**	**16°19,00 W**
10	**18°35,00 N**	**16°16,00 W**
11	**18°27,00 N**	**16°13,00 W**
12	**17°59,00 N**	**16°11,00 W**
13	**17°50,00 N**	**16°11,00 W**
14	**17°50,00 N**	**16°08,00 W**
15	**17°41,00 N**	**16°09,00 W**
16	**17°33,00 N**	**16°10,00 W**
17	**17°12,00 N**	**16°18,00 W**
18	**17°02,00 N**	**16°23,00 W**
19	**16°58,00 N**	**16°24,00 W**
20	**16°54,00 N**	**16°27,00 W**
21	**16°38,00 N**	**16°32,00 W**
22	**16°26,00 N**	**16°34,00 W**
23	**16°20,00 N**	**16°37,00 W**
24	**16°16,00 N**	**16°37,00 W**
25	**16°04,00 N**	**16°36,00 W**

Féadfaidh an Comhchoiste turais eolaíocha a údarú, mar a fhoráiltear in Airteagal 10 den Phrótacal, chun meastóireacht a dhéanamh ar athruithe féideartha ar an limistéar iascaireachta.

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

Trál séaclaí grinnill, lena n-áirítear na tráil sin a bhfuil slabhra suaite nó aon fheiste roghnaíochta eile feistithe orthu.

Tá an slabhra suaite ina chuid dhílis de rigín na dtrálaer séaclaí a mbíonn líonta ar bacáin feistithe orthu. Is éard atá ann, aon fhad amháin slabhra, agus lúba ann nach bhfuil mó ná 12 mm ar trastomhas, agus an slabhra ceangailte idir na cláir otair chun tosaigh ar an téad ghrinnill.

Tá úsáid éigeantach feistí roghnaíochta faoi réir cinneadh ón gComhchoiste bunaithe ar mheasúnú comhpháirteach eolaíoch, teicniúil agus eacnamaíoch.

Tá toirmeasc ar shac-fhoirceann dúbailte.

Tá toirmeasc ar an sreangán arb é ceann an tráil é a dhúbailt.

Údaraítear naprúin chosanta.

Íosmhéid údaraithe na mogall: 50 mm

3. Íosmhéideanna na spriocspeiceas

Maidir le séaclaí domhainmhara, déanfar an t-íosmhéid a thomhas ó bharr an rostraim go dtí ceann an eireabaill. Is é atá i mbarr an rostraim, síneadh ar an gcarapás, atá suite sa chuid airmheáin tosaigh den cheifileatóracs.

Séaclaí domhainmhara: an rós-séacla domhainmhara (*Parapenaeus longirostris* – cód FAO: DPS) – 6 cm

Séaclaí cósta: an séacla bándearg deisceartach (*Penaeus notialis* – cód FAO: SOP) agus an séacla coiteann (*Penaeus kerathurus* — Cód FAO: TGS – uasmhéid 200 díobh/kg

Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.

4. Foghabhálacha

Údaraithe	Toirmiscthe
• 15 % iasc, is íocaíocht chomhchineáil é 2 % díobh • 10 % portán • 8 % ceifileapóid	Gliomaigh spíonacha

Féadfaidh an Comhchoiste rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.

5. Deiseanna iascaireachta / táillí

Minicíocht	Ceadúnais ráithiúla – TAC bliantúil
An ghabháil iomlán incheadaithe (i dtonaí de choibhéis bheomheáchain)	5 000 t/bliana (crústaigh seachas gliomach spíonach)
Líon soithí	Ní fhéadfar níos mó ná 15 shoitheach a údarú ag an am céanna.
Táille agus réamhíocaíocht	EUR 450/t
	Beidh an táille le ríomh i ndeireadh gach tréimhse 3 mhí a údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh, agus gabhálacha den spriocspeiceas a rinneadh sa tréimhse sin á gcur san áireamh. Deonaítear ceadúnas ar choinníoll go ndéantar réamhíocaíocht EUR 1 500 in aghaidh an tsoithigh, agus í le híoc i dtús gach tréimhse údaraithe 3 mhí. Asbhaintear í ón méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad mhír.

6. Barúlacha eile

Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail.

Tréimhsí téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta – ní mór do shoithí údaraithe iascaireachta cloí leis na tréimhsí téarnaimh uile ó thaobh na bitheolaíochta atá leagtha síos ag an Roinn sa limistéar údaraithe

iascaireachta ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr, agus deireadh a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta ansin. Sa chomhthéacs sin, dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) den Chomhaontú seo, ní mór don Mhárataín fógra a thabhairt don Aontas roimh ré maidir le haon athruithe ar a reachtaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais. De mhaolú ar Airteagal 6(5) den Chomhaontú seo, beidh cinneadh lena socraítear tréimhse téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta infhorfheidhmithe i gcoinne shoithí an Aontais ón 30ú lá tar éis d'údaráis an Aontais an fógra a fháil ón Mháratáin, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil an teorainn ama sin infheidhme.

7.	**Breathnóirí eolaíocha**

I bhfianaise fhad na dturas iascaireachta (idir 45 lá agus 60 lá), ní mór do bhreathnóirí **turas sa ráithe a chumhdach, i.e. ceithre thuras sa bhliain**.

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 2:
COLMÓIRÍ DUBHA: TRÁLAEIR (GAN REOITEOIR) AGUS BÁID SPILÉAR GRINNILL

1. Limistéar iascaireachta

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,3N**	**17°03,0W**
2	**20°36,0N**	**17°11,0W**
3	**20°36,0N**	**17°36,0W**
4	**20°03,0N**	**17°36,0W**
5	**19°45,7N**	**17°03,0W**
6	**19°29,0N**	**16°51,5W**
7	**19°15,6N**	**16°51,5W**
8	**19°15,6N**	**16°49,6W**
9	**19°08,0 N**	**16°45,0 W**
10	**19°06,0 N**	**16°44,0 W**
11	**19°05,0N**	**16°43,0 W**
12	**18°54,0 N**	**16°31,0 W**
13	**18°41,0 N**	**16°27,8 W**
14	**18°34,0 N**	**16°26,0 W**
15	**18°12,0 N**	**16°21,0 W**
16	**17°59,0 N**	**16°21,0 W**
17	**17°50,0 N**	**16°21,0 W**
18	**17°50,0 N**	**16°14,0 W**
19	**17°44,0 N**	**16°15,0 W**
20	**17°37,0 N**	**16°16,0 W**
21	**17°02,0 N**	**16°29,0 W**
22	**16°37,0 N**	**16°39,0 W**
23	**16°30,0 N**	**16°40,0 W**
24	**16°20,0 N**	**16°43,0 W**
25	**16°04,0N**	**16°43,0 W**

Féadfaidh an Comhchoiste turais eolaíocha a údarú, mar a fhoráiltear in Airteagal 10 den Phrótacal, chun meastóireacht a dhéanamh ar athruithe féideartha ar an limistéar iascaireachta.

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

Spiléar grinnill.

Trál grinnill le haghaidh colmóirí

Tá toirmeasc ar shac-fhoirceann dúbailte.

Tá toirmeasc ar an sreangán arb é ceann an tráil é a dhúbailt.

Íosmhéid údaraithe na mogall:70 mm (trál)

3. Íosmhéideanna na spriocspeiceas

Maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireaball (fad iomlán) (féach Foscríbhinn 5).

Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.	
4. Foghabhálacha	
Údaraithe	Toirmiscthe
Trálaeir: 25 % iasc agus 5 % crústach Báid spiléar: 50 % iasc	Ceifileapóid (seachas iad siúd ón bhfine Ommastrephidae, amhail scuideanna: *Todarodes sagittatus* – cód FAO: SQE, agus *Todaropsis eblanae* – Cód FAO: TDQ).
Féadfaidh an Comhchoiste rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.	
5. Deiseanna iascaireachta / táillí	
Minicíocht	Ceadúnais ráithiúla – TAC bliantúil
Gabháil iomlán incheadaithe (tonaí)	6 000 t/bliain de cholmóir dubh (príomh-spriocspeiceas): *Merluccius senegalensis* (cód FAO: HKM) agus *Merluccius polli* (cód FAO: HKB)
Líon soithí	Ní fhéadfar níos mó ná 4 shoitheach a údarú ag an am céanna.
Táille agus réamhíocaíocht	EUR 100/t
	Beidh an táille le ríomh i ndeireadh gach tréimhse 3 mhí a údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh, agus gabhálacha den spriocspeiceas a rinneadh sa tréimhse sin á gcur san áireamh. Deonaítear ceadúnas ar choinníoll go ndéantar réamhíocaíocht EUR 1 000 in aghaidh an tsoithigh, agus í le híoc i dtús gach tréimhse údaraithe 3 mhí. Asbhaintear í ón méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad mhír.
6. Barúlacha eile	
Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail. Féadfar ola éisc a fhaightear ar bord a choimeád ar bord, a thabhairt i dtír agus a dhíol, más iomchuí. Tréimhsí téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta – ní mór do shoithí údaraithe iascaireachta cloí leis na tréimhsí téarnaimh uile ó thaobh na bitheolaíochta atá leagtha síos ag an Roinn sa limistéar údaraithe iascaireachta ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr, agus deireadh a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta ansin. Sa chomhthéacs sin, dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) den Chomhaontú seo, ní mór don Mháratáin fógra a thabhairt don Aontas roimh ré maidir le haon athruithe ar a reachtaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais. De mhaolú ar Airteagal 6(5) den Chomhaontú seo, beidh cinneadh lena socraítear tréimhse téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta infhorfheidhmithe i gcoinne shoithí an Aontais ón 30ú lá tar éis d'údaráis an Aontais an fógra a fháil ón Márataín, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil an teorainn ama sin infheidhme.	
7. Breathnóirí eolaíocha	
Chun an timthriall iomlán bliantúil iascaireachta (Eanáir go Nollaig) a chumhdach, ní mór **turas iascaireachta amháin (6 lá de ghnáth) a bhreathnú in aghaidh na míosa**. Braitheann minicíocht na mbreathnuithe ar chineál an turais iascaireachta: Maireann turais iascaireachta 6 lá de ghnáth, ós rud é go ndíoltar an t-iasc úr. Chun an timthriall bliantúil (Eanáir go Nollaig) a chumhdach, moltar turas iascaireachta amháin in aghaidh na míosa a bhreathnú.	

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 2a:
COLMÓIRÍ DUBHA (REOTHRÁLAEIR)

1. Limistéar iascaireachta

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,3N**	**17°03,0W**
2	**20°36,0N**	**17°11,0W**
3	**20°36,0N**	**17°36,0W**
4	**20°03,0N**	**17°36,0W**
5	**19°45,7N**	**17°03,0W**
6	**19°29,0N**	**16°51,5W**
7	**19°15,6N**	**16°51,5W**
8	**19°15,6N**	**16°49,6W**
9	**19°08,0 N**	**16°45,0 W**
10	**19°06,0 N**	**16°44,0 W**
11	**19°05,0N**	**16°43,0 W**
12	**18°54,0 N**	**16°31,0 W**
13	**18°41,0 N**	**16°27,8 W**
14	**18°34,0 N**	**16°26,0 W**
15	**18°12,0 N**	**16°21,0 W**
16	**17°59,0 N**	**16°21,0 W**
17	**17°50,0N**	**16°21,0W**
18	**17°50,0 N**	**16°14,0 W**
19	**17°44,0 N**	**16°15,0 W**
20	**17°37,0 N**	**16°16,0 W**
21	**17°02,0 N**	**16°29,0 W**
22	**16°37,0 N**	**16°39,0 W**
23	**16°30,0 N**	**16°40,0 W**
24	**16°20,0 N**	**16°43,0 W**
25	**16°04,0N**	**16°43,0 W**

Féadfaidh an Comhchoiste turais eolaíocha a údarú, mar a fhoráiltear in Airteagal 10 den Phrótacal, chun meastóireacht a dhéanamh ar athruithe féideartha ar an limistéar iascaireachta.

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

– Trál grinnill le haghaidh colmóirí

– Tá toirmeasc ar shac-fhoirceann dúbailte.

– Tá toirmeasc ar an sreangán arb é ceann an tráil é a dhúbailt.

– Íosmhéid údaraithe na mogall: 70 mm (trál)

3. Íosmhéideanna na spriocspeiceas

Maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireabaill (fad iomlán) (féach Foscríbhinn 5).

Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.		
4. Foghabhálacha		
Údaraithe		Toirmiscthe
25 % iasc grinnill (seachas colmóirí dubha)		Ochtapas (*Octopus vulgaris* – cód FAO: OCC), ceifileapóid (seachas iad siúd de chuid na fine Ommastrephidae, amhail scuideanna agus máithreacha súigh: *Todarodes sagittatus* – cód FAO: SQE, agus *Todaropsis eblanae* – Cód FAO: TDQ agus crústaigh.
Féadfaidh an Comhchoiste rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.		
5. Deiseanna iascaireachta / táillí		
Minicíocht	Ceadúnais ráithiúla – TAC bliantúil	
An ghabháil iomlán incheadaithe (i dtonaí de choibhéis bheomheáchain)	3 500 t/bliana	colmóirí dubha (*Merluccius senegalensis* – cód FAO: HKM agus *Merluccius polli* – Cód FAO: HKB)
	1 450 t/bliana 600 t/bliana	scuid (spriocspeiceas tánaisteach) cudail (spriocspeiceas tánaisteach)
Líon soithí	Ní fhéadfar níos mó ná 6 shoitheach a údarú ag an am céanna.	
Táillí	EUR 100/t le haghaidh colmóirí dubha	
	EUR 575/t le haghaidh scuid	
	EUR 250/t le haghaidh cudal	
	EUR 90/t le haghaidh seachghabhála	
	Beidh an táille le ríomh i ndeireadh gach tréimhse 3 mhí a údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh, agus gabhálacha den spriocspeiceas a rinneadh sa tréimhse sin á gcur san áireamh. Deonaítear ceadúnas ar choinníoll go ndéantar réamhíocaíocht EUR 1 000 in aghaidh an tsoithigh, agus í le híoc i dtús gach tréimhse údaraithe 3 mhí. Asbhaintear í ón méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad mhír.	
6. Breathnóirí eolaíochta – catagóir 2a: reothrálaeir		
Ós rud é go ndéanann reothrálaeir turais iascaireachta níos faide (25-35 lá), ní mór do bhreathnóirí **turas amháin in aghaidh na ráithe a chumhdach, i.e. ceithre thuras in aghaidh na bliana,** chun an timthriall bliantúil iomlán a chumhdach.		
7. Barúlacha eile		
Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail. Féadfar ola éisc a fhaightear ar bord a choimeád ar bord, a thabhairt i dtír agus a dhíol, más iomchuí. Tréimhsí téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta – ní mór do shoithí údaraithe iascaireachta cloí leis na tréimhsí téarnaimh uile ó thaobh na bitheolaíochta atá leagtha síos ag an Roinn sa limistéar údaraithe iascaireachta ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr, agus deireadh a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta ansin. Sa chomhthéacs sin, dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) den Chomhaontú seo, ní mór don Mháratáin fógra a thabhairt don Aontas roimh ré maidir le haon athruithe ar a reachtaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais. De mhaolú ar Airteagal 6(5) den Chomhaontú seo, beidh cinneadh lena socraítear tréimhse téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta infhorfheidhmithe i gcoinne shoithí an Aontais ón 30ú lá tar éis d'údaráis an Aontais an fógra a fháil ón		

Máratáin, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil an teorainn ama sin infheidhme.

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 3:
SOITHÍ A DHÉANANN IASCAIREACHT AR SPEICIS GHRINNILL SEACHAS AN COLMÓIR DUBH
LE TREALAMH SEACHAS TRÁIL

1. Limistéar iascaireachta

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,0 N**	**17°06,0W**
2	**19°48,5N**	**16°45,0 W**
3	**19°21,0N**	**16°45,0W**
4	**19°15,0 N**	**16°31,0W**
5	**19°13,2 N**	**16°30,0 W**
6	**19°10,5 N**	**16°26,0 W**
7	**19°09,0 N**	**16°33,5 W**
8	**18°46,0 N**	**16°12,8 W**
9	**18°37,4 N**	**16°10,7 W**
10	**18°34,0 N**	**16°10,0 W**
11	**18°27,0 N**	**16°07,0 W**
12	**17°59,0N**	**16°05,0W**
13	**17°57,8 N**	**16°04,0 W**
14	**17°46,0 N**	**16°06,0 W**
15	**17°33,0 N**	**16°08,0 W**
16	**17°12,0 N**	**16°15,0 W**
17	**16°39,0 N**	**16°29,0 W**
18	**16°18,0 N**	**16°34,0 W**
19	**16°16,0 N**	**16°34,0 W**
20	**16°13,0 N**	**16°34,0 W**
21	**16°04,0 N**	**16°33,0 W**

Féadfaidh an Comhchoiste turais eolaíocha a údarú, mar a fhoráiltear in Airteagal 10 den Phrótacal, chun meastóireacht a dhéanamh ar athruithe féideartha ar an limistéar iascaireachta.

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

Spiléir

Líonta geolbhaigh seasta a bhfuil uasdoimhneacht 7 m acu agus uasfhad 100 m. Tá toirmeasc ar mhonaifhiliméad polaimíde

Líne láimhe

Cléibh

Saighean chun iascaireacht a dhéanamh ar bhaoite beo

Íosmhéid údaraithe na mogall:

120 mm i gcás líonta geolbhaigh

20 mm i gcás eangach iascaireachta le haghaidh baoite bheo

3. Íosmhéideanna na spriocspeiceas	
Maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireaball (fad iomlán) (féach Foscríbhinn 5).	
Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh, bunaithe ar chomhairle eolaíoch, i gcás speicis nach liostaítear thuas.	
4. Foghabhálacha	
Údaraithe	Toirmiscthe
10 % den iomlán i gcás na spriocspeiceas údaraithe nó grúpa speiceas (beomheáchan)	
Féadfaidh an Comhchoiste rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.	
5. Deiseanna iascaireachta / táillí	
Minicíocht	Ceadúnais ráithiúla – TAC bliantúil
Gabháil iomlán incheadaithe (tonaí)	3 000 t/bliana
Líon soithí	Ní fhéadfar níos mó ná 6 shoitheach a údarú ag an am céanna.
Táillí	EUR 105/t
	Beidh an táille le ríomh i ndeireadh gach tréimhse 3 mhí a údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh, agus gabhálacha den spriocspeiceas a rinneadh sa tréimhse sin á gcur san áireamh. Deonaítear ceadúnas ar choinníoll go ndéantar réamhíocaíocht EUR 1 000 in aghaidh an tsoithigh, agus í le híoc i dtús gach tréimhse údaraithe 3 mhí. Asbhaintear í ón méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad mhír.
6. Barúlacha eile	
Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail. Ní fhéadfar saighní a úsáid ach amháin chun iascaireacht a dhéanamh ar bhaoite a úsáidfear san iascaireacht le dorú agus cliabh. Ní údaraítear cléibh a úsáid i gcás níos mó ná seacht soitheach atá faoi bhun 135 GT an ceann. Tréimhsí téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta – ní mór do shoithí údaraithe iascaireachta cloí leis na tréimhsí téarnaimh uile ó thaobh na bitheolaíochta atá leagtha síos ag an Roinn sa limistéar údaraithe iascaireachta ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr, agus deireadh a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta ansin. Sa chomhthéacs sin, dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) den Chomhaontú seo, ní mór don Mháratáin fógra a thabhairt don Aontas roimh ré maidir le haon athruithe ar a reachtaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais. De mhaolú ar Airteagal 6(5) den Chomhaontú seo, beidh cinneadh lena socraítear tréimhse téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta infhorfheidhmithe i gcoinne shoithí an Aontais ón 30ú lá tar éis d'údaráis an Aontais an fógra a fháil ón Mháratáin, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil an teorainn ama sin infheidhme.	
7. Breathnóirí eolaíochta – catagóir 3	
De réir chomhairle eolaíoch ón gComhchoiste Eolaíoch (JSC) in 2019, ba cheart cur leis an mbailiú sonraí maidir leis na hiascaigh ghrinnill uile atá á saothrú in LEE na Máratáine, agus: breathnóirí eolaíochta a thabhairt ar bord bháid spiléar AE; sonraí a bhailiú faoin sáimhín Atlantach (*Brama brama* – cód FAO: POA);	

acmhainní grinnill a chur san áireamh i ngabhálacha ón deighleog iascaireachta ar mhionscála;

saintréithe iasc aischurtha agus foghabhálacha a nótáil.

Bíonn breathnuithe eolaíocha ag teastáil chun a áirithiú go ndéantar faireachán ar an ngníomhaíocht iascaireachta, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

an miondealú ar ghabhálacha de réir speicis agus trealaimh;

struchtúr méide na speiceas a bhíonn á dtabhairt i dtír ag iascairí;

saintréithe iasc aischurtha agus foghabhálacha a nótáil.

Chun na críche sin, ní mór do bhreathnóirí **turas iascaireachta amháin in aghaidh na ráithe a chumhdach.**

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 4: BÁID SAIGHNEOIREACHTA TUINNÍNÍ

1. Limistéar iascaireachta

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,0 N**	**17°35,0W**
2	**19°21,,0N**	**17°03,0 W**
3	**19°07,0N**	**16°58,5W**
4	**18°52,0 N**	**16°45,0W**
5	**18°42,0 N**	**16°41,0 W**
6	**18°35,0 N**	**16°39,0 W**
7	**18°26,0 N**	**16°37,0 W**
8	**18°22,5 N**	**16°36,0W**
9	**17°59,0 N**	**16°33,0W**
10	**17°46,0 N**	**16°33,0 W**
11	**17°36,0 N**	**16°36,0 W**
12	**17°15,0 N**	**16°45,0 W**
13	**16°52,0 N**	**16°54,0 W**
14	**16°38,5 N**	**16°57,0 W**
15	**16°30,5N**	**16°58,5 W**
16	**16°23,0 N**	**17°02,0 W**
17	**16°11,0 N**	**17°02,0W**
18	**16°04,0 N**	**17°02,0W**

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

Saighean

3. Íosmhéideanna na spriocspeiceas

Maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireaball (fad iomlán).

Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear i bhFoscríbhinn 5.

4. Foghabhálacha

Údaraithe	Toirmiscthe
-	I gcomhréir le leis na moltaí ábhartha ó ICCAT agus FAO, toirmeasctar iascaireacht a dhéanamh ar na speicis seo a leanas: an liamhán gréine (*Cetorhinus maximus* – Cód FAO: BSK), an siorc bán mór (*Carcharodon carcharcharias* – Cód FAO: WSH), an siorc tíograch gainimh (*Carcharias taurus* – Cód FAO: CCT) agus an gearrthóir (*Galeorhinus galeus* – Cód FAO: GAG).

Féadfaidh an Comhchoiste rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach bhfuil liostaithe ag ICCAT.	
5. Deiseanna iascaireachta / táillí	
Tonnáiste tagartha	14 000 tona de speicis mhórimirceacha agus speicis ghaolmhara
Líon soithí a údaraítear	29 mbád saighneoireachta tuinníní
Táille bhliantúil ar ráta comhréidh	EUR 1 750 in aghaidh an tsoithigh saighneoireachta tuinníní
Páirtríofa ar bhonn gabhálacha	EUR 75/t don chéad bhliain, don dara bliain agus don tríú bliain, EUR 80/t don cheathrú bliain agus don chúigiú bliain.
Soithí tacaíochta	Táille údaraithe le haghaidh soithí tacaíochta: EUR 3 500 in aghaidh an tsoithigh in aghaidh na bliana
6. Barúlacha eile	
Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail. Tá feidhm ag moltaí ICCAT maidir le siorcanna agus maidir le feistí um chomhbhailiú éisc (FADanna).	

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 5:
SOITHÍ TUINNÍNÍ CLEITHE AGUS DORÚ AGUS BÁID SPILÉAR DROMCHLA

1. Limistéar iascaireachta

Báid spiléar dromchla

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	20°46,0 N	17°35,0W
2	19°21,0N	17°03,0 W
3	19°07,0N	16°58,5W
4	18°52,0 N	16°45,0W
5	18°42,0 N	16°41,0 W
6	18°35,0 N	16°39,0 W
7	18°26,0 N	16°37,0 W
8	18°22,5 N	16°36,0W
9	17°59,0 N	16°33,0W
10	17°46,0 N	16°33,0 W
11	17°36,0 N	16°36,0 W
12	17°15,0 N	16°45,0 W
13	16°52,0 N	16°54,0 W
14	16°38,5 N	16°57,0 W
15	16°30,5N	16°58,5 W
16	16°23,0 N	17°02,0 W
17	16°11,0 N	17°02,0W
18	16°04,0 N	17°02,0W

Soithí tuinníní cleithe agus dorú

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	20°46,0 N	17°18,0W
2	19°21,0N	16°47,0 W
3	19°21,0N	16°44,0W
4	19°10,0 N	16°40,0W
5	18°58,0 N	16°26,0 W
6	18°43,0 N	16°22,0 W
7	18°36,0 N	16°20,5W
8	18°18,0N	16°15,0W
9	18°02,5 N	16°14,0W
10	17°34,0 N	16°17,5 W
11	16°56,0 N	16°33,0 W
12	16°22,0 N	16°43,0 W
13	16°04,0 N	16°43,0 W

Iascaireacht baoite bheo

Údaraítear iascaireacht siar ó líne a shainmhínítear mar a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,0 N**	**17°06,0W**
2	**19°48,5N**	**16°45,0 W**
3	**19°21,0N**	**16°45,0W**
4	**19°15,0 N**	**16°31,0W**
5	**19°13,2 N**	**16°30,0 W**
6	**19°10,5 N**	**16°26,0 W**
7	**19°09,0 N**	**16°33,5 W**
8	**18°46,0 N**	**16°12,8 W**
9	**18°37,4 N**	**16°10,7 W**
10	**18°34,0 N**	**16°10,0 W**
11	**18°27,0 N**	**16°07,0 W**
12	**17°59,0N**	**16°05,0W**
13	**17°57,8 N**	**16°04,0 W**
14	**17°46,0 N**	**16°06,0 W**
15	**17°33,0 N**	**16°08,0 W**
16	**17°12,0 N**	**16°15,0 W**
17	**16°39,0 N**	**16°29,0 W**
18	**16°18,0 N**	**16°34,0 W**
19	**16°16,0 N**	**16°34,0 W**
20	**16°13,0 N**	**16°34,0 W**
21	**16°04,0 N**	**16°33,0 W**

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

Soithí tuinníní cleithe agus dorú Soithí tuinníní cleithe agus dorú: cliath agus dorú agus trál (le haghaidh iascaireacht baoite bheo)

Báid spiléar dromchla: spiléar dromchla

3. Íosmhéid údaraithe na mogall:

16 mm (iascaireacht baoite bheo)

4. Íosmhéideanna na spriocspeiceas:

Maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireaball (fad iomlán) (féach Foscríbhinn 5).

Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear i bhFoscríbhinn 5.

5. Foghabhálacha

Údaraithe	Toirmiscthe

--	I gcomhréir le leis na moltaí ábhartha ó ICCAT agus FAO, toirmeasctar iascaireacht a dhéanamh ar na speicis seo a leanas: an liamhán gréine (*Cetorhinus maximus* – Cód FAO: BSK), an siorc bán mór (Carcharodon carcharcharias – Cód FAO: WSH), an siorc tíograch gainimh (*Carcharias taurus* – Cód FAO: CCT) agus an gearrthóir (*Galeorhinus galeus* – Cód FAO: GAG).
Féadfaidh an Comhchoiste rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.	
6. Deiseanna iascaireachta / táillí	
Tonnáiste tagartha	7 000 tona de speicis mhórimirceacha agus speicis ghaolmhara
Líon soithí a údaraítear	15 shoitheach tuinníní cleithe agus dorú nó bhád spiléar
Táille bhliantúil ar ráta comhréidh	• EUR 2 500 in aghaidh gach soithigh tuinníní cleithe agus dorú, agus • EUR 3 500 in aghaidh an bháid spiléar dromchla
Páirtríofa ar bhonn gabhálacha	EUR 75/t don chéad bhliain, don dara bliain agus don tríú bliain, EUR 80/t don cheathrú bliain agus don chúigiú bliain.
7. Barúlacha eile	
Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail. **Iascaireacht baoite bheo** Tá iascaireacht baoite beo teoranta do líon laethanta in aghaidh na míosa a bheidh le leagan síos ag an gComhchoiste. Ní mór tús agus deireadh na hiascaireachta sin a chur in iúl do Gharda Cósta na Máratáine. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis na socruithe praiticiúla chun go mbeidh an chatagóir sin in ann iascaireacht baoite bheo a dhéanamh nó an baoite beo a bhailiú ar baoite é a theastaíonn chun go bhféadfaidh na soithí sin iascaireacht a dhéanamh. Sa chás go ndéantar na gníomhaíochtaí sin i limistéir íogaire nó le trealamh neamhghnách, leagfar síos na socruithe sin ar bhonn mholtaí IMROP agus i gcomhaontú le Garda Cósta na Máratáine.	

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 6:
REOTHRÁLAEIR PHEILIGEACHA

1. Limistéar iascaireachta

I. Ón gcéad lá a chuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm go dtí go nglacfaidh an Mháratáin an plean bainistíochta maidir le hiascaigh pheiligeacha bheaga dá dtagraítear in Airteagal 9(9) den Phrótacal seo agus go dtabharfaidh sí fógra don Aontas ina thaobh, údarófar iascaireacht siar ó líne arna sainiú mar seo a leanas:

(a) Ó thuaidh ó dhomhanleithead 19°00.00N: na línte idir na pointí seo a leanas:

20°46,00N	17°13,00W
20°36,00N	17°17,00W
20°36,00N	17°30,00W
20°21,50N	17°30,00W
20°10,00N	17°35,00W
20°00,00N	17°30,00W
19°45,00N	17°05,00W
19°00,00N	16°34,50W
19°00,00N	16°39,50W

(b) Ó dheas ó dhomhanleithead 19°00.00N fad le 17°30N, ag 20 mhuirmhíle arna ríomh ón marc diathrá.

(c) Ó dheas ó dhomhanleithead 17°30.00N: na línte idir na pointí seo a leanas:

17°30,00N	16°17,00W
17°12,00N	16°23,00W
16°36,00N	16°42,00W
16°13,00N	16°40,00W
16°04,00N	16°41,00W

Sa chás gur ar bhonn an mhairc diathrá a ríomhtar limistéir, féadfaidh an Comhchoiste sraith comhordanáidí geografacha a chur in ionad na línte lena ndéantar na limistéir a theormharcáil.

II. Ón uair a ghlacfaidh an Mháratáin an plean bainistíochta maidir le hiascaigh pheiligeacha bheaga dá dtagraítear in Airteagal 9(9) den Phrótacal seo agus go dtabharfaidh sí fógra don Aontas ina thaobh, beidh an limistéar iascaireachta suite siar ón líne a cheanglaíonn na pointí seo a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,00N**	**17°13,00W**
2	**20°36,00N**	**17°17,00W**
3	**20°36,00N**	**17°24,00W**
4	**20°10,00N**	**17°33,00W**
5	**19°57,00N**	**17°25,00W**
6	**19°46,00N**	**17°04,00W**
7	**19°21,00N**	**16°51,00W**
8	**19°12,00N**	**16°44,00W**
9	**19°09,05N**	**16°43,00W**
10	**19°07,80N**	**16°42,05W**
11	**18°59,65N**	**16°29,85W**

12	**18°51,90N**	**16°26,65W**
13	**18°34,60N**	**16°22,95W**
14	**18°33,90N**	**16°22,70W**
15	**18°19,95N**	**16°18,85W**
16	**17°59,80N**	**16°17,70W**
17	**17°33,00N**	**16°20,20W**
18	**17°30,00N**	**16°21,00W**
19	**17°30,00N**	**16°17,00W**
20	**17°12,00N**	**16°23,50W**
21	**16°36,00N**	**16°42,00W**
22	**16°13,00N**	**16°40,00W**
23	**16°04,00N**	**16°41,00W**

Údaraítear iascaireacht sa limistéar atá teormharcáilte leis na pointí seo a leanas ó mhí na Nollag go mí an Mhárta, an dá mhí san áireamh. Féadfaidh an Comhchoiste an patrún séasúrach sin a mhodhnú tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhchoiste Eolaíoch.

Pointí	**Comhordanáidí**	
1	**20°46,00N**	**17°13,00W**
2	**20°36,00N**	**17°17,00W**
3	**20°36,00N**	**17°11,00W**
4	**20°46,00N**	**17°03,00W**

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

Trál peiligeach

Féadfar mála an tráil a neartú le píosa líontáin a bhfuil méid íosta 400 mm de mhogalra rite sna mogaill agus le strapaí a shocraítear 1.5 m ar a laghad ó chéile, seachas an strapa ar chúl an tráil, nach bhféadfar a shocrú níos lú ná 2 m ón bhfuinneog sa mhála. Tá toirmeasc ar an mála a neartú nó a dhúbailt ar aon bhealach eile agus ní fhéadfaidh an trál díriú ar speicis seachas na speicis pheiligeacha bheaga a údaraítear.

3. Íosmhéid údaraithe na mogall:

40 mm

4. Íosmhéideanna na spriocspeiceas:

Maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireaball (fad iomlán) (féach Foscríbhinn 5).

Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.

5. Foghabhálacha

Údaraithe	Toirmiscthe
3 % den iomlán i gcás na spriocspeiceas údaraithe nó grúpa speiceas (beomheáchan)	Crústaigh agus ceifileapóid, seachas scuid (*Loligo vulgaris* – cód FAO: SQR)

Féadfaidh an Comhchoiste na rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.	
6. Deiseanna iascaireachta / táillí	
Minicíocht	Ceadúnas ráithiúil – TAC bliantúil
Gabháil iomlán incheadaithe (tonaí)	225 000 tona de speicis pheiligeacha bheaga, a fhéadfar a shárú le corrlach 10 % gan aon tionchar ar an ranníocaíocht airgeadais arna híoc ag an Aontas Eorpach le haghaidh rochtana
Líon soithí	Ní fhéadfar níos mó ná 19 soitheach a údarú ag an am céanna.
Táillí	EUR 75/t le haghaidh sairdíní agus mionsairdíní EUR 140/t le haghaidh bolmán agus ronnach EUR 123/t le haghaidh speicis pheiligeacha eile[7]
	Beidh an táille le ríomh i ndeireadh gach tréimhse 3 mhí a údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh, agus gabhálacha den spriocspeiceas a rinneadh sa tréimhse sin á gcur san áireamh. Deonaítear an ceadúnas ar choinníoll go n-íoctar airleacan EUR 5 000 in aghaidh an tsoithigh, suim a bheidh le híoc i dtús gach tréimhse údaraithe 3 mhí ina n-údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh. Asbhaintear í ón méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad mhír.
Tá úinéirí reothrálaer peiligeach Aontais le rannchuidiú leis an mbeartas chun éisc a dháileadh ar dhaoine i ngátar, de réir ráta 2 % dá ngabháil ag deireadh turais iascaireachta.	
7. Breathnóireachtaí eolaíocha	
Rud éigeantach é beirt bhreathnóirí eolaíochta ón Mháratáin a bheith ar bord gach soithigh sa chatagóir seo; ceanglaítear orthu na héisc laistíos den deic a thomhas agus faireachán a dhéanamh ag an am céanna ar fhoghabhálacha ar an deic iascaireachta. Sa chás nach bhfuil sé indéanta go mbeadh na turais iascaireachta uile á gcumhdach go hiomlán ag breathnóirí, ní mór do na trálaeir pheiligeacha uile foireann bheirt bhreathnóirí eolaíochta ar a laghad a thabhairt ar bord arna iarraidh sin d'Institiúid Aigéaneolaíochta agus Taighde Iascaigh na Máratáine (IMROP). I gcás ina ndiúltaíonn trálaer breathnóirí eolaíochta a ghlacadh ar bord, ní údarófar dó an calafort a fhágáil. Ní mór do IMROP sampláil chothromaithe ar dheighleoga éagsúla an chabhlaigh a chur ar bun.. Braitheann líon na misean ar an iarracht iomlán (líon iomlán na dtrálaer sa limistéar) agus ar inathraitheacht na ngabhálacha ó thaobh spáis agus ama de. De bhreis ar bhreathnóireachtaí ar bord, déanann an Mháratáin breathnóireachtaí ar tír a eagrú freisin. Cuirtear na sonraí a bhailítear ar fáil don Chomhchoiste Eolaíoch agus do CECAF. Glactar samplaí gach mí agus ag gach pointe teacht i dtír ar fud an fho-réigiúin. Is é an t-íosráta samplála sampla amháin ar a laghad (ina bhfuil 100 duine aonair ar a laghad in aghaidh 1 000 tona gabhála) – tag. CECAF 2019.	
8. Barúlacha eile	

[7] Seachas sairdíní, mionsairdíní, bolmáin agus ronnaigh.

Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail.

Féadfar deiseanna iascaireachta chatagóir 7 nár úsáideadh a úsáid ar ráta dhá cheadúnas ar a mhéad in aghaidh na míosa.

Tréimhsí téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta – ní mór do shoithí údaraithe iascaireachta cloí leis na tréimhsí téarnaimh uile ó thaobh na bitheolaíochta atá leagtha síos ag an Roinn sa limistéar údaraithe iascaireachta ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr, agus deireadh a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta ansin. Sa chomhthéacs sin, dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) den Chomhaontú seo, ní mór don Mhárataín fógra a thabhairt don Aontas roimh ré maidir le haon athruithe ar a reachtaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais. De mhaolú ar Airteagal 6(5) den Chomhaontú seo, beidh cinneadh lena socraítear tréimhse téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta infhorfheidhmithe i gcoinne shoithí an Aontais ón 30ú lá tar éis d'údaráis an Aontais an fógra a fháil ón Márataín, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil an teorainn ama sin infheidhme.

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 7:
SOITHÍ PEILIGEACHA GAN REOITEOIR

1. Limistéar iascaireachta

I. Ón gcéad lá a chuirfear an Prótacal seo i bhfeidhm go dtí go nglacfaidh an Mháratáin an plean bainistíochta maidir le hiascaigh pheiligeacha bheaga dá dtagraítear in Airteagal 9(9) den Phrótacal seo agus go dtabharfaidh sí fógra don Aontas ina thaobh, údarófar iascaireacht siar ó líne arna sainiú mar seo a leanas:

(a) Ó thuaidh ó dhomhanleithead 19°00.00N: na línte idir na pointí seo a leanas:

20°46,00N	17°13,00W
20°36,00N	17°17,00W
20°36,00N	17°30,00W
20°21,50N	17°30,00W
20°10,00N	17°35,00W
20°00,00N	17°30,00W
19°45,00N	17°05,00W
19°00,00N	16°34,50W
19°00,00N	16°39,50W

Ó dheas ó dhomhanleithead 19°00.00N fad le 17°30N, ag 20 mhuirmhíle arna ríomh ón líne lag trá.

c) Ó dheas ó dhomhanleithead 17°30 N: na línte idir na pointí seo a leanas:

17°30,00N	16°17,00W
17°12,00N	16°23,00W
16°36,00N	16°42,00W
16°13,00N	16°40,00W
16°04,00N	16°41,00W

Sa chás gur ar bhonn an mhairc diathrá a ríomhtar limistéir, féadfaidh an Comhchoiste sraith comhordanáidí geografacha a chur in ionad na línte lena ndéantar na limistéir a theormharcáil.

II. Ón uair a ghlacfaidh an Mháratáin an plean bainistíochta maidir le hiascaigh pheiligeacha bheaga dá dtagraítear in Airteagal 9(9) den Phrótacal seo agus go dtabharfaidh sí fógra don Aontas ina thaobh, beidh an limistéar iascaireachta suite siar ón líne a cheanglaíonn na pointí seo a leanas:

Pointí	Comhordanáidí	
1	**20°46,00N**	**17°13,00W**
2	**20°36,00N**	**17°17,00W**
3	**20°36,00N**	**17°24,00W**
4	**20°10,00N**	**17°33,00W**
5	**19°57,00N**	**17°25,00W**
6	**19°46,00N**	**17°04,00W**
7	**19°21,00N**	**16°51,00W**
8	**19°12,00N**	**16°44,00W**
9	**19°09,05N**	**16°43,00W**
10	**19°07,80N**	**16°42,05W**
11	**18°59,65N**	**16°29,85W**
12	**18°51,90N**	**16°26,65W**

13	**18°34,60N**	**16°22,95W**
14	**18°33,90N**	**16°22,70W**
15	**18°19,95N**	**16°18,85W**
16	**17°59,80N**	**16°17,70W**
17	**17°33,00N**	**16°20,20W**
18	**17°30,00N**	**16°21,00W**
19	**17°30,00N**	**16°17,00W**
20	**17°12,00N**	**16°23,50W**
21	**16°36,00N**	**16°42,00W**
22	**16°13,00N**	**16°40,00W**
23	**16°04,00N**	**16°41,00W**

Údaraítear iascaireacht sa limistéar atá teormharcáilte leis na pointí seo a leanas ó mhí na Nollag go mí an Mhárta. Féadfaidh an Comhchoiste an patrún séasúrach sin a mhodhnú tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhchoiste Eolaíoch.

Pointí	**Comhordanáidí**	
1	**20°46,00N**	**17°13,00W**
2	**20°36,00N**	**17°17,00W**
3	**20°36,00N**	**17°11,00W**
4	**20°46,00N**	**17°03,00W**

Féadfaidh an Comhchoiste an patrún séasúrach sin a mhodhnú tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhchoiste Eolaíoch.

2. Cineálacha údaraithe trealaimh

Trál peiligeach agus peaslíon saighne tionsclaíoch:

Féadfar mála an tráil a neartú le píosa líontáin a bhfuil méid íosta 400 mm de mhogalra rite sna mogaill agus le strapaí a shocraítear 1.5 m ar a laghad ó chéile, seachas an strapa ar chúl an tráil, nach bhféadfar a shocrú níos lú ná 2 m ón bhfuinneog sa mhála. Tá toirmeasc ar an mála a neartú nó a dhúbailt ar aon bhealach eile agus ní fhéadfaidh an trál díriú ar speicis seachas na speicis pheiligeacha bheaga a údaraítear.

3. Íosmhéid údaraithe na mogall:

40 mm i gcás trál agus 20 mm i gcás saighní.

4. Íosmhéideanna na spriocspeiceas

Maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireabaill (fad iomlán) (féach Foscríbhinn 5).

Féadfaidh an Comhchoiste an méid íosta a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.

5. Foghabhálacha

Údaraithe	Toirmiscthe
3 % den iomlán i gcás na spriocspeiceas údaraithe nó grúpa speiceas (beomheáchan)	Crústaigh agus ceifileapóid, seachas scuid

Féadfaidh an Comhchoiste na rátaí foghabhála a chinneadh i gcás speiceas nach liostaítear thuas.

6. Deiseanna iascaireachta / táillí	
Gabháil iomlán incheadaithe (tonaí)	15 000 tona in aghaidh na bliana de speicis pheiligeacha bheaga I gcás ina mbaintear leas as na deiseanna iascaireachta sin, bainfear iad den ghabháil iomlán incheadaithe dá bhforáiltear i gcatagóir 6.
Líon soithí	Ní mór gan níos mó ná dhá shoitheach a bheith údaraithe ag an am céanna, coibhéis dhá cheadúnas ráithiúla i gcás reothrálaer peiligeach catagóir 6.
Minicíocht	Ceadúnas ráithiúil – TAC bliantúil
Táillí	EUR 75/t le haghaidh sairdíní agus mionsairdíní EUR 140/t le haghaidh bolmán agus ronnach EUR 123/t le haghaidh speicis pheiligeacha eile
	Beidh an táille le ríomh i ndeireadh gach tréimhse 3 mhí a údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh, agus gabhálacha den spriocspeiceas a rinneadh sa tréimhse sin á gcur san áireamh. Deonaítear an ceadúnas ar choinníoll go n-íoctar airleacan EUR 5 000/t, suim a bheidh le híoc i dtús gach tréimhse údaraithe 3 mhí ina n-údaraítear don soitheach iascaireacht a dhéanamh. Asbhaintear í ón méid a ríomhtar i gcomhréir leis an gcéad mhír.
7. Barúlacha eile	
Socraítear na táillí le haghaidh tréimhse fheidhme iomlán an Phrótacail. Tréimhsí téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta – ní mór do shoithí údaraithe iascaireachta cloí leis na tréimhsí téarnaimh uile ó thaobh na bitheolaíochta atá leagtha síos ag an Roinn sa limistéar údaraithe iascaireachta ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr, agus deireadh a chur le gach gníomhaíocht iascaireachta ansin. Sa chomhthéacs sin, dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) den Chomhaontú seo, ní mór don Mháratáin fógra a thabhairt don Aontas roimh ré maidir le haon athruithe ar a reachtaíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí shoithí an Aontais. De mhaolú ar Airteagal 6(5) den Chomhaontú seo, beidh cinneadh lena socraítear tréimhse téarnaimh ó thaobh na bitheolaíochta infhorfheidhmithe i gcoinne shoithí an Aontais ón 30ú lá tar éis d'údaráis an Aontais an fógra a fháil ón Márataín, ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil an teorainn ama sin infheidhme.	

CATAGÓIR IASCAIREACHTA 8: CEIFILEAPÓID		
1. Limistéar iascaireachta		
p.m.		
2. Cineálacha údaraithe trealaimh		
p.m.		
3. Íosmhéid údaraithe na mogall:		
p.m.		
4. Foghabhálacha		
Údaraithe		Toirmiscthe
p.m.		p.m.
5. Tonnáiste/táillí údaraithe		
Tréimhse	Bliain 1	Bliain 2
Méid na ngabhálacha údaraithe (i dtonaí)	p.m.	p.m.
Táillí	p.m.	p.m.
6. Barúlacha		
p.m.		

FOSCRÍBHINN 3

FOIRM IARRATAIS AR CHEADÚNAS IASCAIREACHTA

I – IARRATASÓIR

1. Ainm an úinéara: .....

2. Seoladh úinéir an tsoithigh: ……

3. Teil.: Facs: ..... Ríomhphost: .....

4. Ainm chomhlachas nó ghníomhaire úinéir an tsoithigh: .....

5 . Seoladh an chomhlachais nó an ghníomhaire: .....

.....

6 . Teil.: Facs: .....Ríomhphost: .....

5. Ainm an mháistir: ..... Náisiúntacht: .....

II – SOITHEACH AGUS SAINAITHINT

1. Ainm an tsoithigh: .....

2. Stát brataí: .....

3. Cláruimhir sheachtrach: .....

4. Uimhir CFR: ……

5. Uimh. IMO (más infheidhme): ……

6. Uimhir taifid ICCAT (catagóirí 4 agus 5 agus soithí tacaíochta)

4. Calafort baile: .....

5. Bliain agus áit a thógála: .....

6. Comhartha aitheantais raidió: ..... Minicíocht glao: .....

7. Ábhar tógála cabhlach: Cruach□ Adhmad□ Poileistear□ Eile□

8. Trasfhreagróir(í) VMS: Sraithuimhir(sraithuimhreacha): ……

Múnla(í): ……..

Cód aitheantais

Oibreoir(í) satailíte: ……..

III – SAINTRÉITHE TEICNIÚLA AGUS TREALAMH

1. Fad foriomlán : ..... Leithead: .....

2. Tonnáiste (GT): .....

3. Cumhacht an phríomhinnill in kW : ..... Déanamh: ..... Cineál: .....

4. Cineál na loinge: ..... Catagóir iascaireachta: .....

5. Trealamh iascaireachta: .....

6. Líon foirne: .....

ar iascairí ón Mháratáin iad:

7. Modh leasaithe éisc ar bord: Úr □ Fuarstóráil □ Measctha □ Reo □

8. Acmhainn reo i dtonaí/24 uair an chloig: .....

9. Toilleadh an bhoilg: ..... Líon: .....

10. An t-údarú iascaireachta arna iarraidh don tréimhse ón (ll/mm/bbbb): .../.../... go: …/…/…

Arna dhéanamh i/sa....., an.....

Síniú an iarratasóra.....

FOSCRÍBHINN 4

LIOSTA FAISNÉISE MAIDIR LE LOGLEABHAR IASCAIREACHTA PHOBLACHT IOSLAMACH NA MÁRATÁINE

1. FAISNÉIS FAOIN TURAS IASCAIREACHTA: FAISNÉIS A TARCHUIREADH I NDEIREADH AN TURAIS

(a) Ainmneacha agus clárú an tsoithigh

(b) Stát brataí an tsoithigh

(c) Cineál lamháltais

(d) An deighleog iascaireachta

(e) Cineálacha údaraithe trealaimh

(f) Dáta a cuireadh chun farraige

(g) Dáta fillte ar an gcalafort

(h) Cainníocht gach speicis agus gach catagóire tráchtála

2. FAISNÉIS MAIDIR LE GACH OIBRÍOCHT IASCAIREACHTA

(a) Dáta

(b) Am tosaithe na hoibríochta

(c) Fad na hoibríochta

(d) Trealamh a úsáideadh

(e) Domhanleithead

(f) Domhanfhad

(g) An ghabháil iomlán mheasta roimh shórtáil

(h) An ghabháil a coimeádadh de réir speiceas: ní mór na speicis a liostaítear thíos a dhearbhú aon uair arb ann dóibh, is cuma cén chainníocht díobh a gabhadh

(i) Teocht an uisce dhromchla (roghnach)

(j) Luas agus treo na gaoithe (roghnach)

(k) Staid na farraige (garbh, measartha garbh, socair) (roghnach)

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
ALECTIS ALEXANDRINUS	ALA	SALBA	جمل اسكندري	Cordonnier bossu	Alexandria pompano

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
ARGYROSOMUS REGIUS	MGR	CORVINA	مسقار	Maigre commun	Meagre
ARISTEUS VARIDENS	ARV	ALISTADO	جمبري	Gambon rayé	Striped red shrimp
ARIUS spp	AWX	MACHARON	سمكة القط	Machoiron	Cat fish
BRACHYDEUTERUS AURITUS	GRB	PELLON	صرع	Lippu pelon	Bigeye grunt
BRANCHIOSTEGUS SEMIFASCIATUS	TIS	AMADAI	بقل الماء	Tile zèbre	Zebre tilefish
BROTULA BARBATA	BRD	BERTORELLA		Brotule barbée	Bearded brotula
CAMPOGRAMMA GLAYCOS	VAD	LICHE	سمك القردل	Liche lirio	Vadigo
CHELIDONICHTHYS LUCERNA	GUU	GALLE	مرعب مصوت	Grondin perlon	Tub gurnard
CHLOROSCOMBRUS CHRYSURUS	BUA	SAR PLAT	بياض بومبر	Sapater	Atlantic bumper
CONGER CONGER	COE	CANGRJO	أنقليس البحر الأوربي	Congre d’Europe	European conger
CYMBIUM CYMBIUM	YBC	CYMBIUM	خطم حلزوني	Volute trompe de cochon	Pig’s snout volute
CYNOGLOSSUS CADENATI	YOI	LENGUA	سمك موسى الغاني	Sole langue du Ghana	Ghanaian tonguesole
CARANX RHONCHUS	HMY	CHINCHARD JAUNE	شاخور أصفر	Carangue jone	scad, false scad, tenfinned horse mackerel
DENTEX DENTEX	DEC	RENKODAI	بصّاص) مسنن شائع(	Denté commun	Common dentex

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
DENTEX MACROPHTHALMUS	DEL	CACHICHO	بحلق) مسنن جاحظ(	Denté à gros yeux	Large-eye dentex
DENTEX SPP	DEX	DANTEX	مسنن	Denté	Dentex
DICENTRARCHUS PUNCTATUS	SPU	BAILA	قاروص أرقط	Bar tacheté	Spotted seabass
DICOLOGLOSSA CUNEATA	CET	ACEDIA	صول إسفيني	Céteau	Wedge sole
DIPLODUS SARGUS	SWA	SARGO	سرغوس	Sar commun	White seabream
ENGRAULIS ENCRASICOLUS	ANE	ANCHOVA	أنشوجة	Anchois	European anchovy
EPINEPHELUS AENEUS	GPW	CHERNE	هامور أبيض	Mérou blanc	White grouper
EPINEPHELUS COSTAE	EPK	ABAE	هامور	Mérou badèche	Golden grouper, Alexandia seabass
EPINEPHELUS GOREENSIS	EEG	MEROU	هامور وردي	Mérou de Gorée	Dungat grouper
EPINEPHELUS	GPX	BADECH	هامور	Badech	Grouper
ETHMALOSA FIMBRIATA	BOA	OBO	سمكة الأوبو	Ethmalose d’Afrique	Bonga shad
GERYON MARITEA	GER	BOCA	سرطان البحر	Géryon Ouest-Africain	West African gryon
HOLOTHURIS SP	HFT	CONCOMBRE	خيار البحر	Concombre de mer	Sea cucumber
KATSUWONUS PELAMIS	SKJ	LISTAO (BONITE)	بونيت مخطط البحر	Listao	Skipjack tuna

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
LEPTOCHARIAS SMITHII	CLL	CAZON	كلب البحر كبير الشفاه	Missole barbue	Barbeled houndshark
LITHOGNATHUS MORMYRUS	SSB	HERRERA	شعم مخطط	Marbré	Sand steenbras
LIZA AURATA	MGA	CABEZOTE	بوري دهبان	Mulet doré	Golden grey mullet
LOLIGO VULGARIS	SQR	CALAMAR	حبّار	Encornet	European squid
LOPHIUS SPP	MVA	RAPE	سمك عفريت البحر الافريقي	Baudroie africaine	Shortspine African angler
MERLUCCIUS SPP (POLI ET SENEGALENSIS)	HKE	MERLUSSA	نازلي شائع	Merlu	Hake
MERLUCCIUS MERLUCCIUS	HKE	MERLUSSA	نازلي شائع	Merlu	Hake
MUGIL CEPHALUS	MUF	HUEVAS	بوري كبير الرأس	Mulet à grosse tête	Flathead grey mullet
MULLUS BARBATUS	MUT	SALMONETTE	سلطان إبراهيم رملي	Rouget de vase	Red mullet
MURAENA HELENA	MMH	MORINA	مورينا	Morina	Morina
MUSTELUS MUSTELUS	SMD	TOLLO	كلب ناعم	Missole lisse	Smooth-hound
OCTOPUS VULGARIS	OCC	TAKO	أخطبوط	Pieuvre	Common octopus
OMMASTREPHES BARTRAMI	OFJ	POTA	الحبار المجنح	Encornet volant	Neon flying squid
ORCYNOPSIS UNICOLOR	BOP	PALOMETE	تونة منبسطة	Palomète	Plain bonito
PAGELLUS ACARNE	SBA	BESUGO	مرجان أبو نقطة	Pageot acarne	Axillary seabream

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
PAGELLUS BELLOTTII	PAR	PAGEOT	مرجان أحمر	Pageot à tache rouge	Red pandora
PALINURUS MAURITANICUS	PSL	CABEZA LANGOSTA ROSE	جراد البحر الموريتاني	Langouste rose	Pink spiny lobster
PANULIRUS REGIUS	LOY	CABEZA LANGOSTA	جراد البحر الأخضر	Langouste royale	Royal spiny lobster
PARAPENAEUS LONGIROSTRIS	DPS	GAMBA	جمبري، قريدس وردي	Crevette rose du large	Deep-water rose shrimp
SOLEA LASCARIS	SOS	SOLLA	صول رملي	Sole	Flatfish
PENAEUS KERATHURUS	TGS	CAMARON	جمبري مخطط	Caramote	Caramote prawn
PENAEUS NOTIALIS	SOP	LANGOSTINO	جمبري وردي	Crevette rose du Sud	Southern pink shrimp
PLECTORHINCHUS MEDITERRANEUS	GBR	BURRO	مرجان المتوسط	Diagramme	Rubberlip grunt
PENTANEMUS QUINQUARIUS	PET	TROTA	القبطان الملكي	Capitaine royal	Royal threadfin
POMADASYS SPP	BGX	CROCUS	مرعب	Grondeur	Grunts
POMADASYS INCISUS	BGR	RONCADOR	قسطارة، مرعب ملون	Grondeur métis	Bastard grunt
POMATOMUS SALTATRIX	BLU	SALMON	غنبار، قروص مغربي، قاطع الخيط	Tassergal	Bluefish

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
PSETTODES BELCHERI	SOT	PERRO	الراقود، سمكة الترس	Turbot épineux tacheté	Spottail spiny turbot
PSEUDOTOLITHUS SENEGALENSIS	PSS	CORVINATO	حصية الأذن	Otolithe	Casava croaker, captain fish
PSEUDOTOLITHUS BRACHYGNATHUS	CKL	CAPITAIN	سمك القبطان	Otolithe gabo	Law croaker
PSEUDOTOLITHUS SENEGALENSIS	PSS	CAPITAINE SENEG	حصية الأذن السنغالية	Otolithe sénégalais	Cassava croaker
PSEUDOTOLITHUS TYPUS	PTY	CAPITAINE TYPUS	حصية الاذن نانكا	Otolithe nanka	Longneck croaker
RAJA SPP	SKA	RAYA	راية	Pocheteaux et raies raja nca	Raja rays nei
RHINOBATOS SPP	GUZ	GUITARE	سمكة القيثارة	Raie guitare	Guitarfish
SARDA SARDA	BON	PALAMIDA	غزال، البلاسيط المخطط	Bonite à dos rayé	Atlantic bonito
SARDINA PILCHARDUS	PIL	SARDINE		Sardine	Sardine, Pilchard
SARDINELLA AURITA	SAA	SARDINALLE	سردين مبروم	Allache	Round sardinella
SCOMBER JAPONICUS	MAS	MACKEREL	إسقمري اسباني (الماكريل)	Maquereau espagnol	Chub mackerel
SCORPAENA SPP	SCS	RASCACIO	هلوق	Rascasses nca	Scorpionfishes, rockfishes

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
					nei
SCYLLARUS ARCTUS	SCY	CIGALE	الزيز	Petite cigale	Lesser slipper lobster
SEPIA OFFICINALIS	CTC	MONGO	السبيدج	Seiche commune	Common cuttlefish
SERATHEREDON MELANOPTERON	TILAP	TILAPIA		Tilapia	Blackchin tilapia
SOLEA LASCARIS	SOS	PELUDA	سمك موسى الترابي	Sole-pole	Sand sole
SOLEA SENEGALENSIS	OAL	LENGUADO RUBIO	سمك اموسى السينغالي	Sole du Sénégal	Senegalese sole
SOLEA SOLEA	SOL	LENGUADO	سمك موسى الشائع	Sole commune	Sole
PAGRUS AURATUS	GSU	DORADA	قجاج	Dorade royale	Gilt-head bream
PAGRUS AURIGA	REA	ROKERA	قجاج مخطط	Pagre rayé	Redbanded seabream
PAGRUS PAGRUS	RPG	Pagre	قجاج الشائع	Pagre rouge	Red porgy
SPHYRAENA BARRACUDA	GBA	PICODA	زنجور البحر الكبير	Barracuda	Great barracuda
SPONDYLIOSOMA CANTHARUS	BRB	CHOPA	ريّس، مرجان رمادي	Dorade grise	Black seabream
SQUALUS ACANTHIAS	DGS	CANE	كلب البحر المختار	Aiguillat commun	Picked dogfish
STROMATEUS FIATOLA	BLB	FOULLA	زبيدة، السمك الأملس	Fiatole	Blue butterfish
SYNAPTURA CADENATI	YNY	LENGUADO TIGRE	سمك موسى المخطط	Sole-ruardon du Golfe	Guinean sole

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
THUNNUS OBESUS	BET	THON	تونة	Thon obèse(=Patudo)	Bigeye tuna
TRACHURUS TRACHURUS	HOM	CHINCHARD	شاخور أوربي	Chinchard d'Europe	Atlantic horse mackerel
TRACHURUS TRECAE	HMZ	CHINCHARD NOIR	شاخور أسود	Chinchard du Cunène	Cunene horse mackerel
TRICHIURUS LEPTURUS	LHT	SABLE	سيف، حزام فضي	Poisson-sabre commun	Largehead hairtail
UMBRINA SPP	UBS	BOURROUGATO	البقلة	Ombrines nca	Drums nei
URANOSCOPUS SPP	URA	RATA	بومة	Uranoscopes	Stargazers
ZENOPSIS CONCHIFER	JOS	PLATIDA	دجاجة الماء الفضية	Saint Pierre argenté	Silvery John dory
ZEUS FABER MAURITANICUS	JOD	PIETRO	دجاجة الماء الذهبية	Saint Pierre	John dory
SARDINELLA MADERNSIS	SAE			Sardinelle plate	
BRAMA BRAMA	POA	palometa		Grande castagnole	Atlantic pomfret
PSEUDUPANAEUS PRAYENSIS	GOA	Salmonete		Rouget	Goatfish
SCHEDOPHILUS OVALIS	HDV	Choupa	سمك أسود امْبراطُوري	Rouffe impérial	Imperial blackfish
SPARUS CAERULEOSTICTUS	BSC	Daurade rose		Pagre à points bleus	Gilt-head

AINM EOLAÍOCH	Code_ FAO	AINM TRÁCHTÁLA	AINM ARAIBISE	AINM FRAINCISE	AINM BÉARLA
SCUIDEANNA AGUS MÁITHREACHA SÚIGH EILE					
CUDAIL EILE					
ÉISC GHRINNILL EILE					
ÉISC PHEILIGEACHA EILE					
CRÚSTAIGH EILE					
MOILISC EILE					

FOSCRÍBHINN 5

Reachtaíocht[8] atá i bhfeidhm maidir le híosmhéideanna na ngabhálacha a choimeádtar ar bord

‘Roinn III: Íosmhéideanna agus íosmeáchain na speiceas’

Ní mór toisí íosta na speiceas a thomhas:

– maidir le héisc, déantar an méid íosta a thomhas ó bharr an ghoib go dtí ceann eite an eireabaill (fad iomlán);

– maidir le ceifileapóid, fad an choirp amháin (bratach) gan bhraiteoga;

– maidir le crústaigh, ó bharr an rostraim go dtí ceann an eireabaill.

Is é atá i mbarr an rostraim, síneadh ar an gcarapás, atá suite sa chuid airmheáin tosaigh den cheifileatóracs. Maidir leis an ngliomach spíonach bándearg, is é lár chuid chuasach an charapáis atá suite idir an dá adharc thosaigh atá le roghnú mar phointe tagartha.

Is iad seo a leanas íosmhéideanna agus íosmheáchain na n-iasc sáile, na gceifileapód agus na gcrústach a fhéadfar a iascach:

– Maidir le héisc sáile:

Sardinella (*Sardinella aurita* agus *Sardinella maderensis*)	18 cm
Sairdín Eorpach (*Sardina pilchardus*)	16 cm
Bolmáin agus an bolmán Atlantach (*Trachurus* spp.)	19 cm
An bréagbholmán (*Decapturus rhonchus*)	19 cm
An ronnach seapánach (*Scomber japonicus*)	25 cm
An garbhánach órcheannach (*Sparus aurata*)	20 cm
An garbhánach gormbhallach (*Sparus coeruleostictus*)	23 cm
An garbhánach deargbhandach (*Sparus auriga*), an garbhánach pargach dearg *(Sparus pagrus*)	23 cm
Dentex (*Dentex* spp.)	15 cm
An garbhánach dearg (*Pagellus bellottii*, *Pagellus acarne*)	19 cm
Gramhsaire na meánmhara, (*Plectorhynchus mediterraneus*)	25 cm
Garúpach dubh	25 cm
Grágaire (*Sciana umbra*)	25 cm
Argirosomus regius agus an grágaire Seineagálach (*Pseudotholithus senegalensis*)	70 cm
Garúpaigh (*Epinephelus* spp.)	40 cm
An t-iasc gorm (*Pomatomus saltator*)	30 cm
Iasc gabhair na hAfraice Thiar (*Pseudupeneus prayensis*)	17 cm
Milléid (*Mugil* spp.)	20 cm

[8] Tag. d’Fhoraithne Uimh. 2015-159 an 1 Deireadh Fómhair 2015 lena gcuirtear an cód iascaigh chun feidhme.

Mustelus mustelus, Leptocharias smithi	60 cm
An doingean mara ballach (*Dicentrarchus punctatus*)	20 cm
Cynoglossuscanariensis, Cynoglossus monodi	20 cm
Cynoglossus cadenati, Cynoglossus senegalensis	30 cm
Colmóirí (*Merluccius* spp.)	30 cm

Maidir le ceifileapóid:

An t-ochtapas coiteann (*Octopus vulgaris*)	500 g (dí-innithe)
An mháthair shúigh (*Loligo vulgaris*)	13 cm
Seiche Mongo (*Sepia officinalis*)	13 cm
Seiche Sépiola (*Sepia bertheloti*)	07 cm

Maidir le crústaigh:

An gliomach spíonach ríoga (*Panulirus regius*)	21 cm
An gliomach spíonach bándearg (*Palinurus mauritanicus*)	23 cm
Rós-séaclaí domhainmhara (*Parapenaeus longirostris*)	06 cm
Géarón iar-Afracach, portáin domhainmhara (*Geryon maritae*)	06 cm
An séacla bándearg deisceartach, an cloicheán caramóiteach (*Penaeus notialis, Penaeus kerathurus*)	200 indibhid/kg ar a mhéid

Féadfar an liosta i mír 2 a athbhreithniú chun na híosmhéideanna a chomhchuibhiú ar an leibhéal réigiúnach.

FOSCRÍBHINN 6

Liosta de na fachtóirí coinbhéartachta

AN RÁTA COINBHÉARTACHTA LE CUR I bhFEIDHM AR THÁIRGÍ IASCAIGH CRÍOCHNAITHE A PHRÓISEÁILTEAR AR BORD TRÁLAER

Táirge	Modh próiseála	Ráta comhshó
Colmóirí Gan cheann, dí-innithe	Gearradh de láimh nó le meaisín	1 510
Mionsairdíní		
Gan cheann	Gearradh de láimh	1 416
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh de láimh	1 675
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh le meaisín	1 795
An ronnach		
Gan cheann	Gearradh de láimh	1 406
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh de láimh	1 582
Gan cheann	Gearradh le meaisín	1 445
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh le meaisín	1 661
Sabre		
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh de láimh	1 323
Scabaird	Gearradh de láimh	1 340
Gan cheann, dí-innithe (gear speisialta)	Gearradh de láimh	1 473
Sairdíní		
Gan cheann	Gearradh de láimh	1 416
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh de láimh	1 704
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh le meaisín	1 828
Bolmáin		
Gan cheann	Gearradh de láimh	1 570
Gan cheann	Gearradh le meaisín	1 634
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh de láimh	1 862
Gan cheann, dí-innithe	Gearradh le meaisín	1 953

NB: Maidir le héisc a phróiseáil ina min, is 5,5 tona éisc úir le 1 tona mine an ráta comhshó is infheidhme.

FOSCRÍBHINN 7

Teachtaireachtaí VMS a chur in iúl don Mháratáin

TUARASCÁIL SUÍMH

1. Sainaithneofar leis an gcód 'ENTRY' an chéad suíomh a thaifeadtar tar éis dul isteach i limistéar iascaireachta na Máratáine. Déanfar gach suíomh ina dhiaidh sin a shainaithint leis an gcód 'POS', cé is moite den chéad suíomh a thaifeadtar tar éis imeacht as limistéar iascaireachta na Máratáine, a shainaithneofar leis an gcód 'EXIT'.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis thuas, caithfidh go mbeidh FMC na Máratáine in ann na foláirimh éagsúla VMS a liostaítear thíos a ghlacadh:

Cineál teachtaireachta	Cód táscach	Nóta tráchta
Comhartha GNSS imithe	GPS_LOSS (Lost of GPS signal)	Teachtaireacht a sheoltar nuair nach mbeidh modúl GNSS an teirminéil VMS in ann suíomh GNSS a fháil
Aisghabháil chomhartha GNSS	GPS_RECOVERY (Signal GPS is Back)	Teachtaireacht a sheoltar nuair a bheidh suíomh GNSS faighte ag modúl GNSS theirminéal an chórais VMS, i ndiaidh GPS_LOSS
Soláthar Seachtrach Cumhachta ON	POWER_UP (Reconnected from main power)	Teachtaireacht a sheoltar nuair a lascann an soláthar seachtrach cumhachta air
Soláthar seachtrach cumhachta OFF	POWER_DOWN (disconnected from main power)	Teachtaireacht a sheoltar nuair a ghearrtar an soláthar seachtrach cumhachta agus go bhfuil an teirminéal VMS á chumhachtú le ceallra
Deireadh le hoibriú i mód ceallra	LAST_ON_BATTERY (Battery Fault)	Teachtaireacht a sheoltar díreach sula stopann an teirminéal VMS de bheith ag oibriú nuair atá an ceallra ídithe
Iarratas ar shuíomh reatha (faireachán)	PING	Freagairt ar iarratas ar shuíomh reatha an teirminéil VMS (faireachán)
Suíomhanna a stóráladh nuair a bhí an líonra thíos	DATALOGGER	Teachtaireacht a sheoltar nuair atá an líonra satailíte ar ais. Tugann an teachtaireacht na tuairiscí suímh a stóráladh le linn don nasc leis an líonra a bheith imithe.
Foláireamh ionraidh	INTRUSION	Teachtaireacht a sheoltar nuair a osclaítear cruinneachán an teirminéil VMS
Comhartha dínasctha cáblaí	DOME DISMOUNTING	Teachtaireacht a sheoltar nuair a dhínasctar an cábla a cheanglaíonn an cruinneachán leis an mbosca acomhal

FOSCRÍBHINN 8

LEAS A BHAINT AS CAIGHDEÁN NA/FLUX AGUS AS LÍONRA FLUX AE

1. Comhaontaíonn na Páirtithe athrú i ndeireadh báire ó chaighdeán ERS 3.1 go caighdeán NA/FLUX (na Náisiún Aontaithe/Teanga Iascaigh um Malartú Uilíoch) agus go líonra FLUX an Aontais um malartú, chun suíomhanna soithí, logleabhair leictreonacha agus sonraí údarúcháin iascaireachta a mhalartú.

2. Déanfar aon leasuithe ar chaighdeán NA/FLUX a chur chun feidhme laistigh de theorainn ama arna socrú ag an gComhchoiste ar bhonn forálacha teicniúla arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach, trí mhalartú litreacha i gcás inarb iomchuí.

3. Déanfar na socruithe mionsonraithe chun na malartuithe leictreonacha éagsúla a chur chun feidhme a leagan amach, i gcás inar gá, i ndoiciméad cur chun feidhme arna ullmhú ag an gCoimisiún Eorpach agus arna fhormheas ag an gComhchoiste.

4. Féadfar leas a bhaint as bearta idirthréimhseacha go dtí go n-athrófar go dtí an caighdeán NA/FLUX maidir le gach comhchuid ar leith (suíomhanna, logleabhar iascaireachta, údaruithe). Is iad údaráis na Máratáine a chinnfidh an tréimhse a bheidh riachtanach don aistriú sin, agus aon srianta teicniúla á gcur san áireamh. Saineoidh siad an tréimhse trialach a bheidh ag teastáil sula mbeidh caighdeán NA/FLUX in úsáid go héifeachtach. A luaithe a bheidh na trialacha curtha i gcrích go rathúil, socróidh na Páirtithe an dáta cur i bhfeidhm go comhpháirteach, chomh luath agus is féidir, sa Chomhchoiste nó trí mhalartú litreacha.

FOSCRÍBHINN 9

TUARASCÁIL ÓN mBREATHNÓIR EOLAÍOCHTA

Ainm an bhreathnóra: .....

An soitheach: ..... Náisiúntacht: .....
Claruimhir agus calafort clárúcháin: .....
Comhartha aitheantais: ....., Tonnáiste: ..... GT, Cumhacht: ..... hp
Ceadúnas: ..... n : ..... Cineál: .....
Ainm an mháistir: .....Náisiúntacht: .....
.....

Chuaigh an Breathnóir ar bord: Dáta: ....., Calafort: .....
Chuaigh an Breathnóir i dtír: Dáta: ....., Calafort: .....

Modh iascaireachta arna údarú: .....
Trealamh a úsáideadh: .....
Méid na mogall agus/nó toisí: .....
Limistéir iascaireachta: .....
An fad ón gcósta: .....
An líon ball criú ar bord ar Máratáinigh iad: .....
Dearbhú maidir le dul isteach sa limistéar iasaireacha ...../...../..... agus imeacht as ...../...../.....

Measchán an bhreathnóra

Táirgeadh foriomlán (kg): ....., arna dhearbhú sa logleabhar iascaireachta/ sa logleabhar: .....
Foghabhálacha: speicis ....., ráta measta: .....%
Éisc aischurtha: Speicis: ....., cainníocht (kg): .....

Speiceas a coimeádadh						
Cainníocht (kg)						
Speiceas a coimeádadh						
Cainníocht (kg)						

Torthaí an bhreathnóra:		
Cineál na dtorthaí:	Dáta	Suíomh.

Barúlacha an bhreathnóra (go ginearálta):.....
.....
.....
.....

Arna dhéanamh i
....., an.....

Síniú an bhreathnóra .....

Barúlacha an Mháistir
.....
.....
.....
Cóip den tuarascáil a fuarthas an ..... Síniú an Mháistir.....

An tuarascáil curtha ar aghaidh chuig .....
Cáilíocht: .....

FOSCRÍBHINN 10

SONRAÍ TEAGMHÁLA D'ÚDARÁIS INNIÚLA AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA MÁRATÁINE

Cuirfidh na Páirtithe sonraí teagmhála na gcomhlachtaí éagsúla a liostaítear thíos ar aghaidh ag an gcéad chruinniú den Chomhchoiste.

AN tAONTAS EORPACH

An Coimisiún Eorpach – Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta (AS MARE)

- Toscaireacht an Aontais Eorpaigh – Nouakchott (an Mháratáin)

AN MHÁRATÁIN

- an Aireacht Iascaigh agus Geilleagair Mhuirí
- Garda Cósta na Máratáine
- Stiúrthóireachtaí Muirí Réigiúnacha

FOSCRÍBHINN 11
Maraithe ón Máratáin a chlárú

1. An líon maraithe ón Máratáin a cheanglaítear a ghlacadh ar bord

1.1. Is mar seo a leanas don íosmhéid maraithe ón Máratáin atá le glacadh ar bord i gcomhréir le mír 1 de Chaibidil IV den Iarscríbhinn seo.

(a) i gcás báid saighneoireachta tuinníní, duine amháin in aghaidh an tsoithigh;

(b) i gcás soithí tuinníní cleithe agus dorú líne agus báid spiléar tuinníní, triúr in aghaidh an tsoithigh;

(c) i gcás soithí séaclaí agus soithí grinnill, 60 % den chriú, arna shlánú síos, gan oifigigh (máistir an tsoithigh, máistir cúnta nó máistir cósta, innealtóir cúnta agus príomhinnealtóir) san áireamh san fhigiúr sin;

(d) i gcás na dtrálaer peiligeach uile, 60 % den fhoireann a mbeidh baint acu le dualgais táirgthe (sa mhonarcha, pacáistiú agus reo), mar a léirítear ar phlean criú an tsoithigh arna fhormhuiniú go cuí ag údarás inniúil an stáit brataí.

I gcás ina gceanglaítear beirt bhreathnóirí a thógáil ar bord, déanfar duine den bheirt a asbhaint ón íosmhéid maraithe ón Máratáin;

(e) arna iarraidh ó údaráis na Máratáine, spreagfar clárú oifigeach faoi oiliúint sa Mháratáin chun tacú le beartas oiliúna agus cáilíochtaí na hAireachta. I gcás ina gcláraíonn úinéir an tsoithigh oifigigh faoi oiliúint ón Máratáin, bainfear líon na n-oifigeach sin den íosmhéid maraithe ón Máratáin a cheanglaítear faoi na míreanna roimhe seo.

1.2. Féadfaidh úinéir soithigh iascaireachta dá dtagraítear i mír 1.3(d) leas a bhaint as an líon maraithe ón Máratáin a cheanglaítear i gcomhthéacs córais rothlaithe ar bord/ar tír atá doiciméadaithe agus a bheartaítear i gcomhar leis an údarás muirí, faoina gceadaítear don úinéir an soitheach iascaireachta a bhainistiú go freagrach agus go héifeachtach, i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh ag an stát brataí faoin dlí náisiúnta agus i gcomhréir le dlí an Aontais.

1.3. I gcomhréir le mír 4 de Chaibidil IV den Iarscríbhinn, ní mór don mháistir taifead a choinneáil de na maraithe atá ag obair ar bord an tsoithigh trí bhíthin liosta criú arna shíniú go cuí ag an máistir nó ag duine eile atá údaraithe ag an máistir. Ní mór an liosta den chriú a choinneáil cothrom le dáta agus na sonraí seo a leanas ar a laghad a bheith ann maidir le gach iascaire:

(a) grád nó aicmeach cabhlaigh;

(b) náisiúntacht;

(c) dáta agus ionad breithe;

(d) cineál agus uimhir an doiciméid aitheantais.

1.4. Bunófar an chigireacht chomhlíontachta le ceanglais mhír 1 ar an liosta de chriú an tsoithigh iascaireachta Aontais tráth na cigireachta, ar liosta é arna tharraingt suas agus arna shíniú ag an máistir, nó ag duine eile a bheidh údaraithe ag an máistir.

2. Ceanglais maidir le rochtain maraithe ón Máratáin ar shoithí iascaireachta Aontais

2.1. Áiritheoidh an Aireacht go n-áireofar sa liosta dá dtagraítear i mír 2 de Chaibidil IV den Iarscríbhinn sonraí maidir le gach iascaire, ina dtabharfar ar a laghad: a shloinne agus a ainm breithe, a dháta breithe, a áit bhreithe, a cháilíochtaí agus doiciméid iascaireachta, agus a thaithí.

2.2. Áiritheoidh an Aireacht go gcomhlíonfaidh gach maraí a chláraítear sa liosta dá dtagraítear i mír 2 de Chaibidil IV den Iarscríbhinn na ceanglais seo a leanas ar a laghad:

(a) cur amach aige ar stór focal na sábháilteachta i gceann de na teangacha oibre seo a leanas: Fraincis, Spáinnis nó Béarla;

(b) pas bailí ón Máratáin ina sheilbh;

(c) leabhar maraí Máratáineach nó doiciméad coibhéiseach ina sheilbh;

(d) deimhniú bailí aige a léiríonn go bhfuair sé bunoiliúint maidir le sábháilteacht ar muir do phearsanra soithí iascaireachta i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta reatha, go háirithe Coinbhinsiún STCW-F na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Phearsanra Árthaí Iascaireachta;

(e) deimhniú leighis bailí ina sheilbh lena bhfianaítear go bhfuil sé oiriúnach chun a dhualgais a chomhlíonadh ar bord soithí iascaireachta agus lena sonraítear nach bhfuil aon ghalair ná neamhoird thógálacha air a d'fhéadfadh sábháilteacht agus sláinte daoine eile ar bord a chur i mbaol; ní foláir an scrúdú leighis a sheoladh i gcomhréir leis na caighdeán idirnáisiúnta a bheidh i bhfeidhm agus ní foláir scrúduithe X-ghathanna le haghaidh eitinne a bheith san áireamh ann;

(f) taifead a bheith ina sheilbh aige, a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den leabhar nó den doiciméad dá dtagraítear i mír 2.2(c), ina sonraítear na scileanna atá faighte aige agus ainm agus cineál gach soithigh iascaireachta ar oibrigh sé air, chomh maith lena ghrád nó a fheidhm ar bord agus fad a sheirbhíse ar bord;

(g) deimhniú a bheith aige a fhianaíonn go bhfuil eolas aige ar cheann de na teangacha a luaitear i mír (a) thuas;

(h) cóip bhunaidh ina sheilbh, agus í sínithe go cuí, dá chonradh fostaíochta mar mharaí;

(i) aon doiciméid bhreise a bheith ina sheilbh arna gceangal ag stát brataí an tsoithigh iascaireachta nó ag úinéir an tsoithigh iascaireachta.

2.3. Déanfar gach doiciméad dá dtagraítear i mír 2.2(c) go (i), go huile, a eisiúint i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla Phoblacht Ioslamach na Máratáine nó na tíre eisiúna agus beidh aistriúchán go Béarla ag gabháil leis.

2.4. I gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta reatha, ní mheasfar gach doiciméad dá dtagraítear i mír 2.2(c) go (i) a bheith bailí ach amháin sa chás go gcomhlíonann sé mír 2.3 go huile, gur síníodh é go cuí agus nach bhfuil sé imithe in éag tráth na bordála, agus sa chás gur áirithigh stát brataí an tsoithigh iascaireachta go gcomhlíonann an oiliúint nó an scrúdú ar eisíodh an doiciméad ina leith ceanglais an stáit brataí go huile.

Chun na críche sin, ceadóidh an Mháratáin d'oifigigh arna gceapadh ag an stát brataí na measúnuithe agus na hiniúchtaí riachtanacha a sheoladh ar a chríoch. I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, rachaidh Ballstáit an Aontais i gcomhar le chéile chun na cúraimí ag éirí as an mír seo a chur i gcrích ar mhaithe leis an ualach riaracháin ar Phoblacht Ioslamach na Máratáine a mhaolú.

2.5. Déanfaidh maraithe ón Máratáin na doiciméid a liostaítear i mír 2.2 a thíolacadh don mháistir arna iarraidh sin chun go ndéanfar cigireacht orthu. Féadfaidh an máistir cóipeanna de na doiciméid sin a choimeád chun críocha riaracháin.

2.6. Tá sé de cheart ag úinéir an tsoithigh iascaireachta, nó ag an máistir atá ag gníomhú thar ceann an úinéara, cead a dhiúltú do mharaí ón Máratáin dul ar bord soitheach iascaireachta an Aontais sa chás nár comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2.2 go 2.4.

3. Conarthaí fostaíochta do mharaithe na Máratáine

Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, sna conarthaí sin:

(a) sloinne agus céadainm nó céadainmneacha an mharaí, dáta breithe nó aois, agus áit bhreithe;

(b) áit agus dáta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

(c) ainm agus uimhir chláraithe an tsoithigh iascaireachta nó na soithí a ngeallann an maraí dul i mbun oibre air nó orthu;

(d) ainm an fhostóra nó ainm úinéir an tsoithigh iascaireachta nó ainm an pháirtí eile sa chomhaontú;

(e) an cháil ina mbeidh an t-iascaire fostaithe nó an obair a mbeidh sé ag gabháil di;

(f) más féidir, an dáta agus an áit a gceanglaítear ar an iascaire teacht i láthair chun dul ar bord le haghaidh seirbhíse;

(g) méid phá an mharaí nó, sa chás go n-íoctar sciar de na fáltais leis, cion céatadánach an mharaí agus an modh ríofa, nó, sa chás gur córas pá measctha atá in úsáid, méid an phá, an sciar céatadánach agus an modh ríofa, agus aon phá íosta arna chomhaontú;

(h) foirceannadh an chomhaontaithe agus na coinníollacha a bhfuil sé faoina réir, eadhon:

(i) i gcás comhaontú a tugadh i gcrích ar feadh tréimhse chinnte, an dáta a socraíodh dá dhul in éag;

(ii) i gcás comhaontú a tugadh i gcrích le haghaidh turais, an calafort ceann scríbe comhaontaithe a dtiocfaidh deireadh leis an gcomhaontú agus léiriú i dtaobh cé chomh fada tar éis an ceann scríbe sin a bhaint amach a scaoilfear leis an iascaire;

(iii) i gcás comhaontú a tugadh i gcrích ar feadh tréimhse éiginnte, na coinníollacha faoinar féidir le ceachtar páirtí an comhaontú a fhoirceannadh, agus an tréimhse fógra a éilítear, ar tréimhse í nach mbeidh níos giorra don fhostóir, d'úinéir an tsoithigh iascaireachta ná d'aon pháirtí eile seachas don iascaire;

(i) cosaint i gcás breoiteacht, gortú nó bás an iascaire ag éirí as cúrsaí oibre;

(j) an méid saoire bliantúil le pá nó an fhoirmle a úsáidtear chun saoire a ríomh, i gcás inarb infheidhme;

(k) an cumhdach agus an sochar sláinte agus slándála sóisialaí a bheidh le cur ar fáil don iascaire ag an bhfostóir, ag úinéir an tsoithigh iascaireachta nó ag páirtí eile i gcomhaontú fostaíochta an iascaire, de réir mar a bheidh;

(l) teidlíocht an iascaire ar aisdúichiú;

(m) tagairt don chomhaontú cómhargála, i gcás inarb infheidhme;

(n) na tréimhsí scíthe íosta.

4. Faisnéis atá le soláthar don Aireacht

4.1. Déanfaidh gach stát brataí de chuid an Aontais an Aireacht a chur ar an eolas, trí liosta arna bhunú agus arna chothabháil ag an Aontas, faoina údarás inniúil dá dtagraítear i mír 2.4.

4.2. I bhfianaise mhír 2.2(d) agus (h), cuirfidh an stát brataí an Aireacht ar an eolas go cuí, tríd an Aontas, faoina cheanglais maidir le haon doiciméid bhreise atá le bheith i seilbh maraithe a chláraítear nó a fhostaítear ar bord soithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain acu.

4.3. Coinneoidh úinéir an tsoithigh iascaireachta, nó an gníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an úinéara, an Aireacht ar an eolas faoi na hiascairí ón Máratáin a tógadh ar bord an tsoithigh chun a bheith ag obair trí bhíthin liosta an chriú dá dtagraítear i mír 1.3.

4.4. Cuirfidh an Aireacht admháil shínithe ar fáil d'úinéir an árthaigh iascaireachta, nó don ghníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an úinéara, a luaithe a fhaigheann sí an fhaisnéis a leagtar amach i mír 4.3.

4.5. Seolfaidh úinéir an tsoithigh iascaireachta, nó an gníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an úinéara, cóip de chonradh fostaíochta an iascaire go díreach chuig an Aireacht laistigh de 2 mhí tar éis a shínithe.

4.6. Cuirfidh an Aireacht admháil shínithe ar fáil d'úinéir an árthaigh iascaireachta, nó don ghníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an úinéara, a luaithe a fhaigheann sí an chóip de chonradh fostaíochta an iascaire i gcomhréir le mír 4.5.

IARSCRÍBHINN II

AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE FORMHEAS A DHÉANAMH AR MHODHNUITHE AR AN bPRÓTACAL ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE

I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste modhnuithe ar an bPrótacal a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Phrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, údarófar don Choimisiún na modhnuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(1) Áiritheoidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an méid seo a leanas maidir leis an bhformheas:

(a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

(b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann comhbhainistiú arna dhéanamh ag Stáit chósta;

(c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.

(2) Sula ndéanfaidh an Coimisiún modhnuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh an gcruinniú ábhartha den Chomhchoiste.

(3) Déanfaidh an Chomhairle meastóireacht féachaint an gcomhlíontar leis na leasuithe atá beartaithe na critéir a leagtar síos i bpointe 1 den Iarscríbhinn seo.

(4) Mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na modhnuithe atá beartaithe, líon is comhionann le mionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, formheasfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais iad. Má tá mionlach blocála den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, do na modhnuithe atá beartaithe.

(5) Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, cuirfear an cheist ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí (2) go (4), chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

(6) Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá chun cur chun feidhme an chinnidh sin a thíolacadh.

A mhéid a bhaineann le hábhair eile nach mbaineann le modhnuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Phrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.